

Tuarascáil Bhliantúil 2020



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*



CLÁR NA N-ÁBHAR

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ETB DHÚN NA NGALL

Focal ó Chathaoirleach ETB Dhún na nGall	4
Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach	6
Príomhfheidhmeannach agus Comhaltaí ETB Dhún na nGall 2020	7
Comhdhéanamh an Bhoird	8
Taifid Tinrimh do Chomhaltaí Boird 2020	9-10
An dóigh a n-oibríonn an Bord	11
Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach	12
Cad a dhéanann muid; an áit a bhfuil muid	13
Léarscáil Seirbhíse	14

2020 - 'Lean ar Aghaidh'

Ag dul ar aghaidh lenár dtrí phríomhthéama	15
--	----

Roinnt príomhfhiúirí do 2020

Líon na mac léinn de réir earnála	16
Clárú mac léinn inár n-iar-bhunscoileanna	17
Clárú FET	18

Eochairthéama I | Teagasc agus Foghlaim

Tosaíocht 1 Clár agus Seirbhísí Tacaíochta	19
Tosaíocht 2 Tionscnaimh úra	23
Tosaíocht 3 Coincheapa nua laistigh de chlár na Sraithe Sóisearaí	26
Tosaíocht 4 Scileanna inaistrithe a fhorbairt i ngach clár oideachais agus oiliúna	28
Tosaíocht 5 Caihdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú ar fud na gclár oideachais go léir	30
Tosaíocht 6 Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta	33

Eochairthéama 2 | Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach

Tosaíocht 7	Struchtúir eagrúcháin úra	35
Tosaíocht 8	Ceanglais reachtacha agus rialachais	37
Tosaíocht 9	Comhtháthú Oideachais agus Oiliúna, agus Seirbhísí Comhroinnte	40
Tosaíocht 10	Deiseanna foghlama agus tacaíochtaí do bhaill foirne	45
Tosaíocht 11	Teicneolaíochtaí úra a úsáid le tacaíocht agus forbairt eagraíochtúil a fheabhsú	47
Tosaíocht 12	Straitéis chumarsáide	49

Eochairthéama 3 | Ag obair le Comhpháirtithe

Tosaíocht 13	Ag tógáil ar chaidrimh le hoibriú i dtreo comhspríocanna	60
Tosaíocht 14	Tacaíocht do ghníomhaíochtaí oibre ógra ar fud an chontae	64
Ionad Oiliúna agus Oideachais Allamuigh Ghartáin		66
Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall		67

Corparáideach

COVID 19	69
Seirbhísí Corparáideacha	70
Soláthar	70
Clár Forbartha Caipitil	71
Nochtuithe Cosanta	73
Saoráil Faisnéise	73
RGCS	73
Sláinte, Sábháilteacht agus Leas	74
Polasaithe agus Nósanna Imeachta	74

Coistí

An Coiste Iniúchta agus Riosca	75
An Coiste Airgeadais	76
An Coiste Oibre Ógra	77
Giorrúcháin	78
Aguisíní	79



Ár bhFís

Sármhaitheas maidir le seirbhís oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán agus foghlaimoirlárnach a sheachadadh.

Ár Ráiteas Misin

Oideachas agus oiliúint inrochtana agus ionchuiimsitheach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis sin i dtimpeallacht shábháilte chomhbhách a chuireann ar chumas daoine óga agus aosaigh iad féin a chumhachtú lena lánacmhainneacht a bhaint amach.

#IsMuidETBDhúnnanGall

RÉAMHRÁ

An tUasal Geoffrey Browne, Cathaoirleach



Bhí an-áthas orm a bheith tofa mar Chathaoirleach ETB Dhún na nGall don bhliain 2020. Ba mhór an onóir dom a bheith roghnaithe agus tacaíocht a fháil ó mo Chomhchomhaltaí Boird; bhí muinín acu asam maidir le dualgais an Chathaoirligh a chomhlíonadh.

Is é ETB Dhún na nGall an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó i nDún na nGall. Bainistíonn sé cúig cinn déag de na seacht mbunscoil is fiche sa chontae agus is Comhpháirtí Iontaobhaí é do na hocht scoil Phobail agus Chuimsitheacha sa chontae. Is é an soláthraí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) is mó sa chontae é, bainistíonn sé Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin, Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall agus tá freagrachtaí dlíthiúla air maidir le hObair Ógra. In 2020, bhain níos mó ná 19,960 mac léinn leas as oideachas agus oiliúint trí scoileanna, ionaid, cláir agus seirbhísí an Bhoird.

Is cúis áthais dom thar ceann an Bhoird an Tuarascáil Bhliantúil do 2020 a chur i láthair agus an obair a baineadh amach le linn 2020 a thaispeáint agus machnamh a dhéanamh uirthi. Tá ár spriocanna san áireamh inár Ráiteas Straitéise, “Lean ar Aghaidh” agus inár bPlean Seirbhíse do 2020.

Ba bhliain dheacair í 2020 do chách ach dár mBord bhí deacracht bhreise againn mar gheall gur chaill muid comhalta dílis a raibh ardmheas air nuair a d’imigh Noel Rodden ar shlí na fírinne i mí na Samhna. Bhí tiomantas agus dúthracht Noel d’ETB Dhún na nGall mar Chomhalta Boird agus mar bhall foirne eiseamláireach agus tá cumha ar gach duine a raibh aithne aige air ina dhiaidh.

Sa bhliain 2020 fosta chuaigh Stiúrthóir OSD Jim McGlynn ar scor i ndiaidh dó clú a tharraingt air féin le linn a ghairmréime rathúla le ETB Dhún na nGall. Guíonn muid gach sonas ar Jim agus go deimhin ar gach duine atá éirithe as; tá súil againn go mbainfidh siad sult as a dtréimhse scoir. Gabhann muid buíochas ó chroí leo as an obair iontach a rinne siad dár n-eagraíocht agus don tseirbhís phoiblí.

Mar Chathaoirleach, ní raibh mé ábalta freastal ar roinnt imeachtaí mar gheall ar an phaindéim agus ba chúis díomá é sin ach bhí an t-ádh orm go raibh deis agam freastal ar chuid de na searmanais bhronnta FET sular tugadh srianta isteach agus bhain mé taitneamh as oícheanta ar an Chlochán Liath, i mBealach Féich agus ar an Bheart i mí Eanáir agus i mí Feabhra, áit ar bhuaill mé le mic léinn ó raon réimsí clár chun a gcuid éachtaí a cheiliúradh.

Bhí an t-ádh orm go bhfuair mé an deis bualadh lenár CE, le Stiúrthóirí agus le Bainisteoirí Sinsearach a i mí Eanáir. Áiríodh sa seimineár sin seisiúin ar Rialachas agus Neartú Foirne agus chuir gach duine a d’fhreastail fáilte mhór roimh na seisiúin.

Príomhdhúshlán d’ETB Dhún na nGall ba ea dul chun cinn a dhéanamh ar an phróiseas chun suíomh a fháil don Champas Trí Scoil do Choláiste Cranncha, Coláiste Chineál Eoghain agus Gaelscoil Bhun Cranncha agus lean an obair sin ar aghaidh le linn 2020 leis an fhógra ón Roinn Oideachais ar 03.11.20 go raibh ordú ceannaigh éigeantaigh (CPO) á chur i bhfeidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall maidir le suíomh. Cuireadh fáilte

mhór roimh an scéal agus tá muid ag tnúth le deireadh tráthúil an phróisis agus tús na gcéimeanna dearaidh agus pleanála.

Tá lúcháir orm a fheiceáil go bhfuil feabhas mór á chur ar ár gcumarsáid agus ar ár mbrandáil i gcónaí agus tá ár bhfreastal ar na meáin shóisialta agus ar chainéil meán eile ag feabhsú i gcónaí. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach mar go gcaithfidh muid iarracht a dhéanamh i gcónaí ceangal a dhéanamh le saoránaigh Chontae Dhún na nGall, go háirithe le linn na tréimhse seo nuair nach raibh sé riamh níos tábhachtaí ceangal lena chéile.

Ba bhliain an-sásúil í i ról an Chathaoirligh. Bliain thar a bheith bisiúil a bhí ann mar in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann de dheasca na paindéime; d'éirigh go geal linn mar gheall ar an idirghníomhaíocht agus an obair lenár réimse leathan eagraíochtaí comhpháirtíochta, an Comhairleoir Rena Donaghey, Leas-Chathaoirleach, Baill an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus a foireann thiomnaithe.

Bhí ar an Bhord gach cruinniú dá chuid ach ceann amháin le linn 2020 a reáchtáil ar líne agus cé nach raibh muid ag déanamh gur mar sin a bheadh an Bord úr ag socrú isteach, is teist iontach é do gach duine a bhí bainteach gur lean gnó an Bhoird ar aghaidh le linn 2020 agus gur baineadh na spriocanna tábhachtacha uilig amach i ndiaidh díospóireacht agus plé cuiditheach agus spéisiúil a dhéanamh ar *Google Meet*. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt fosta don bhealach dhearfach a ghlac foireann ETB Dhún na nGall leis na hathruithe ar chleachtas oibre a bhí de dhíth nuair a thosaigh paindéim Covid 19. Is teist é ar thiomantas ár bhfoirne iontaí d'ETB Dhún na nGall agus do shaoránaigh Dhún na nGall.

Dearbhaím go bhfuil ETB Dhún na nGall ag déanamh dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas cothrom le dáta den Chód Cleachtas um Rialachas ETBanna ina chleachtas agus ina nósanna imeachta rialachais ar fud na heagraíochta.

Admhaím go bhfuil freagracht ar ETB Dhún na nGall an Tuarascáil Bhliantúil seo agus na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a chur le chéile. Bunaithe ar an eolas atá ar fáil don Bhord, measaim, thar ceann an Bhoird, go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus gnóthaí an Bhoird i láthair mar is ceart. Dearbhaím fosta gur chomhlíon ETB Dhún na nGall a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Dearbhaím go gcloíonn muid le Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair ETB Dhún na nGall agus dearbhaím gur forbraíodh Plean Soláthair Chomparáidigh trí bliana agus gur cuireadh i bhfeidhm é.

Mar Chathaoirleach an Bhoird, dearbhaím go bhfuil muid ag cloí le ceanglais chuí Cód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA/DPER).

Mar fhocal scoir, dearbhaím gur cuireadh Tuarascáil Rúnda Cathaoirligh faoi bhráid an Aire / na Roinne Oideachais.

Réamhrá - Anne McHugh, Príomhfheidhmeannach



Ní raibh 2020 cosúil le bliain ar bith eile agus, gan dabht, chuaigh an phaindéim i bhfeidhm ar ETB Dhún na nGall ar roinnt mhaith bealaí. Ba é an príomhfhócas a bhí againn i gcónaí ná leanúint le seirbhísí agus folláine ár bhfoirne agus ár bpobal foghlama. Chuir muid fáilte roimh roinnt ball foirne úr le linn 2020 agus cé go bhféadfadh sé sin a bheith dúshlánach, fuair gach ball foirne úr leibhéal ard tacaíochta chun cuidiú leo socrú isteach ina róil úra. Lean muid gach comhairle ón Rialtas agus ó FSS agus muid ag dul i ngleic leis an ghéarchéim a chruthaigh an phaindéim; ní fhacthas a leithéid riamh roimhe agus bhí an scéal ag athrú i gcónaí. Lean Cianteagasc Éigeandála ar feadh an chuid is mó de 2020 cé go raibh ár scoileanna oscailte ó Mheán Fómhair go Nollaig. Ghlac ár gcuid mac léinn Ardteistiméireachta páirt i Samhail na nGrád Ríofa agus cuireadh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí ar ceal agus rinneadh measúnú scoilbhunaithe ina n-áit. Níor éirigh linn mórán dul chun cinn a dhéanamh i roinnt mhaith réimsí le linn 2020 agus muid ag freagairt do COVID 19 ach tháinig go leor torthaí dearfacha chun cinn ón tréimhse dheacair sin: chuir roinnt mhaith ball foirne lena gcuid scoileanna maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus réitigh TF néalbhunaithe do seirbhísí riaracháin.

Gan amhras chuir COVID 19 leis na neamhionannais atá ann inár sochaí ach tá muid sásta a thuairisciú go ndearna foireann ETB Dhún na nGall a gcuid dualgas agus i bhfad níos mó ná sin agus iad ag obair gan staonadh chun na neamhionannais sin a mhaolú. Gabhaim buíochas ó chroí le cách as an dóigh ar dhéileáil sibh leis na cúinsí an-deacra le linn 2020. Ba chúis mhór imní daoibh na mic léinn agus na pobail a bhfreastalaíonn sibh orthu.

Nuair a bhog an saol ar líne bhí áthas orainn a bheith in ann roinnt imeachtaí a óstáil. Ina measc siúd bhí ár Seimineár bliantúil maidir le hOideachas Pobail ar an 11 Nollaig agus Ceolchoirmeacha Nollag DMEP ar an 21 Nollaig chomh maith le dámhachtainí scoile agus searmanais bhronnta Ardteistiméireachta. Ní raibh Lá Náisiúnta Folláine an Ionaid Oibre ar an 1 Bealtaine riamh níos ábhartha go hiorónta toisc gur áiteanna oibre a bhí inár dtithe i gcónaí.

Bhí ríméad ar ETB Dhún na nGall leanúint ag obair i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí le linn 2020, go háirithe na LYIT seo a bhfuil dlúthchaidreamh comhthairbheach againn leo a fheabhsaíonn deiseanna dár gcuid mac léinn agus foirne. Leanann an Braisle Breisoideachais agus Ardoideachais Trasteorann ag déanamh dul chun cinn ar a chlár oibre a bhfuil sé mar aidhm aige stádas Réigiún Chathair an Iarthuaiscirt a ardú maidir le cobhsaíocht eacnamaíoch agus nuálaíocht ionas go mbeidh ár ndaoine óga ábalta fanacht ann le haghaidh a gcuid oideachais agus a ndeiseanna oibre uilig.

Tá obair shuntasach déanta ag ETBI ar éiteas agus ar bhunluachanna ár scoileanna agus tá ETB Dhún na nGall ag glacadh páirte san obair sin a chuirfidh go mór le seasamh na scoileanna agus a bhfuil i gceist leo: scoileanna stáit, scoileanna comhoideachais agus scoileanna il-sainchreidmheacha ag feidhmiú leis na bunluachanna seo a leanas: barr feabhais san oideachas, cúram, comhionannas, meas agus pobal.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le baill Choiste na Tuarascála Bliantúla as a gcuid oibre iontaí, mionsonraithe agus beachte agus an doiciméad seo á chur le chéile: Andy McGovern, Cróna Gallagher, Martin Gormley, Brenda Boyle, Sandra Buchanan, Martin McGinley, Eileen Dennison agus Liz Potter.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas lenár gCathaoirleach, an tUasal Geoffrey Browne agus le baill Bhord ETB Dhún na nGall as a dtacaíocht agus a spéis leanúnach i ngach rud a dhéanann muid le freastal ar phobail Chontae Dhún na nGall.

Príomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall

Príomhfheidhmeannach: Anne McHugh

Cathaoirleach / Leaschathaoirleach Bhord ETB Dhún na nGall

Bord ETB Dhún na nGall		
Ainm	Teideal	Foras Ainmniúcháin
An tUasal Geoffrey Browne	Cathaoirleach	Cumann Náisiúnta Tuismitheoirí
An Clr Rena Donaghey	Leaschathaoirleach	An tÚdarás Áitiúil

Cathaoirleach/Leaschathaoirleach Choistí an Bhoird

An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca		
Ainm	Teideal	Foras Ainmniúcháin
An tUasal Kevin Huston	Cathaoirleach	Ball Seachtrach

An Coiste Airgeadais		
Ainm	Teideal	Foras Ainmniúcháin
An tUasal Patsy McVicar	Cathaoirleach	Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha

An Coiste Oibre Ógra		
Ainm	Teideal	Foras Ainmniúcháin
An tUasal Geoffrey Browne	Cathaoirleach	Cumann Náisiúnta Tuismitheoirí
Lorraine Thompson	Leaschathaoirleach	Obair d'Ógra Éireann

Ionadaíocht agus Cruinnithe

- Is é cúig bliana téarma oifige ETB Dhún na nGall (2019-2024).
- Tagann an Bord le chéile go rialta - timpeall uair amháin gach sé seachtaine. In 2020, tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire.
- De ghnáth toghtar an cathaoirleach agus an leaschathaoirleach gach bliain.
- Ceapann ETB Dhún na nGall 4 dá chomhaltaí boird nó a n-ionadaithe ar gach bord bainistíochta ar scoileanna agus coláistí ETB Dhún na nGall do théarma oifige an bhoird.
- Ceaptar 4 chomhalta boird ar Bhord Rialaithe LYIT.
- Suíonn comhaltaí ar choistí éagsúla de chuid an Bhoird fosta, go príomha Coiste na nÓg, An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus An Coiste Airgeadais.

Comhdhéanamh an Bhoird

Tá 21 comhalta ar an Bhord a toghadh faoi fhorálacha Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 mar seo a leanas: -

Comhaltaí Bhord ETB Dhún na nGall					
	TEIDEAL	AINM	SLOINNE	Catagóir	Foras Ainmniúcháin
12 Chomhalta arna dtoghadh ag an Údarás Áitiúil (Comhairle Contae Dhún na nGall) Alt 30 (I) (a) An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013					
1	An Clr	Albert	Doherty		Comhairle Contae Dhún na nGall
2	An Clr	Barry	Sweeny		Comhairle Contae Dhún na nGall
3	An Clr	Donal	Coyle		Comhairle Contae Dhún na nGall
4	An Clr	Gary	Doherty		Comhairle Contae Dhún na nGall
5	An Clr	Ian	McGarvey		Comhairle Contae Dhún na nGall
6	An Clr	John Sheamais	Ó Fearraigh		Comhairle Contae Dhún na nGall
7	An Clr	Martin	Harley		Comhairle Contae Dhún na nGall
8	An Clr	Martin	Farren		Comhairle Contae Dhún na nGall
9	An Clr	Michael	McBride		Comhairle Contae Dhún na nGall
10	An Clr	Noel	Jordan		Comhairle Contae Dhún na nGall
11	An Clr	Noreen	McGarvey		Comhairle Contae Dhún na nGall
12	An Clr	Rena	Donaghey		Comhairle Contae Dhún na nGall
2 Chomhalta is comhaltaí d'fhoireann an bhoird oideachais agus oiliúna. Alt 30 (I) (b) Comhaltaí Foirne a toghadh					
13		Joanne	Donaghy	Ionadaí Foirne	Tofa ag an Fhoireann
14	An tUasal	Noel	Rodden *	Ionadaí Foirne	Tofa ag an Fhoireann
2 Chomhalta ar Ionadaithe Tuismitheoirí iad. Alt 30 (I) (c) arna ainmniú ag Cumann Náisiúnta Tuismitheoirí					
15	An tUasal	Geoffrey	Browne	Ionadaí Tuismitheoirí	Cumann Náisiúnta Tuismitheoirí
16		Lorraine	Doherty	Ionadaí Tuismitheoirí	Cumann Náisiúnta Tuismitheoirí
5 Chomhalta arna gceapadh de réir fho-alt Alt 30 (I) (d) (II) Ó Chomhlachtaí Ainmnithe a bhfuil sainspéiseanna / réimsí speisialaithe acu mar atá sonraithe ag an Aire					
17		Lorraine	Thompson	Obair d'Ógra Éireann	Forais Ainmniúcháin/Spéis Faoi Leith
18	An tUasal	Patsy	McVicar	Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha	Forais Ainmniúcháin/Spéis Faoi Leith
19	An tUasal	Gerard	Grant	IBEC	Forais Ainmniúcháin/Spéis Faoi Leith
20		Regina	Grant	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas	Forais Ainmniúcháin/Spéis Faoi Leith
21	An tUasal	Brian	McDermott	Institiúid Fáilteachais na hÉireann	Forais Ainmniúcháin/Spéis Faoi Leith

Taifid Tinrimh do Chomhaltaí Boird an ETB 2020

Seo a leanas ainmneacha Chomhaltaí an Bhoird mar aon le taifead ar líon na gcruinnithe Boird a tionóladh agus sonraí na dtaifead tinrimh ag gach cruinniú.

	17/02/20	27/03/20	11/05/2020	13/07/2012	21/09/2020	21/09/2020 Oireachtas	19/10/2020	07/12/2020	Iomlán
An Clr Albert Doherty		•	•	•	•	•	•	•	7
An Clr Barry Sweeny	•	•	•	•	•	•	•	•	8
An Clr Donal Coyle	•	•	•	•	•	•	•	•	8
An Clr Gary Doherty	•	•	•		•	•	•	•	7
An Clr Ian McGarvey	•						•	•	3
An Clr John Shéamuis Ó Fearraigh	•	•	•	•	•	•	•	•	8
An Clr Martin Harley	•	•	•	•	•	•	•	•	8
An Clr Martin Farren	•								1
An Clr Michael McBride	•	•	•	•	•	•	•	•	8
An Clr Noel Jordan	•	•		•	•	•	•	•	7
An Clr Noreen McGarvey		•	•	•	•	•	•	•	7
An Clr Rena Donaghey	•	•	•	•	•	•	•	•	8
Lorraine Doherty	•	•	•	•			•	•	6
Geoffrey Browne	•	•	•	•	•	•	•	•	8
Joanne Donaghy	•	•	•	•	•	•	•	•	8

Noel Rodden	•	•	•	•	•	•	•	*	7
Lorraine Thompson	•	•	•	•	•	•	•	•	8
Patsy McVicar	•	•	•		•	•	•	•	7
Gerard Grant	•	•		•	•	•	•	•	7
Regina Grant	•	•	•	•	•	•	•	•	8
Brian McDermott		•	•				•		3
Iomlán	18	19	17	16	17	17	20	18	

* Noel Rodden RIP 17/11/20



Noel Rodden - Teachtaireacht Ómóis

Fuair ball de Bhord ETB Dhún na nGall agus múinteoir Cumasóige bás go tobann ar an 17 Samhain 2020.

Fostaíodh Noel mar mhúinteoir, i dtosach san Ionad Oiliúna Cumasóige agus san Ionad Oiliúna do Bhaill Níos Sine den Lucht Siúil i Leitir Ceanainn agus ina dhiaidh sin, go dtí a bhás anabái, inár nIonad Cumasóige i Leifear. Bhí an-dúil ag baill foirne agus ag mic léinn araon i Noel agus bhí meas mór ag gach duine air a raibh de phléisiúr acu bualadh leis nó oibriú leis. Bhí sé dírithe ar a chuid oibre agus rinne sé gach iarracht i gcónaí a dhícheall a dhéanamh do na mic léinn agus do na baill foirne. Rinne Noel i bhfad ní ba mhó ná mar a bhí de dhualgas air a dhéanamh trí ionadaíocht a dhéanamh don fhoireann mar bhall gníomhach d'Aontas Múinteoirí Éireann (TUI) áit a raibh sé ina Rúnaí agus ina Chathaoirleach ar Bhrairse Dhún na nGall a dhéanann ionadaíocht do na baill foirne teagaisc inár scoileanna dara leibhéal uilig agus ionaid Bhreiseoideachais agus Oiliúna (FET). Roghnaigh na baill foirne Noel d'aon ghuth le bheith ina Chomhalta de Bhord ETB Dhún na nGall ó 2014 go dtí 2019 agus atoghadh d'aon ghuth é in 2019 leis an dara téarma a dhéanamh.

Ina theannta sin bhí Noel ina Chomhalta ar an Bhord Bainistíochta sna scoileanna seo a leanas: Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth; Pobalscoil Chloich Cheannfhaola, An Fál Carrach; Pobalscoil Loreto, Baile na nGallóglach agus Pobalscoil na Rosann, An Clochán Liath.

Thug Noel díograis, dearfacht, dúthracht agus tiomantas do gach réimse dá chuid oibre, ionadaíochtaí agus plé le comhghleacaithe, le mic léinn agus le tuismitheoirí agus bhí meas mór ag cách air; beidh cumha mór orainn uilig ina dhiaidh.

Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

An dóigh a n-oibríonn an Bord

Bunaíodh ETB Dhún na nGall an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus oibríonn sé de réir na nithe seo a leanas:

- An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013
- An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013
- An Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (CL 0002/2019)
- Buanorduithe ETB Dhún na nGall (Deireadh Fómhair 2013)
- Ciorcláin agus Treoir na Roinne Oideachais
- Treoracha agus Treoir eile ó Ranna Rialtais agus ó SOLAS

Tá feidhmeanna an Bhoird ina bhfeidhmeanna feidhmiúcháin nó ina bhfeidhmeanna forchoimeáda. Is é an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin agus is é an Bord a chomhlíonann na feidhmeanna forchoimeáda. Tá feidhmeanna forchoimeáda leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Glactar leis go bhfuil gach feidhm de chuid an ETB nach Feidhm Fhorchoimeáda í ina Feidhm Feidhmiúcháin faoi Alt 13 den Acht.

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire i rith na bliana féilire, agus cloíonn sé lena Fheidhmeanna Forchoimeáda mar a fhorordaítear in Alt 12 agus é i mbun a ghnó. Áirítear leis na feidhmeanna sin, *inter alia*, glacadh le Plean Seirbhíse Bliantúil agus Tuarascáil Bhliantúil, ceadú na gCuntas Bliantúil, Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchta agus Riosca a cheapadh mar aon le Ráiteas Straitéise cúig bliana a cheadú de réir Alt 27 den Acht. I Sceideal 3 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, leagtar amach sonraí breise maidir le feidhmeanna an Bhoird agus an dóigh a dtéann sé i mbun a chuid gnó. Níor tharmlig an Bord aon chuid dá chinnteoireacht don Phríomhfheidhmeannach agus d'Fheidhmeannas an ETB.

Ceanglaítear le halt 51 den Acht sin ar an ETB gach cuntas ceart agus is gnách a choinneáil i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáíochta a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí den airgead a fuair sé nó a chaith sé.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Bhord:

- (a) na gnáthpholasaithe cuntasáíochta a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an ETB a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin réasúnta ciallmhara a dhéanamh
- (c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le réasún cruinneas staid airgeadais an Bhoird ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gComhlíonann Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach fosta as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir leis an chalaíocht agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus gnóthaí an Bhoird i láthair go cuí.

Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach

Déantar maoirseacht an Bhoird ar Bhainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach de réir fhorálacha Alt 7 den Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna agus faigheann an Bord tacaíocht agus cúnaimh sa réimse freagrachta sin ó Fheidhmeannas an ETB, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus an Choiste Airgeadais faoi seach.

Tá an Bord ag brath fosta ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) agus a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil C&AG agus aon Iniúchadh seachtrach mar Iniúchadh CSE/ESF agus / nó Iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Rinne an Bord measúnú ar a rioscaí agus, maidir leis sin, fuarthas agus breithníodh tuarascálacha ón Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus ó Fheidhmeannas an ETB. Áiríodh sa bhreithniú sin an t-athbhreithniú neamhspleách a rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Measúnú Riosca ar na Cláir Riosca éagsúla a cuireadh i láthair agus na bearta maolaithe gaolmhara atá i bhfeidhm faoi láthair mar aon le tuarascálacha ó Fheidhmeannas an ETB, an dréachtráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC), an dréacht-Litir Ionadaíochta (LoR) agus dréacht-Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire. Ghlac an Bord leis an chomhairle fhoirmiúil ón Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca (ARC) go raibh an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus cheadaigh an Bord an dréacht SIC, LoR agus Ráiteas Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire don bhliain 2020.

Tá Tuarascáil chuimsitheach rúnda an Chathaoirligh curtha faoi bhráid an Aire Oideachais de réir fhorálacha Ailt 6.8 agus 6.9 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas ETBanna.

In 2020, tháinig athruithe ar chleachtais oibre seanbhunaithe chun cinn mar thoradh ar thionchar COVID-19, lena n-áirítear aistriú chuig méid suntasach cianoibre. Bhí sé tábhachtach an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar oibriú chóras na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm i rith na bliana a mheas. Leanadh de chomhlíonadh na mbeartas, na nósanna imeachta agus na sreafaí oibre atá ann cheana sa timpeallacht chianoibre. Tionóladh cruinnithe nuashonraithe, monatóireachta agus athbhreithnithe laethúla agus seachtainiúla lena chinntiú go rabhthas ag cloí go hiomlán leis na riachtanais oibríochta agus reachtacha atá ann cheana. Nuashonraíodh cláir riosca chun sainathint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar riosca a bhaineann le COVID-19.

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2020 a fhoilseofar laistigh de mhí i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Cad a dhéanann muid



Déanann ETB Dhún na nGall bainistíocht ar chúig bhunscoil déag. Mar chuid den chúig scoil déag, is Gaelcholáistí iad dhá cheann acu agus tá ceithre scoil Ghaeltachta ann, dhá cheann acu ina scoileanna Oileáin, ar Árainn Mhór agus ar Thoraigh.

Tá seacht sainionad déag ag an tseirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) atá lonnaithe i nGort an Choirce, Gaoth Dobhair, Bun Cranncha, Gleann Gad, Baile Dhún na nGall (Ardcoil agus Drumcliff), Leitir Ceanainn (Baile Raithin, Bóthar Chill Mhic Réanáin agus Ard Uí Dhónaill), Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Cumasóige Leifir, Cumasóige Bhun Cranncha agus Gleann na Finne. Cuirtear clár Iar-Ardteistiméireachta (PLC) ar siúl i dtrí scoil ETB: Coláiste an Eargail, Gairmscoil Chaitríona, na Cealla Beaga agus Coláiste Ghleann na Finne. Oibríonn an tseirbhís FET i gcomhar le 140+ comhlacht pobail, deonach, reachtúil agus príobháideach lena clár a sheachadadh ar fud an Chontae.

Tugann an tSeirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh eolas neamhchlaonta, rúnda agus comhairle do dhaoine fásta ar na roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ó ETB Dhún na nGall agus in áiteacha eile.

Tá suíomh ar dóigh ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin dá chuid oibre - eastát 87 acra le háiseanna agus cóiríocht fhairsing ar bhruacha Loch Gartáin, 15 km ó Leitir Ceanainn.

Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) teagasc ceoil ar fáil do dhaltáí bun scoile agus meánscoile agus do roinnt daoine fásta ar fud an chontae; áiríonn an teagasc sin an guth agus réimse leathan uirlisí. Tá 10 dtaibhgrúpa ag an DMEP fosta, ar a n-áirítear *Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall*.

Soláthraíonn comhordaitheoir atá lonnaithe ag oifigí riaracháin ETB Dhún na nGall i Leitir Ceanainn réimse cúrsaí ar Staidéar ar Dhrugaí agus Alcól ar fud Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh.

Reáchtálann ETB Dhún na nGall Clár Críochnaithe Scolaíochta fosta faoi choimirce TUSLA, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Clár Teagmhála Baile is Scoile.

Soláthraíonn ETB Dhún na nGall clár seirbhísí oibre ógra ar fud an chontae faoi stiúir Oifigeach Óige.

Oibríonn ETB Dhún na nGall le comhpháirtithe mar Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Dhún na nGall, Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall, agus an Chomhairle le cuidiú le straitéisí a chur le chéile don chontae.



etb

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board



Léarscáil Scoile - Ar deiseal ó Bhun an Phobail

1.	Coláiste Pobail Bhun an Phobail	Bun an Phobail
2.	Coláiste Cranncha	Bun Cranncha
3.	Coláiste Chineál Eoghain	Bun Cranncha
4.	Coláiste Ailigh	Leitir Ceanainn
5.	Coláiste an Eargail	Leitir Ceanainn
6.	Coláiste na Daoile,	Ráth Bhoth
7.	Coláiste Ghleann na Finne,	Srath an Urláir
8.	Gairmscoil Chú Uladh	Béal an Átha Móir
9.	Gairmscoil na Mainistreach	Baile Dhún na nGall
10.	Coláiste Mhaigh Éne	Bun Dobhráin
11.	Gairmscoil Chaitriona	Na Cealla Beaga
12.	Coláiste na Carraige	An Charraig
13.	Gairmscoil Mhic Diarmada	Oileán Árann Mhóir
14.	Coláiste Phobail Cholmcille	Oileán Thoráí
15.	Coláiste na Maoile Rua	Baile na nGallóglach

Ionaid FET - Ar deiseal ó Ghleann Gad

1.	Ionad Cumasóige	Gleann Gad
2.	Ionad FET Bun Cranncha	Bun Cranncha
3.	Ionad Cumasóige Bun Cranncha	Bun Cranncha
4.	Ionad FET Leitir Ceanainn	Leitir Ceanainn
5.	Coláiste an Eargail (PLC)	Leitir Ceanainn
6.	Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn	Leitir Ceanainn
7.	Ionad Cumasóige	Leitir Ceanainn
8.	Ionad Cumasóige	Leifear
9.	Ionad FET Srath an Urláir	Srath an Urláir
10.	Coláiste Ghleann na Finne (PLC)	Srath an Urláir
11.	Ionad FET Droim Chliabh	Baile Dhún na nGall
12.	Ionad FET Ardscoil na gCeithre Máistrí	Baile Dhún na nGall
13.	Ionad FET Baile Átha Seanaidh	Baile Átha Seanaidh
14.	Gairmscoil Chaitriona (PLC)	Na Cealla Beaga
15.	Ionad Oiliúna Gaoth Dobhair	Gaoth Dobhair
16.	Ionad FET Gort a'Choirce	Gort a'Choirce
17.	Ionad FET Baile na nGallóglach	Baile na nGallóglach

Oideachais Allamuigh/Oideachais Ceoil

1. Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Chartáin
2. Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

'Lean ar Aghaidh' - ag bogadh ar aghaidh in 2020

Threoraigh eochairthéamaí a phlean cúig bliana ETB Dhún na nGall i rith 2020; clúdaíonn an plan an tréimhse 2017-2022 agus tugtar 'Lean ar Aghaidh', nó 'Keep Moving Forward' air. Tá trí eochairthéama sa phlean.

Eochairthéamaí:


- 1. Teagasc agus Foghlaim**
- 2. Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach**
- 3. Ag Obair le Comhpháirtithe**



Tionchar a imirt - na figiúirí

Líon iomlán na mac léinn in 2020 de réir earnála


Iar-Bhunscoileanna & Coláistí	5,262
Breisoideachas & Oiliúint	8,707
OETC Ghartáin	4,131
Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil	1,860
IOMLÁN	19,960



Clárú mac léinn in iar-bhunscoileanna agus i gcoláistí 2020

Teastas Sóisearach	2370
Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh	520
Clár na hIdirbhliana	489
Ardteistiméireacht	615
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	149
Gairmchlár na hArdteistiméireachta	958
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	161

IOMLÁN 5,262



An Líon Iomlán ar an Rolla in 2020 (Breisoideachas agus Oiliúint)


An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	558
Seirbhís Treorach do Dhaoine Fásta	1,697
Oideachas Bunata	2,531
Aitheantas Réamhfhoghlama	174
Seirbhísí Oiliúna *	1,101
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	180
Cumasóige	160
Oideachas Pobail	1,673
Cláir Ranganna Oíche	0 **
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	161 ***
Rannpháirtíocht Fiontraíochta	472

IOMLÁN 8,707

* *Printíseachtaí, Ranganna Oíche, Cúrsaí Oiliúna, Oiliúint i Sainscileanna,*

** *Níor tharla sé de bharr shrianta COVID-19.*

*** *Liostaithe fosta faoi fhiigiúirí na scoile.*



EOCHAIRTHÉAMA I

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

TOSAÍOCHT I

Cláir oideachais agus oiliúna a thairiscint le seirbhísí tacaíochta laistigh de thimpeallachtaí teagaisc agus de thimpeallachtaí foghlama agus a chinntiú go bhfreastalaíonn na cláir sin ar riachtanais na ndaoine, na sochaí agus an gheilleagair, riachtanais atá ag athrú go tapa.

TORADH

Cuirtear cláir oideachais fhreagracha ar fáil i ngach scoil, coláiste agus ionad laistigh de thimpeallachtaí teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán.

Ar an 12 Márta 2020, fógraíodh go ndruidfí scoileanna, réamhscoileanna, suíomhanna breisoideachais agus ardoideachais ar feadh tréimhse go dtí an 29 Márta 2020 le tacú le hiarrachtaí chun scaipeadh COVID 19 a choinneáil faoi smacht. Leathnaigh an druidim sin go dtí deireadh na bliana acadúla 2019-2020. Mar gheall ar cé chomh tobann agus a bhí an druidim bhí aistriú éigeandála ó theagasc traidisiúnta go teagasc agus foghlaim ar líne. Cé go raibh scileanna maithe ag roinnt múinteoirí maidir le teagasc agus foghlaim ar líne, bhí ar roinnt mhaith acu cur lena gcuid scileanna. Bhí na cúinsí dothuartha agus neamhghnách do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do thuismitheoirí, i gcomparáid le heispéireas foghlama dea-phleanáilte ar líne. Ag eascairt as druidim na scoileanna, is cinnte go n-athróidh an teagasc agus an fhoghlaim nuair a bheidh an phaindéim thart, agus oscailt súl a bhí ann maidir leis an ghá le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú níos mó i bpróisis oideachais. Bhí baill foirne réamhghníomhach maidir leis an dóigh ar thug siad faoi dhúshlán na foghlama ar líne agus chinntigh siad gur éirigh go maith leis an chianteachas agus leis an chianfhoghlaim.

Bhí athruithe suntasacha ann i réimse an chreidiúnaithe do mhic léinn Ardteistiméireachta in 2020. Tugadh Gráid Ríofa isteach mar thoradh ar athsceidealú na scrúduithe Ardteistiméireachta go dtí Samhain 2020. Cuireadh na gráid sin ar fáil do mhic léinn i ndiaidh anailís a dhéanamh ar dhá fhoinsé: faisnéis scoile faoi fheidhmíocht ionchasach scoláire i scrúdú agus sonraí náisiúnta a bhí ar fáil maidir le feidhmíocht scoláirí i scrúduithe thar thréimhse ama. Chuir lucht bainistíochta agus baill foirne na scoileanna cuid mhaith ama isteach lena chinntiú go n-éireodh le próiseas na ngrád ríofa.

Ar an 10 Aibreán, nuair a fógraíodh go bhfanfadh scoileanna druidte go dtí go dtabharfaí fógra breise dóibh, d'fhógair an tAire Oideachais fosta go gcuirfí scrúduithe agus measúnuithe scoilbhunaithe in ionad scrúduithe stáit na Sraithe Sóisearaí a bhí le reáchtáil i mí an Mheithimh agus go reáchtálfai go luath sa scoilbhliain úr iad. I ndiaidh do scoileanna aighneachtaí a dhéanamh, athraíodh an socrú sin agus bhí scoileanna in ann deiseanna measúnaithe a sholáthar do dhaltáí 3ú Bliana i mBealtaine 2020 agus thuairiscigh siad orthu tríd an phríomhthuarascáil scoile.

Le linn na paindéime agus cé gur druideadh scoileanna agus ionaid bhí sé tábhachtach gur thug baill foirne aird ar a gcuid folláine agus féinchúraim féin agus gur ghlac siad céimeanna réamhghníomhacha maidir leis sin. Thuairiscigh baill foirne ar bhonn leanúnach go raibh caidreamh le comhghleacaithe riachtanach dá bhfolláine agus dá bhféinchúram. Lean an fhoireann orthu ag fanacht i dteagmháil le comhghleacaithe agus le cairde agus bhí sé sin riachtanach le tacú le folláine le linn ghéarcheim

COVID 19. Ar an dóigh chéanna léiríodh go gcuireann na caidrimh a bhí ag an fhoireann lena gcuid mac léinn go dearfach le folláine múinteoirí agus mac léinn.

I mí an Mhárta 2020 agus i gcaitheamh na coda eile den bhliain, thug an tseirbhís FET réimse socruithe modhnaithe isteach le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe mar fhreagairt ar shrianta a bhaineann le COVID 19. Cuid lárnach de na hoiriúnuithe go léir ba ea an t-aitheantas gur ghá tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a oiread agus is féidir chun leanúint ar aghaidh lena gcuid foghlama agus/nó a chríochnú fad is a bhí freagra COVID 19 ar siúl agus nár cheart go mbeadh siad faoi mhíbhuntáiste míchuí, moilliú nó stopadh ina ndul chun cinn. Bogadh an teagasc agus an fhoghlaim go léir ar líne i Márta 2020 agus leanadh ar aghaidh le leaganacha éagsúla de sin ar feadh na coda eile den bhliain. I measc na bpleananna teagmhasacha a cuireadh i bhfeidhm bhí: forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis cumarsáide lena chinntiú gur cuireadh mic léinn agus baill foirne ar an eolas faoi shocruithe malartacha agus gur coinníodh suas chun dáta iad, go háirithe maidir le seachadadh agus measúnú; réimse leathan clár forbartha gairmiúla ar líne don fhoireann le cur ar a gcumas bogadh chuig teagasc i dtimpeallacht fhíorúil ag úsáid ardáin foghlama éagsúla; baill foirne teagaisc agus oiliúna ag forbairt agus comhroinnt acmhainní nua oiriúnacha; tacaíochtaí breise do mhic léinn leochaileacha nach raibh ábalta a bheith rannpháirteach go cianda, lena n-áirítear pacáistí foghlama a ullmhú agus a dháileadh agus teagmháil rialta teileafóin; measúnuithe riosca ar gach áis FET agus oiriúnuithe ina dhiaidh sin chun riachtanais sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh; gléasanna TFC a chur ar fáil don fhoireann, do mhic léinn agus do phrintísigh a raibh siad de dhíth orthu; idirghabhálacha treorach úra ar líne a fhorbairt agus a sheachadadh; agus teagmhálacha a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe seachtracha lena n-áirítear fostóirí agus grúpaí pobail. Tugadh aird chuí i gcónaí ar rialachas agus maoirseacht thrédhearcach a choinneáil maidir le próisis úra a fhorbairt. Cheadaigh an Chomhairle Cáilíochta Plean Teagmhasach FET do Mheasúnú Malartach ar an 16 Aibreán 2020 agus rinneadh é a nuashonrú le linn na bliana, ag cinntiú na tuisceana bunúsaí nach mbronnar cáilíochtaí ach ar bhonn bailíochta agus torthaí foghlama a ndéantar measúnú iontaofa orthu, fiú amháin i gcúinsí eisceachtúla.

Bogadh oiliúint printíseachta chuig seachadadh cianda i Márta 2020, gan aon seachadadh ar an láthair go dtí Meán Fómhair. Fostaíodh foireann teagaisc bhreise shealadach le hoibriú in éineacht le teagascóirí a bhí ann cheana chun dhá “boilgeog” teagaisc bheaga a chruthú laistigh de gach grúpa, duine amháin ag gabháil do theagasc sa seomra ranga agus duine amháin in oiliúint phraiticiúil ag aon am faoi leith. Níos déanaí, baineadh atharraíocht as ceardlanna le spásanna seachadta breise a chur ar fáil, le ligean don dá ‘bhoilgeog’ leanúint ag obair ar na gnéithe praiticiúla dá gcúrsa ag an am céanna ach laistigh de limistéir scoite ar leith. Mar gheall ar na hoiriúnuithe sin bhí muid ábalta na mic léinn uilig a choinneáil ar gach cúrsa printíseachta Céim 2 idir Meán Fómhair agus Nollaig 2020 agus ina dhiaidh sin.

Lean an clár LATCH-ON ar aghaidh d’ochtar daoine fásta a bhfuil Siondróm Down orthu in 2020; díríonn an clár sin ar scileanna saoil agus ar thras-scileanna. Chuaigh COVID 19 i bhfeidhm ar an chúrsa toisc nár oirfeadh seachadadh ar líne do riachtanais an ghrúpa go han-mhaith. Lean an Clár Athlonnaithe Dídeanaithe ar aghaidh in dhá shuíomh, Baile Dhún na nGall agus Srath an Urláir. Thacaigh an clár le sealbhú teanga agus litearthachta agus chomhtháthaigh sé príomhghnéithe de chultúr na hÉireann do theaghlai gh dídeanaithe ón tSiria atá i ndiaidh socrú isteach i nDún na nGall.

Le linn 2020, ghlac 558 mac léinn páirt i 34 cúrsa um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) a tairgeadh ar bhonn modúlach agus a seachadadh ar líne den chuid is mó. Áiríodh sa réimse cúrsaí QQI Leibhéal 5 ECCE (Cúram Leanaí) agus QQI Leibhéal 6 ECCE (Cúram Leanaí) -12 chúrsa; Scileanna Seirbhíse Sláinte QQI Leibhéal 5 (Modúil) -6 chúrsa; CETR/ECDL, IC3, agus Leabharchoimeád Láimhe agus Ríomhairithe-8 gcúrsa; Dearadh Grafach-2 chúrsa (críochnaithe Meán Fómhair 2020); Foghlaim Ghinearálta Leibhéal 4-Scileanna Eolaíochta, A2A agus Ardteistiméireacht-4 chúrsa; Gairneoireacht -1 chúrsa. Reáchtáladh cúrsa modúlach úr maidir le Faisnéis, Comhairle agus Abhcóideacht i gcomhar le

hlonad Acmhainní Chomhdháil na gCeardchumann i Leitir Ceanainn le cuidiú le hoifigigh faisnéise ionchasacha dul chun cinn ina ngairmeacha beatha agus cuirfear i láthair é le haghaidh measúnaithe i mBealtaine 2021.

In 2020, d'eisigh QQI 3721 dámhachtain do mhic léinn FET i 17 n-ionad. Fuair 581 mac léinn Mórdámhachtainí, fuair 3,027 Miondámhachtainí agus fuair 113 dámhachtainí Sainchuspóireacha. Bronnadh na dámhachtainí is fearr sna réimsí Scileanna Gnó, Ríomhaireacht agus Scileanna Seirbhíse Sláinte. Fuair líon suntasach mac léinn dámhachtainí ó fhorais cháiliúcháin eile agus dámhachtainí atá deimhnithe ag earnáil na tionsclaíochta.

Soláthraíonn seirbhís síceolaíochta ETB Dhún na nGall tacaíocht chomhoibritheach do mhic léinn, don fhoireann agus do thuismitheoirí sna scoileanna, cláir Cumasóige agus cláir Oideachais Aosaigh. I measc na bpríomhréimsí cleachtais tá tacaíocht a sholáthar do dhaoine óga agus do mhic léinn níos sine maidir le riachtanais speisialta oideachais, iompar dúshlánach agus deacrachtaí sóisialta agus mothúchána. Déantar go leor oibre comhairliúcháin le béim ar phleananna oideachais a fhorbairt agus a athbhreithniú, dul i mbun obair ghrúpa agus forbairt beartais a éascú i réimsí mar phleanáil theagmhasach teagmhas criticiúil agus measúnú struchtúrtha don fhoghlaim. Éilíonn go leor den obair líonrú leathnaithe le seirbhísí sláinte agus eile agus forbraíodh cur chuige comhoibrithe dlúth agus rathúil le gníomhaireachtaí a bhfuil láithreach acu i scoileanna. Sa chás go ndéantar obair mheasúnaithe aonair, tá sé mar aidhm aici tacú le thuismitheoirí, go foirmiúil agus go neamhfoirmiúil, trí sheisiúin faisnéise réamh-mheasúnaithe ghairmiúla agus aiseolas iar-mheasúnaithe a sholáthar mar aon le moltaí maidir le riachtanais daoine óga atreoraithe. Cuirtear forbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus tacaíocht neamhfoirmiúil ar fáil go díreach do bhaill foirne laistigh de na hionaid agus na scoileanna. I measc na dtacaí sin tá:

1. Nósanna imeachta maidir le measúnú foirmiúil a fhorbairt;
2. Oiliúint a chur ar fáil i dtástálacha litearthachta agus uimhearthachta;
3. Cuir chuige scoile uile a fhorbairt i leith disciplín;
4. Pleananna Oideachais Aonair a Fhorbairt;
5. Straitéisí a fhorbairt chun oibriú le daoine óga a bhfuil riachtanais foghlama bhreise acu;
6. Measúnuithe síceolaíochta a dhéanamh nuair a rachaidh siad chun leasa fhorbairt shóisialta, mhothúchána agus acadúil na mac léinn ar bhonn leanúnach;
7. Comhtháthú mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a éascú;
8. Pleananna maidir le Teagmhas Criticiúil a Fhorbairt;
9. Measúnú breise a dhéanamh le cuidiú le daoine óga aistriú chuig cláir bhreiseoideachas nó oiliúna.



TOSAÍOCHT 2

Na tionscnaimh úra a bhaineann le Ceannaireacht Theagascach, Cleachtais Aisiríocha, Comhoibriú idir Múinteoirí, Foghlaim Le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL), Ionduchtú agus Meantóireacht a chomhtháthú isteach i gclár úra.

TORADH

Caighdeáin fheabhsaithe sa teagasc agus san fhoghlaim i scoileanna, i gcoláistí agus in ionaid.

Clár Ceannaireachta Treorach

Bhí baint ag cuid dár scoileanna in ETB Dhún na nGall leis an Chlár Ceannaireachta Treorach agus leis an NCCA agus iad ag féachaint ar *Ghuth na Mac Léinn*. Chuidigh an tionscadal le hoibriú amach an dóigh a bhfuil baint ag scoileanna leis an turas maidir le héascaíocht a dhéanamh ar éisteacht le guth na mac léinn. An aidhm a bhí leis ná eolas ciallmhar a thabhairt do chleachtas an tseomra ranga agus an mac léinn a chur i lár na foghlama, bunchloch de chlár na Sraithe Sóisearaí. Tá múinteoirí ag roinnt a dteanga teagaisc le mic léinn chun comhráite a éascú m.sh., comhchruthú critéar rathúlachta, measúnú fiúntach, stíleanna foghlama srl.

Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) & FET

Chuir Comhordaitheoir TEL agus Grúpa Oibre TEL *Plean Gníomhaíochta FET TEL 2020* i bhfeidhm, rud a chumasaigh forbairt agus meantóireacht na foirne maidir le teicneolaíocht a úsáid sa seomra ranga lena chinntiú go gcuirfeadh tionscnaimh TEL i bhfeidhm go rathúil sa tseirbhís FET. Eisíodh r-nuachtlitir ráithiúil ag cur tionscnaimh TEL chun cinn agus ag leagan amach dea-chleachtais. D'éirigh go hiontach le seimineár TEL (sraith seachtaine de sheimineáir ghréasáin idirghníomhacha) arna seachadadh ag foireann ETB Dhún na nGall agus saineolaithe agus ceannairí seachtracha i réimse na teicneolaíochta sa seomra ranga agus d'fhreastail 376 cleachtóir FET air thar 5 lá. Léirigh sé go soiléir na féidearthachtaí a bhaineann le foghlaim fhíorúil, rud atá tábhachtach i gcontae mór tuaithe go háirithe mar Dhún na nGall.

Chuidigh comhoibriú teagascóirí agus forbairt Pobail Cleachtais le hábhar a fhorbairt do mhodúil sna réimsí seo a leanas: Saoránacht Dhigiteach, Cumarsáid, Matamaitic agus Taithí Oibre. Baineadh úsáid as *Google Sites* mar ardán chun ábhar a óstáil, leis an chumas tráth na gceist, físeáin *YouTube* a leabú agus nasc a dhéanamh le *Google Drive* agus *Google Classroom*. Chuir sé sin ar chumas na foirne cleachtais agus acmhainní digiteacha a nascadh agus a roinnt ar fud clár agus oibriú i gcomhar le chéile ar thionscnamh nuálach teagaisc agus foghlama. Cinntíonn rolladh amach rathúil Tacaíochta Meantóireachta TEL go bhfuil Meantóir TEL ainmnithe ag gach Ionad FET chun tacaíocht agus treoir a sholáthar do chleachtóirí eile. Tá Meantóirí TEL ar fáil chun treoir agus tacaíocht a thairiscint do chomhghleacaithe ar bhealach neamhbhreithiúnach. Tá an t-aiseolas ón fhoireann ar fheabhas. Is tionscnamh rathúil é sin chun smaointe agus dea-chleachtas a roinnt i measc comhghleacaithe.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar úsáid cuir chuige TEL le tacú le teagasc agus foghlaim le linn COVID 19, tionóladh ceardlanna ar fud na seirbhíse FET (lena n-áirítear le SMT FET, Grúpa Oibre TEL, Fochoiste TEL, cleachtóirí FET, páirtithe leasmhara seachtracha agus mic léinn) le creat maidir leis an Foghlaim Chumaisc a fhorbairt sa toadhcháil.

Ó mhí an Mhárta 2020 i leith tá baill foirne agus mic léinn sa tseirbhís FET ag gabháil do 'Cianteachas Éigeandála' (ERT) agus tá cleachtais TEL mar bhonn agus taca ag an chur chuige sin go príomha. Ag amharc ar an am atá ag teacht, beidh sé tábhachtach na cuir chuige sin a ghlacadh agus leas a bhaint as an acmhainneacht lenár bhfoireann agus mic léinn a fhorbairt agus tacú leo, de réir mar is cuí, trí fhoghlaim chumaisc a úsáid. Tá an tseirbhís tar éis tosú (i gcomhairle le *H2 Learning*) ar chreat a fhorbairt don Foghlaim Chumaisc mar fhreagairt ar na deiseanna agus na dúshláin a bhí curtha i láthair ag an ERT le haghaidh teagaisc agus foghlama a tharla le linn COVID 19.

Bonneagar TFC

Ceannaíodh sraith de *Chromebooks* do gach Ionad Cumasóige i ndiaidh do Shuirbhé Digiteach SELFIE 2019/2020 a aithint go raibh easpa gléasanna laistigh den soláthar. Fuarthas 250 ríomhaire glúine & 300 *Chromebook* faoin *Scéim Iasachta Gléasanna do Mhic Léinn faoi Mhíbhuntáiste*. Chuir leithdháileadh na ngléasanna rochtain ar fáil do mhic léinn, rud a chuir ar a gcumas a bheith rannpháirteach sa Chiantegasc agus sa Chianfhoghlaim Éigeandála. Chuir maoiniú ó bhuiséad TEL mar aon le maoiniú a ceadaíodh ón *Chiste um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú* mol digiteach i 4 ionad FET le cuidiú agus tacú le mic léinn agus teagascóirí páirt iomlán a ghlacadh sa teagasc agus san fhoghlaim trí spásanna foghlama atá inrochtana go hiomlán a sholáthar. Bhí léitheoir C-Pen feistithe i ngach Ionad FET chun teicneolaíocht chúnata a sholáthar do mhic léinn a bhfuil Disléicse orthu. Le cur ar chumas na foirne mic léinn a mhealladh le réimse éagsúil uirlisí TEL a úsáid chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú agus tacú le rannpháirtíocht mac léinn, ceannaíodh ceadúnais bogearraí síntiúis éagsúla mar *Mentimeter*, *Padlet*, *Wordwall* agus *Survey Monkey*. Tá níos mó scoileanna ag úsáid gléasanna soghluaiste anois i seomraí ranga seachas ríomhairí pearsanta deisce. Chomh maith leis sin bhí *Chromebooks* ina rogha costéifeachtach seachas ríomhairí glúine mar thug siad roghanna malartacha do scoileanna chun tacú le cianfhoghlaim. D'iarr baill foirne go n-úsáidí acmhainní méadaithe lena chinntiú go mbeadh rochtain ag baill foirne ar an trealamh riachtanach chun TFC a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim.

Cleachtais Aisiríocha

Lean ETB Dhún na nGall lena chuid oibre ar mhórtionscadal cleachtas aisiríoch, a dhírigh ar bhealaí nua chun caidrimh a bhainistiú agus déileáil le coimhlintí i scoileanna agus in ionaid Cumasóige. Fuair an tionscadal €200,000 de mhaoiniú PEACE IV an AE i mí na Nollag 2018 le tacaíocht ó Chlár Peace IV an Aontais Eorpaigh agus á bhainistiú do Chomhlacht Cláir Speisialta an AE (SEUPB) ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Reáchtáladh é ó 2019 go luath i mí an Mhárta 2020 nuair a bhí air druidim go luath mar gheall ar bhearta srianta COVID 19.



Bhí an tionscadal ag iarraidh caidrimh dhearfacha a fheabhsú idir daoine óga agus do dhaoine óga, baill foirne agus oibríthe deonacha, oiliúint a chur ar rannpháirtithe i gcuir chuige chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe chun cleachtais aisiríocha a úsáid agus tuiscint a fhorbairt ar bhealaí malartacha chun déileáil le coimhlintí. San iomlán, bhí os cionn 1,600 duine óg agus duine fásta ar fud an chontae páirteach i bhforbairt scileanna chun tacú leo coimhlint ina saol a réiteach.

Sa phictiúr tá mic léinn Choláiste na Daoile ag tabhairt faoi am ciorcail.

Bhí naoi gcinn déag d'iarbhunscoileanna ETB agus neamh-ETB, ionaid Cumasóige agus eagraíocht amháin oibre ógra (Foróige) ó gach cearn den chontae páirteach sa tionscadal (féach Aguisín II).



Chuir sainoiliúnóirí oiliúint ar fáil do mhic léinn, don fhoireann agus d'oibrithe deonacha, agus chuir baill foirne oiliúint bhreise ar fáil dá gcuid mac léinn agus daoine óga.

I measc samplaí den obair bhí, na mic léinn a d'fhreastail ar ionaid Cumasóige Bhun Cranncha agus Ghleann Gad ag forbairt saothar ealaíne a chuir siad isteach i breabmheirgí le taispeáint ina n-ionaid. D'fhorbair daltaí ag Coláiste na Daoile póstaer agus preabmheirgí le cur ar taispeáint thart ar a scoil go ceann i bhfad i ndiaidh don tionscadal a theacht chun deiridh. D'úsáid na daoine óga ó Fhoróige a ghlac páirt sa tionscadal na scileanna úra a d'fhoghlaim siad le físeán gearr

beochana le cleachtais aisiríocha a mhíniú do dhaoine óga eile:

<https://www.youtube.com/watch?v=Oyhh7znxAbw&list=UUNtb-UtxX5m4SbCDEA4ER7g&index=55>.



Ina theannta sin, thug ochtar is fiche ball foirne (sa phictiúr) as naoi gcinn de na hiar-bhunscoileanna rannpháirteacha agus dhá cheann de na hionaid Cumasóige faoi Theastas Iarchéime i gCleachtais Aisiríocha le hOllscoil Uladh agus chríochnaigh siad an cúrsa. Tháinig na baill foirne ó Choláiste Cranncha, Bun Cranncha (4); Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth (3); Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn (3); Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir (1); Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir (1); Pobalscoil Loreto, Baile na nGallóglaigh (1); Pobalscoil Bhun an Phobail (3); Scoil Chuimsitheach Ríoga agus Prior, Ráth Bhoth (4); Scoil Mhuire, Bun Cranncha (5); ionaid Chumasóige Bhéal Átha Seanaidh (2) agus Ghort an Choirce (1).

TOSAÍOCHT 3

Glac leis na coincheapa úra laistigh de Chlár úr na Sraithe Sóisearaí inár scoileanna, inár gcoláistí agus inár n-ionaid.

TORADH

Guth na Mac Léinn

Ghlac trí scoil páirt i dtionscadal NCCA / ETBI ag cur obair chomhoibritheach chun cinn i nGuth na Mac Léinn. Ba é cuspóir an tionscadail eispéiris na múinteoirí agus na mac léinn a roinnt, iad siúd a bhí ag iarraidh níos mó airde a thabhairt do ghuth na mac léinn sa scoil agus sa seomra ranga. Chuidigh sé fosta an tionchar a bhíonn ag cur chuige comhoibritheach ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus an éifeacht atá aige sin ar eispéiris na mac léinn sa seomra ranga a léiriú.

Gairmscoil na Mainistreach:

'Clár um Fhoghlaim chun Foghlaim' a fhorbairt chun muinín na mac léinn a fheabhsú agus Guth na Mac Léinn a chumasú.

Coláiste Cranncha:

Ag díriú ar Cheisteanna a Chur chun Guth na Mac Léinn a éascú.

Coláiste na Maoile Rua:

Ag díriú ar 'Comhchruthú Critéar Rathúlachta'

Tacaíonn Tionscnamh Comhoibrithe Múinteoirí ETB Dhún na nGall le Cianteagasc le linn Dhianghlasáil COVID 19 le cúnamh ó Chiste Barr Feabhais na Roinne Oideachais - Scoileanna Digiteacha

Tá roinnt múinteoirí i scoileanna ar fud Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) ag obair ar thionscnamh nuálach teagasc agus foghlama dar teideal 'Comhoibriú Múinteoirí – Pleanáil Curaclaim na Sraithe Sóisearaí, Cruthú Ábhar agus Comhroinnt Acmhainní'.

Tá forbairt déanta ar an tionscnamh le cúig bliana anuas agus tá físeán gairid forbartha a léiríonn an obair go dtí seo.

Tá an tionscnamh sin mar chuid de Chiste Barr Feabhais na Roinne Oideachais (DE) - Scoileanna Digiteacha a leagann béim ar na deiseanna a chuireann siad féin ar fáil nuair a bhíonn múinteoirí ag comhoibriú lena chéile.

Is é an rud atá i gceist ná grúpaí oibre múinteoirí ó dheich de na cúig iar-bhunscoil déag de chuid ETB Dhún na nGall, a thagann le chéile le comhoibriú ar ábhar teagasc cruthaitheach agus dalta-lárnach agus



táthar ag cur leis anois le baill foirne teagasc agus oiliúna ó Sheirbhís Breisoideachais agus Oiliúna an ETB a chur san áireamh.

Cuireadh fáilte mhór roimh an fhorbairt is deireanaí seo agus tá sé ag cur go mór le saineolas na heagraíochta. Bhain an tionscadal leas as an tacaíocht agus as an bhonneagar TFC ardteicneolaíochta atá in úsáid laistigh d'ETB Dhún na nGall, mar atá *G Suite for Education* a úsáideann *Google Classroom*, *Sites*, *Docs* agus *Drive*.

Mar thoradh ar dhruidim scoileanna agus ionaid FET le déanaí mar gheall ar bhearta srianta COVID 19, cuireadh béim níos mó ar chuir chuige nuálacha ar líne chun leanúnachas an teagasc agus na foghlama ar fud an chontae a chinntiú. Tá an tionscadal ag cinntiú go bhfuil roinnt mhaith múinteoirí de chuid ETB Dhún na nGall ábalta a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le teagmháil a dhéanamh le daltaí ag an am deacair seo. Ciallaíonn sé sin go bhfuil scoileanna ETB Dhún na nGall chun tosaigh sa chontae maidir le teagasc nuálach a chur ar fáil do dhaltáí ETB ina chúig iar-bhunscoil déag. Cumasaíodh an nuálaíocht sin ar dtús trí leasuithe oideachais a thabhairt isteach le déanaí, mar atá an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* agus foilsiú an chreata cáilíochta d'iar-bhunscoileanna - '*Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*'.

Aithníodh laistigh d'ETB Dhún na nGall go bhféadfadh comhtháthú na teicneolaíochta, ailínithe le cleachtais teagasc nua-aimseartha, feabhas mór a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim ina seomraí ranga agus torthaí do mhic léinn sa seomra ranga a fheabhsú ina dhiaidh sin. Chruthaigh sé an poitéinseal le deiseanna foghlama a chur ar fáil do dhaltáí trasna an churaclaim agus ar bhonn níos leithne fiú.

De réir mar a tugadh na sonraíochtaí ábhar isteach sa tSraith Shóisearach úr, socraíodh grúpa múinteoirí leasmhara, ó sheacht scoil ETB i dtús báire, i bhfoirne ábhair le sraith aonad foghlama a chruthú laistigh d'ardán le haghaidh cruthú ábhair oideachais. Forbraíodh na haonaid foghlama sin agus cuireadh ar fáil sa seomra ranga iad, áit ar bailíodh aiseolas na mac léinn, ag cinntiú go raibh glór s'acu lárnach don phróiseas maidir le heolas a dhéanamh do dhea-chleachtas amach anseo.

Léiríonn na haonaid úra a cruthaíodh ar an ardán *G Suite* don oideachas comhtháthú *Google Sites* mar an t-ardán oiliúna agus *Google Classroom* mar an t-ardán measúnaithe. Ina theannta sin ligeann *Google Classroom* do thuismitheoirí/chaomhnóirí maoirseacht a dhéanamh ar sprioc-amanna measúnuithe agus spreagann sé comhrá maidir le cuntasacht. Chomh maith leis sin, is é an príomhthiománaí measúnaithe do na haonaid oibre úra sin é.

Clár TAKE 1

Le linn 2020, ghlac ceithre cinn dár scoileanna páirt sa Chlár Take 1 a forbraíodh chun tacú le ceannairí sinsearacha, múinteoirí, agus mic léinn i scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (ETB), le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim.

Chuir an Clár Take 1 dhá dheis oiliúna ar leith ar fáil. Thug na laethanta oiliúna sin cúlra do na SDGanna agus ábhair acmhainne tacaíochta do gach ábhar i gcuraclam nua na Sraithe Sóisearaí. Tar éis na chéad oiliúna, bhí deis ag na rannpháirtithe an fhoghlaim a thaispeáint ina scoileanna faoi seach trí pháirt a ghlacadh i Seachtain Take 1.

D'éirigh go maith leis an Chlár Take 1 mar go bhfuil an fhaisnéis faoi na 17 gcuspóir ar fáil agus tá sí intuigthe. Léiríonn acmhainní don chlár an cumas atá ag gach ábhar sa tSraith Shóisearach díriú ar na Spriocanna i suíomh foirmiúil, agus an caidreamh sin a chur i ngníomh ina dhiaidh sin. Ba iad na scoileanna a bhí páirteach sa tionscadal i rith 2020: Gairmscoil na Mainistreach; Coláiste an Eargail; Coláiste na Maoile Rua agus Coláiste na Daoile.

TOSAÍOCHT 4

Forbairt scileanna inaistrithe (litearthacht, uimhearthacht, scileanna idirphearsanta, scileanna digiteacha srl.) a chomhtháthú laistigh de gach clár oideachais agus oiliúna.

TORADH


Cuireadh clár tosaigh Scileanna Digiteacha ar fáil trí EXPLORE, tionscnamh comhoibritheach idir an tseirbhís FET agus Fóram Scileanna Réigiúnacha an Iarthuaiscirt. Ghlac 25 Fostaí ó shé chomhlacht páirt sa chlár agus tairgeadh roghanna dul chun cinn chuig cláir eile ag deireadh an chláir.

Leanadh le comhtháthú scileanna inaistrithe trí sholáthar téamúil i roinnt clár a thairgtear in FET, lena n-áirítear *Cumarsáid don Ionad Oibre* (NFQ L2). Chuir *Cúram Leanai agus Cumarsáid* (NFQ L3) feabhas ar dheiseanna rochtana do chláir soláthair cúram leanai leibhéal 4 agus 5. Leanann an cultúr agus an oidhreacht ag spreagadh rannpháirtíochta agus thacaigh comhtháthú na staire le cumarsáid ag NFQ L3 le forbairt bhreise ar scileanna inaistrithe ar bhealach inrochtana.

Cuireadh ar chumas daoine fásta faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sholáthar trí chláir shaincheaptha inar chuir múinteoirí an cur chuige dearadh uilíoch don fhoghlaim (UDL) i bhfeidhm agus inar soláthraíodh teicneolaíochtaí cúnata. Chuaigh an tseirbhís FET i dteagmháil le *Cumann Náisiúnta na mBodhar*, le *Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann* agus le *Cumann Siondróm Down Dhún na nGall*. In 2020, leanadh leis an chlár *Latch-on* do dhaoine fásta a bhfuil Siondróm Down orthu. Rinne teagascóirí oilte é a sheachadadh agus d'éirigh leo forbairt scileanna saoil agus litearthachta a chomhtháthú. Lean Soláthraithe Sainoiliúna ag soláthar teagaisc ag leibhéal NFQ 3, 4 agus 5, ag tacú le comhtháthú tras-scileanna agus ag bunú líonraí sa phobal trí chaidreamh le fostóirí; leathnaíonn an cur chuige sin an líonra tacaíochta do mhic léinn chomh maith le deis a thabhairt dóibh scileanna a fhoghlaimítear sa seomra ranga a thástáil i suíomh difriúil (fíorshaol). Bunaíonn an ghné thábhachtach sin den soláthar tacaíochtaí a leanann ar aghaidh don rannpháirtí i ndiaidh dóibh a gclár foghlama a chríochnú.

In 2020, lean an tSeirbhís Treorach FET ag síneadh amach chuig mic léinn agus cliant trí thacaíocht ar líne agus teileafóin. *Bhí Tick that Box*, an acmhainn a úsáideann lucht Treorach ar fáil mar phacáiste tacaíochta do gach cliant agus ba léir gur tacaíocht luachmhar í maidir le tacú le rannpháirtíocht ar líne agus chun cuidiú le forbairt scileanna pearsanta agus scileanna ullmhúcháin agallaimh.

Tá roinnt múinteoirí i scoileanna ar fud Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) ag obair ar thionscnamh nuálach teagaisc agus foghlama dar teideal 'Comhoibriú Múinteoirí – Pleanáil Curaclaim na Sraithe Sóisearaí, Cruthú Ábhar agus Comhroinnt Acmhainní'.



TOSAÍOCHT 5

Caighdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú trasna na gclár oideachais ar fad atá againn.

TORADH

Dearbhú Cáilíochta FET agus COVID 19

Mar fhreagairt ar shrianta sóisialta a bhaineann le COVID 19, d'fhorbair agus cheadaigh an Chomhairle Cáilíochta *Beartas Teagmhais* agus nósanna imeachta gaolmhara le haghaidh socruithe modhnaithe maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú in FET in Aibreán 2020. Ba é aidhm an bheartais a chinntiú go raibh socruithe measúnaithe teagmhais chun tacú le mic léinn a gcúrsa / gclár foghlama a chríochnú trédhearcach, cothrom, iontaofa agus bailí. Rinneadh an beartas a athbhreithniú agus a nuashonrú go leanúnach le linn 2020 de réir mholtaí QQI. D'iarr QQI go ndéanfaí taighde ar thionchar COVID 19 ar mhodhuithe teagaisc, foghlama agus measúnaithe laistigh den tseirbhís FET agus foilsíodh an taighde sin i Meitheamh 2020. Fuarthas 494 freagra suirbhé. Thug baill foirne agus mic léinn cuntas ar an dóigh ar chuir easpa rochtana ar threalamh TFC, leibhéil éagsúla litearthachta digití agus drochnascacht idirlín srian ar a gcumas tabhairt faoi chianteachas, faoi chianfoghlaime agus faoi mheasúnaithe agus d'airigh siad uathu idirghníomhaíocht aghaidh ar aghaidh. Thug torthaí dearfacha le fios, áfach, gur bhraith mic léinn go raibh tacaíocht mhaith acu le linn tréimhse dheacair; thuairiscigh baill foirne méadú ar comhghleacaíocht maidir le freastal ar na riachtanais eisceachtúla arna gcruthú ag an ghéarchéim; agus thug an dá ghrúpa cuntas go raibh níos mó féinmhuiníne acu in úsáid na teicneolaíochta le haghaidh teagaisc agus foghlama ar líne. Mhóthaigh an chuid is mó acu go ndearnadh jab maith, cé nach raibh sé foirfe, i gcúinsí deacra. Tá cóip den tuarascáil taighde, *Breisoideachas agus Oiliúint ar Ardchaighdeán a Chur ar Fáil le linn Géarchéime* ar fáil [anseo](#).

Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí

Rinneadh athbhreithniú lárphointe ar *Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí (2018-2020)* idir SOLAS agus ETB Dhún na nGall i mí Feabhra 2020. Ina tuarascáil ina dhiaidh sin, léirigh SOLAS a sástacht leis an dul chun cinn a rinneadh i roinnt réimsí, lena n-áirítear dul chun cinn na seirbhíse FET maidir leis na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú a bhaint amach; teagmháil le fostóirí; líonrú agus comhoibriú le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí oideachais eile; cur chuige maidir le freastal ar riachtanais na mac léinn maidir le forbairt scileanna digiteacha; agus forbairt clár úr.

Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Críochnaíodh tionscadal taighde *Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn laistigh de sheirbhís FET ETB Dhún na nGall (Tuarascáil)* in Aibreán 2020. DMH Associates a rinne an taighde agus áiríodh ann suirbhéanna agus agallaimh le mic léinn, le baill foirne agus le páirtithe leasmhara seachtracha, agus é mar aidhm fhoriomlán aige na tacaíochtaí do mhic léinn atá ann cheana a dhoiciméadú, bearnaí a aithint agus seachadadh comhsheasmhach tacaíochta a threorú do gach mac léinn FET. Cuirfidh bearnaí i bhforbairt ghairmiúil arna sainaitheint ag an fhoireann bonn eolais faoi fhorbairt FGL/CPD don tseirbhís agus cuirfidh siad le hacmhainn na heagraíochta a fhorbairt.

Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta FET

Rinne an tSeirbhís Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta FET (QASS) obair mhór i rith 2020 mar ullmhúchán don Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta na seirbhíse FET in 2021. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha don tionscadal i mí Eanáir agus i measc na ngníomhaíochtaí réachtáladh cruinnithe faisnéise, suirbhéanna agus imeachtaí comhairliúcháin do mhic léinn, do bhaill foirne agus do pháirtithe leasmhara seachtracha ar fud an chontae; tabhairt faoi bhailiú agus anailísiú sonraí Gníomhaíochta Bonnline do gach clár agus seirbhís tacaíochta; Fóram na Mac Léinn (Feabhra); agus tuarascáil ar Phróifíl Soláthraithe a chur isteach (Samhain). D'fhorbair agus cheadaigh an Chomhairle Cáilíochta Polasaithe Comhtháite FET ar Fhaisnéis Phoiblí agus Cumarsáid agus Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL).

Forbairt agus Bailíochtú Clár

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2020 maidir le ceadú agus bailíochtú clár a chomhtháthú i struchtúir rialachais Dearbhaithe Cáilíochta FET. Tá forbairt, ceadú agus cur isteach na gclár, na gcúrsaí agus na gcáilíochtaí úra ag brath ar Fhochoiste na gClár. Ullmhaítear na cláir, na cúrsaí agus na cailíochtaí agus cuirtear faoi bhráid an fhochoiste iad; déanann an fochoiste athbhreithniú orthu agus molann siad cláir úra nó cláir leasaithe don Chomhairle Cáilíochta. Mar thoradh ar ghníomhaíocht mhéadaithe rannpháirtíochta fostóirí agus dul chun cinn roinnt tionscnamh in 2019, tugadh roinnt clár úr chun críche tríd an phróiseas QA seo. Ina measc siúd bhí forbairt cáilíochtaí le forais cháiliúcháin úra, mar shampla *Fíodóireacht Dhún na nGall*, cúrsa ag Leibhéal 6 (NFQ L5) arna chreidiúnú ag *Scottish Qualification Authority*, a thosóidh in 2021. Mar thoradh ar Phróifiliú Scileanna Ceirde le cliaintchuideachtaí, rinneadh cláir nua le forais cháiliúcháin a bhfuil caidreamh ag ETB Dhún na nGall leo a fhorbairt agus a cheadú fosta trí na struchtúir rialachais DC. Comhcheanglaíonn Cúrsa Oiliúna *City & Guilds L2 (NFQ L4)* i *Suiteáil Córas Cumarsáide* creidiúnú aitheanta le réimse deimhnithe de chuid earnáil na tionsclaíochta chun bearna i scileanna oiliúna don earnáil suiteála teileachumarsáide a chomhlíonadh. Mar chúrsa oiliúna, soláthraíonn an ghné shuntasach de shocrúchán oibre deiseanna chun dul ar aghaidh chuig margadh na fostaíochta chomh maith le cáilíocht a fháil ar leibhéal a chuireann ar chumas rannpháirtithe dul ar aghaidh chuig cáilíochtaí caighdeánacha digiteacha ardleibhéil. Cuirfear tús le hearcaíocht don chlár sin in 2021. I measc na gclár úr eile tá cúrsa don tionscal teicstíle agus faisin chun uasoiliúint a dhéanamh ar an fhoireann atá ann cheana, *Ardchúrsa Oiliúna do Theagascóirí Gníomhaíochtaí Allamuigh, Teicneolaíocht Foirgníochta QQI L5* don soláthar PLC agus *Bearbóireacht City & Guilds L2 (NFQ L4)* le haghaidh soláthar páirtaimseartha agus oíche.

Fóram na Mac Léinn FET

Mar a léiríonn ráitis Físe agus Misin ETB Dhún na nGall go soiléir, caithfidh riachtanais agus eispéiris na mac léinn a bheith i gcoilár an tsoláthair seirbhíse. Tá gá le mic léinn a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar fud na gclár oideachais agus oiliúna le haghaidh na gcéimeanna pleanála, measúnaithe agus athbhreithnithe den timthriall cáilíochta sa chóras DC comhtháite atá ag forbairt. Sa chomhthéacs sin, tionóladh Fóram dar teideal *Guth na Mac Léinn FET* i mí Feabhra 2020, ag tógáil ar imeachtaí roimhe sin a eagraíodh in 2018 agus 2019. D'fhreastail os cionn céad mac léinn ar an Fhóram, a dearadh chun eolas a fháil uathu faoina dtaithí ar an tseirbhís FET. Bhí an chuid is mó de bharúlacha na mac léinn an-dearfach, le go leor acu ag tagairt don chaighdeán shármhaith nó an-mhaith teagasc agus foghlama ina n-ionaid agus ardchaighdeán na n-acmhainní atá ar fáil. Mheas tromlach na mac léinn go raibh na múinteoirí/oidí/teagascóirí cairdiúil agus tacúil. I measc na dtuairimí diúltacha bhí an easpa aiseolais, treo doiléir maidir le coimrí measúnaithe, ábhair imní maidir le socrúcháin oibre, agus roinnt modúl / cúrsaí a bheith rófhada. Úsáideadh na sonraí a bailíodh mar chuid den ullmhúchán don chéad Athbhreithniú Cáilíochta QQI FET (2021) agus bhí siad mar chuid de thuarascáil taighde DMH fosta; cuirfear a thorthaí i bhfeidhm chun tacú le seachadadh seirbhísí comhsheasmhacha do mhic léinn. Is léir go gcuireann mic léinn luach ar dheiseanna chun a gcuid tuairimí a chur in iúl agus beidh cumas na Seirbhíse FET maidir le cumarsáid a dhéanamh lena cuid mac léinn agus éisteacht leo ag gach leibhéal rithábhachtach chun córas láidir, comhtháite Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm agus an t-eispéireas foghlama ardchaighdeán atá tuillte ag mic léinn a chur ar fáil dóibh. [Achoimre fheidhmeach ar thorthaí](#)

Éiteas agus Croiluachanna

Le linn 2020 cheap gach ETB Comhordaitheoir Éitis a bhfuil freagracht air, i gcomhar leis an Stiúrthóir Scoileanna, as Creat na bPátrún a chur i bhfeidhm ar fud scoileanna an ETB. Déanfar an Creat a phíolótú i líon beag scoileanna i ngach ETB ó 2021. Bunaithe ar fhoghlaim ón chlár píolótach, tabharfar an Creat chun críche i Meitheamh 2022 agus cuirfear i bhfeidhm é i ngach scoil de chuid an ETB (bunscoil agus iar-bhunscoil) ó Mheán Fómhair 2022. Tá an tUasal Eamonn Ryan, an t-iar-Leas-Phríomhoide i gColáiste Pobail Bhun an Phobail, i gceannas ar an obair mar Chomhordaitheoir Éitis.

Cigireachtaí ón Roinn Oideachais in 2020:

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, ní dhearnadh aon chigireachtaí ábhair ná cigireachtaí Bainistíochta, Ceannaireachta agus Foghlama le linn 2020 in ETB Dhún na nGall. Ba é fócas na gcigireachtaí a rinneadh ná filleadh slán ar scoil.

Thacaigh an Roinn Oideachais le hAthoscailt Shábháilte Scoileanna (SSRS) trí shraith cuairteanna a thabhairt ar scoileanna ETB Dhún na nGall; bhí sé mar aidhm ag na cuairteanna sin:

- tacú le ceannairí scoile agus foirne agus iad ag cur Plean Freagartha COVID 19 i bhfeidhm
- dearbhú a thabhairt don phobal gur timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama iad scoileanna do mhúinteoirí, d'fhoireann scoile eile agus do mhic léinn/dhaltaí

Scoil	Dáta
Coláiste Ghleann na Finne	20 Deireadh Fómhair 2020
Coláiste an Eargail	16 Nollaig 2020
Coláiste Pobail Bhun an Phobail	15 Nollaig 2020



TOSAÍOCHT 6

Rannpháirtíocht i *Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta* (ceithre scoil) trí chur le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil.

TORADH

Ceapadh an tUasal Patrick Queenan mar Phríomhoide (Gníomhach) ar Choláiste Pobail Cholmcille, Toraigh in 2020. Ceapadh an tUasal Gareth Doherty mar Leas-Phríomhoide (Gníomhach) don scoilbhliain 2020/21.

Tá forbairtí leanúnacha ar siúl sna ceithre scoil maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Tá freagairt an-dearfach ó mhúinteoirí, ó mhic léinn agus ó thuismitheoirí maidir le pleananna chun úsáid na Gaeilge a fhorbairt sna ceithre scoil - Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh, Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Árainn Mhór, Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir agus Coláiste na Carraige.

Bhí roinnt imní ann ag an tús sna scoileanna nach mbeadh tacaíocht iomlán na dtuismitheoirí agus na mac léinn acu. Mar sin féin, bhí na scoileanna, in ainneoin roinnt dúshlán, an-sásta leis na freagairtí dearfacha maidir le níos mó Gaeilge a úsáid i seomraí ranga agus i ngnáthchumarsáid.

Bliain na Gaeilge ETBI

Ghlac go leor dár scoileanna páirt in imeachtaí Bhliain na Gaeilge ETBI le linn 2020. Ceiliúradh ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge do gach mac léinn a bhí san imeacht sin. Bhí cruthaitheacht agus ionchuimsiú i gcroílár an chláir, ó scríobh amhrán go rapáil, scannánaíocht go léiriú raidió, scéalaíocht go tráchtairacht spóirt, ionas go mbeadh pobal na scoile uilig ábalta a bheith rannpháirteach. Thug Bliain na Gaeilge an deis do scoileanna ETB páirt a ghlacadh ar bhealach an-solúbtha, agus spreagadh mic léinn go gníomhach chun an clár a threorú agus a thiomáint ina scoil. Cuireadh tús leis an chláir ag tús na scoilbhliana 2020/21 agus bhí sé ar siúl ar feadh na scoilbhliana.

Reáchtáladh comórtas/tionscnamh úr gach mí agus bronnadh duaiseanna.





Saor

Chruthaigh baill foirne ó gach rannóg in ETB Dhún na nGall 'Saor' do 'Creative Company', mar atá, Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint (FET) agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD), mar léiriú amhairc ar ár ráiteas misin:

"Deiseanna foghlama inrochtana, ionchuimsitheacha agus iomlánaíocha a chur chun cinn, a thairiscint agus tacú leo, rud a chuirfidh ar chumas daoine óga agus aosaigh iad féin a chumhachtú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach sa tSochaí"

Bhí sé mar aidhm ag an fhoireann téama an dul chun cinn agus na gcosán atá ar fáil laistigh d'ETB Dhún na nGall a chruthú agus a léiriú. Faigheann Saor tacaíocht ó bhonn láidir a léiríonn na struchtúir dhaingne a thacaíonn leis an ETB agus léiríonn na trí phíosa adhmaid atá ceangailte le chéile, spreagtha ag imeacht na haimsire, a chaitear amuigh faoin aer inár n-ionad ag Gartán trí phríomhpháirt na heagraíochta agus a n-idircheangailteacht mar aon leis na cosáin éagsúla atá ar fáil dár gcuid mac léinn lena lánacmhainneacht a bhaint amach. Is léiriú daonna iad na sféir atá suite ar an adhmaid dár bhfoireann agus dár mic léinn ag dul chun cinn, ag dul in airde.

Focal Gaeilge is ea Saor a chiallaíonn 'free' agus mar sin d'fhéach cuid de bhaill na foirne ar an píosa mar éan ag eitilt, agus mheas daoine eile gur snámhóir é. I ndeireadh na dála, áfach, theastaigh ón fhoireann dóibh siúd a amharcann ar an píosa ealaíne a mbrí féin a bhaint as.

Léiríonn an píosa foriomlán an tsaoirse cainte atá ann do mhic léinn agus d'fhoireann laistigh de ETB Dhún na nGall.

Tá tuilleadh sonraí faoin tionscnamh sin agus na baill foirne a bhfuil baint acu leis le fáil i dTosaíocht 12 (Cumarsáid).

EOCHAIRTHÉAMA 2

EAGRAÍOCHT FHORÁSACH, CHUNTASACH

TOSAÍOCHT 7

Na struchtúir eagrúcháin úra a chur i bhfeidhm lena chur ar chumas ETB Dhún na nGall feidhmeanna úra agus feabhsaithe a chur i gcrích.

TORADH

Eagraíocht atá in ann seirbhís a chur ar fáil a bhaineann le feidhmeanna úra agus feabhsaithe d'ETBanna a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus riarachán.

Struchtúr Eagrúcháin

Cuireadh cás gnó faoi bhráid na Roinne Oideachais (RO) ag lorg foirne agus acmhainní breise atá riachtanach dar le ETB Dhún na nGall lena chuid oibre a dhéanamh agus a oibleagáidí reachtúla uilig a chomhlíonadh. Leagann an cás gnó amach na dúshlán atá roimh an ETB, réitigh mholta, agus leagtar amach na rioscaí a bhaineann le leanúint ar aghaidh ag oibriú gan na hacmhainní a iarradh. Leanann ETB Dhún na nGall ag obair le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI), a dhéanann ionadaíocht d'ETBanna, le tionchar a imirt ar an RO chun iarracht a dhéanamh an t-ábhar sin a chur chun cinn faoi chéim a dó de na Struchtúir Dearaidh Eagraíochta úra d'ETBanna. Ar an drochuair, níl aon dul chun cinn déanta air sin go dtí seo.

Tá trí (3) Fhóram Stiúrthóirí ann, arna óstáil faoi ETBI - Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD); Scoileanna; agus Breisoideachas agus Oiliúint (FET), agus tuairiscíonn siad d'Fhóram an Phríomhfheidhmeannaigh. Lean na fóraim sin leo ag teacht le chéile go rialta i rith na bliana agus chomhaontaigh siad straitéisí agus struchtúir tuairiscithe líonra do chatagóirí éagsúla fheidhmeanna an ETB. D'oibrigh na fóraim sin ar roinnt tionscnamh agus é mar aidhm acu leanúint le dea-chleachtas a fhorbairt ar fud na heagraíochta agus na hearnála.

Laistigh d'ETB Dhún na nGall, tionóladh cruinnithe rialta de roinnt coistí inti lena n-áirítear:

Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí; An Fóram Feidhmiúcháin faoi Stiúrthóir OSD, na grúpaí do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí faoin Stiúrthóir Scoileanna; foirne bainisteoirí sinsearacha agus comhordaitheoirí FET faoin Stiúrthóir FET; agus an grúpa Maoinithe agus Pleanála FET, atá comhdhéanta de bhainistíocht shinsearach ó OSD agus FET chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean trasfheidhme a bhaineann le maoiniú SOLAS agus nithe eile. Cuireadh Foireann Freagartha COVID 19 ar bun agus d'oibrigh siad i gcomhar le hIonadaithe Príomhoibrithe chun an Plean Freagartha Sábháilteachta san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm (féach an chuid Chorpáideach níos déanaí sa tuarascáil seo).

Tá comhlacht lárnach, Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) curtha ar bun ag an RO, a dhéanfaidh maoirseacht sa todhchaí ar íocaíochtaí párolla agus íocaíochtaí mac léinn. Tá an t-aistriú chuig SGCO ar siúl, agus in 2020 ghlac SGCO freagracht as íocaíochtaí le Printísigh faoi Chéim a haon den aistriú íocaíochtaí mac léinn. Ceapadh ball foirne mar cheannaire ar aistriú íocaíochtaí na mac léinn, agus tá teagmháil le SGCO ar siúl i gcónaí maidir leis an aistriú párolla, rud atá beartaithe don bhliain 2023.

Feabhsúcháin ar struchtúir oibríochta FET

Leanadh le scagadh a dhéanamh ar struchtúir oibríochta laistigh de FET nuair a bunaíodh Grúpa Oibre um Pleanáil Soláthair Comhtháite FET agus Grúpa Oibre Tacaíochta agus Leasa do Mhic Léinn FET. Tá bainisteoirí sinsearacha FET mar chathaoirleach ar na grúpaí agus tá ionadaíocht acu ó gach clár agus seirbhís ábhartha. Is é an sainchúram atá orthu dúbailt a íoslaghdú agus comhsheasmhacht sa phleanáil agus sa seachadadh a fheabhsú.

Aithníonn an tseirbhís FET an tábhacht a bhaineann le sonraí agus staitisticí a bhailiú go himmheánach agus go seachtrach agus tuigeann sí cad é mar is féidir léi pleanáil agus feabhsúcháin leanúnacha laistigh den tseirbhís a threorú. Tá riachtanais mhéadaithe tuairiscithe sonraí ó SOLAS agus ó pháirtithe leasmhara eile i gceist fosta. Chuige sin, ceapadh Oifigeach Tuairiscithe um Bainistíocht Córas agus Sonraí FET go déanach in 2020. Is rud an-dearfach a ceapachán ar an fhoireann agus ligfidh sí dúinn a bheith ar an eolas níos fearr trí thorthaí cáilíochtúla agus cainníochtúla a úsáid chun sonraí staitisiúla a ghiniúint chun lucht bainistíochta, an fhoireann, na mic léinn agus na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas chomh maith leis an phobal i gcoitinne. Áireofar ar a cuid freagrachtaí bainistíocht an MIS laistigh den tseirbhís FET.

Forbairtí Gaeilge

Tá sé mar aidhm ag *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* an Ghaeilge a chur chun cinn chun críocha oifigiúla sa stát, trí chumarsáid a dhéanamh leis an phobal agus seirbhísí a chur ar fáil dó. Tá sé de dhualgas ar gach comhlacht poiblí a ainmnítear faoin Acht scéim teanga a ullmhú nuair a iarrann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta air déanamh amhlaidh faoi alt 11 den Acht.

Deimhníodh an scéim teanga reatha de chuid ETB Dhún na nGall; clúdaíonn sí an tréimhse 2017-2020. Is é cuspóir na scéime teanga líon agus caighdeán na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a mhéadú, thar thréimhse ama. Tá ETB Dhún na nGall an-bhródúil as an dul chun cinn atá déanta i mbliana agus laistigh de ghrúpa oibre Choiste na Gaeilge d'oibrigh sé go cruá chun scéim nuashonraithe Gaeilge a ullmhú do 2021-2023. Ba iad seo a leanas na forbairtí do 2020:

- Chuir ETB Dhún na nGall roinnt ranganna Gaeilge ar fáil ag leibhéal tosaitheoirí agus ag leibhéal idirmheánach, chomh maith le Gaeilge do Thuismitheoirí mar chuid dár gclár Foghlama Teaghlaigh. Thacaigh muid fosta le ranganna comhrá neamhfhoirmiúla a reáchtáil lenár gcomhpháirtithe i roinnt pobal áitiúil trinár Seirbhís Tacaíochta Oideachais Pobail.
- Ar an 25 Lúnasa 2020 reáchtáil ETB Dhún na nGall lá Ionductaithe Fhíorúil do mhúinteoirí Úrcheaptha a chuimsigh modúl ar theagasc trí Ghaeilge.
- Tá Coláiste na Carraige, atá sa dara bliain anois mar chuid de na hlar-bhunscoileanna atá rannpháirteach i Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta, anois ag múineadh Matamaitice agus Corpoideachais trí mheán na Gaeilge.
- Bhí 6 bhall foirne ag ETB Dhún na nGall mar fhoireann i sraith spreagúil teilifíse siamsaíochta bunaithe ar na healaíona do TG4 darb ainm 'Creative Company' a rinne iarracht an comhlacht is cruthaithí in Éirinn a aimsiú. Craoladh an clár cúpla uair i rith na bliana.
- Ghlac cohórt ball foirne ó na hoifigí riaracháin páirt i gcúrsaí Gaeilge, cuid acu ag tabhairt faoi chúrsaí creidiúnaithe agus atá fós ar siúl.
- Rinneadh 'Seachtain na Gaeilge' a cheiliúradh i mí an Mhárta ar fud na heagraíochta.
- Tá scéim phiólótach fisice Ghairmscoil Mhic Dhiarmada ag dul ó neart go neart. Tá an t-ábhar á theagasc trí Ghaeilge ach go fíorúil agus cuireadh tús leis anuraidh go díreach. I mbliana tá sé á theagasc anois mar mhodúl Idirbhliana agus sa 5ú agus sa 6ú bliain fosta.
- Ghlac go leor dár scoileanna páirt in imeachtaí Bhliain na Gaeilge ETBI le linn 2020. Ceiliúradh ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge do gach mac léinn a bhí san imeacht sin agus bhain achan duine taitneamh as.
- Chuaigh roinnt múinteoirí ar fud na heagraíochta isteach i bhFóram Feasa an ETBI, a bhfuil sé mar aidhm aige líonra múinteoirí a bhunú atá grúpáilte de réir ábhair ó Gaelcholáistí, Scoileanna Gaeltachta agus Aonaid Ghaeilge, chun naisc a chruthú idir múinteoirí agus líonra tacaíochta breise a chruthú chun tacú lena chéile sa teagasc agus san fhoghlaim.

TOSAÍOCHT 8

Athbhreithniú leanúnach ar riachtanais reachtacha / rialachais oibríochtaí ETB Dhún na nGall agus cur i bhfeidhm na dtorthaí a chinntiú.

TORADH

Lánchomhlíonadh le gach riachtanas reachtach agus rialachais a bhaineann le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Comhlíonadh

Lean ETB Dhún na nGall ag cuimhneamh ar a chuid oibleagáidí i dtéarmaí reachtaíochta agus rialachais in 2020. D'eisigh an Roinn Oideachais Cód Cleachtas úr maidir le Rialachas ETBanna (CL 0002/2019) agus rinne an Bord agus feidhmeannas an ETB breithniú air. Cuireadh na gníomhaíochtaí riachtanacha uilig i bhfeidhm ag cruinnithe Boird agus ag cruinnithe dá choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, Coiste Airgeadais, Boird Bainistíochta Scoile, agus Coiste Oibre Ógra. Ina theannta sin chinntigh an ETB gur chloígh sé leis an *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013*, agus le reachtaíocht eile, chomh maith le ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Forbraíodh beartais agus nósanna imeachta éagsúla agus scaipeadh iad ar lucht bainistíochta agus ar fhoireann an ETB (Féach an chuid Chorporáideach níos déanaí sa doiciméad seo le haghaidh tuilleadh sonraí).

An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Ba í 2020 an chéad bhliain féilire iomlán den Choiste úr um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) lena chomhdhéanamh athbhreithnithe de thriúr ball de Bhord an ETB agus cúigear ball seachtrach.

Tá ARC freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas maidir leis an dóigh a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna. I rith na bliana, thug ARC dearbhuithe do Bhord an ETB faoi éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh. Bhí rochtain ag ARC ar: Tuarascálacha ón lucht bainistíochta; iniúchadh seachtrach de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste; agus iniúchtaí inmheánacha de chuid an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí - ETBanna. Ina dhiaidh sin, fuair Bord an ETB tuairiscí ar chruinnithe ARC. Chuir an Bord torthaí agus moltaí ARC san áireamh agus na Ráitis Airgeadais Bhliantúla á gceadú agus ag glacadh le Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach.

An Coiste Airgeadais

Ba í 2020 an chéad bhliain féilire iomlán den Choiste Airgeadais úr ina raibh triúr comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha. Lean an Coiste de bheith freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird, ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an bhuiséad, agus ar ghnéithe airgeadais den phlean Oideachais agus de phlean na Seirbhíse Oiliúna. Fuair Bord an ETB miontuairiscí chruinnithe an Choiste Airgeadais lena mbreithniú agus chun a chinntiú do bhaill an Bhoird go raibh na pleananna sin á gcur i bhfeidhm.

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar ghnéithe airgeadais den Phlean Seirbhíse Bliantúil agus molann sé iad do Bhord an ETB lena gcur san áireamh mar chuid den Phlean Seirbhíse Bliantúil foriomlán ar gá é a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais (RO) faoin 1 Márta gach bliain. Tionóltar comhchruinniú leis an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) gach bliain fosta i mí an Mhárta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus moladh do Bhord an ETB iad a cheadú roimh an spriocdháta chun an dréacht AFS a chur faoi bhráid an RO faoin 1 Aibreán.

Bainistíocht Riosca

Leanadh den obair i rith 2020 ar athbhreithniú agus nuashonrú na gClár Riosca, an Clár Riosca Corparáideach, Clár Riosca na Scoileanna agus an Clár Riosca FET; déanann an Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca na cláir sin a mheas. Forbraíodh Clár Riosca Aonair do réimsí ETB lena n-áirítear Airgeadas, Soláthar, TFC, AD, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Foirgníochta agus Bainistíocht Eastát agus Sláinte agus Sábháilteacht agus déantar iad a nuashonrú go rialta. Leanann an obair sin le daoine a chur ar an eolas maidir le réimse iomlán na bainistíochta riosca. Nuashonraíodh cláir riosca in 2020 fosta le tionchar COVID-19 ar bhainistíocht riosca a aithint agus a mheas.

Rialú inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an Bhord as a chinntiú go reáchtáiltear an ETB go maith. In 2020 rinne comhaltaí Boird, le cúnaimh ón choiste Airgeadais, athbhreithniú ar an dóigh ar fheidhmigh cláir an ETB maidir le spriocanna agus buiséid. D'fhéach siad fosta ar cé chomh maith agus a chuirtear na córais, na nósanna imeachta agus na ról phoist in oiriúint chun déileáil go rathúil leis an ualach oibre suntasach.

Le linn 2020 tugadh aird fosta ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an chóras rialaithe inmheánaigh ar athruithe ar chleachtais oibre a d'eascair as tionchar COVID 19. Rinne an Bord a athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha agus bhreithnigh sé tuarascáil ón Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca.

Pléadh leis na hlniúchtaí seo a leanas le linn 2020:

- An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (C& AG): iniúchadh ar chuntais don bhliain dar chríoch 31ú 2019 Nollaig
- Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) - ETBanna: Oiliúint ar Conradh (Cuireadh tús leis sin in 2019)
- (IAU) ETBanna: Sláinte & Sábháilteacht (cuireadh tús leis sin in 2019)
- (IAU) ETBanna: Soláthar
- (IAU): Athbhreithniú ar Iniúchtaí Inmheánacha Roimhe Seo
- YR YEI 2017 - Iniúchadh Údarás Iniúchta CSE/ESF.
- Oiliúint do Dhaoine Dífhostaithe - Airteagal 125 CSE/ESF.
- Iniúchadh Fíoraithe CSE/ESF - BTEI, Litearthacht d'Aosaigh agus YR 2019.

Oiliúint don Bhord Oiliúna Bainistíochta

Bhí seisiún oiliúna ar líne ann do Chathaoirligh agus Rúnaithe na mBord Bainistíochta Dé Luain 19 Deireadh Fómhair 2020. Dhírigh an seisiún ar ról an Chathaoirligh agus ar an chaidreamh idir an Príomhoide mar Rúnaí an Bhoird.

Cosaint Leanaí

Tá ról tábhachtach maoirseachta ag an Roinn Oideachais (DE) lena chinntiú go bhfaigheann ár leanaí uilig cúram agus cosaint den chaighdeán is airde inár scoileanna. I mí Eanáir 2019, d'fhoilsigh Cigireacht na RO sonraí faoin dóigh a raibh siad chun Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí a chur i bhfeidhm (CCCLanna). Díríonn na cigireachtaí sin ar bhealach domhain ar an dóigh a bhfuil scoileanna ag cloí le príomhghnéithe de *na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017*. Cuireadh oiliúint ar fáil ar líne maidir le cosaint leanaí Dé Luain, 28 Meán Fómhair 2020 do gach comhalta den Bhord Bainisteoirí agus do Phríomhoidí ina ról mar Rúnaíocht an Bhoird.

Ráitis Airgeadais 2020

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil Ráitis Airgeadais Bhliantúla ETB Dhún na nGall don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig 2020 faoi réir iniúchta ag an C&AG ag tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2020 ETB Dhún na nGall. Foilseoidh ETB Dhún na nGall na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

[Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla:](#)

- Táillí nach mbaineann le Tuarastal a íocadh le baill na gCoistí;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe;
- Sochair iarfhostaíochta;
- Sochair Foirceanta;
- Príomhchúiteamh bainistíochta más ann dó;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe idir € 0 agus € 59,999;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 ina dhiaidh sin



TOSAÍOCHT 9

Ag eascirt as comhtháthú leanúnach seirbhísí oideachais agus oiliúna agus cur i bhfeidhm Thionscadal na Seirbhísí Comhroinnte chun tosaíochtaí eagraíochtúla agus ról phoist chomhfhreagracha a athshainiú.

TORADH

Fianaise shoiléir ar chórais éifeachtacha, ar chaidrimh oibre agus ar ról phoist laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Soláthraíonn rannóg Acmhainní Daonna (AD) ETB Dhún na nGall tacaíocht i roinnt réimsí, Ina measc:

- Acmhainní/leithdháileadh foirne AD
- Earcú agus Roghnú
- Oibríochtaí AD a chuimsíonn CoreHR agus córas éilimh ar líne múinteoirí páirtaimseartha
- Pinsin/Aoisliúntas
- Sláinte agus folláine an fhostaí
- Bainistíocht conartha
- Oiliúint agus Forbairt
- Caidreamh Tionsclaíoch

Acmhainní/leithdháileadh foirne AD

Leithdháileadh foirne teagaisc:

Ba é leithdháileadh deiridh Múinteoirí ETB Dhún na nGall do 2020 (don bhliain acadúil 2020/2021) 503.26 coibhéis lánaimseartha de réir ciorcláin ón Roinn Oideachais (DE).

Leithdháileadh foirne riaracháin:

Ceadaíonn an RO leithdháiltí foirne riaracháin ar bhonn:

- foirmí comhaontaithe maidir le comhaontuithe riarthóirí scoilbhunaithe
- idir an RO agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Cláir FET

Leithdháileadh foirne cothabhála

Déanann an Roinn Oideachais athbhreithniú ar leithdháileadh foirne cothabhála ar bhonn líon na mac léinn ar rolla. Déanann an RO athbhreithniú ar an leithdháileadh agus cuireann sé AD ar an eolas faoi athruithe sa leithdháileadh.

Foireann do chlár FET


Tugann an RO comhairle ar líon na foirne cothabhála bunaithe ar líon na mac léinn ar rolla, agus tugann sé comhairle do AD faoi athruithe. Maidir le foireann neamhtheagaisc i gcoitinne, tá leibhéal foirne ceadaite ag an ETB.

Seolann AD tuairisceáin chuig an RO gach ráithe.

Earcú agus Roghnú

Líonadh 148 ceapachán san iomlán trí phróisis fhoirmiúla earcaíochta sa bhliain féilire 2020 i réimse post ar bhonn buan, téarma seasta, sainchuspóra agus gníomhach.

Poist Mhúinteoireachta	72	Teagascóirí Printíseachtaí FET	7
Ceannaireacht agus bainistíocht i scoileanna (lena n-áirítear poist freagrachta, HSCL agus Comhordaitheoir Cláir)	33	Cúntóirí Riachtanas Speisialta	8
Príomhoide/Leas-Phríomhoide	10	Stiúrthóir	1
Poist Chléireachais agus Riaracháin (Grád III go Grád VII)	10	Poist Críochnaithe Scoile (Feidhmíonn ETB Dhún na nGall mar Ghníomhairí do Choistí Bainistíochta Áitiúla SCP)	4
Áisitheoir Oideachais Pobail (AOP/CEF)	3		



Chuir an Roinn AD roinnt próiseas úr i bhfeidhm in 2020.

Painéil Ionadaíochta Pháirtaimseartha

Chomh maith leis an Phainéal Múinteoirí Ionaid Pháirtaimseartha, atá ar fáil ar an Suíomh Gréasáin, bunaíodh Painéal Feighlithe Páirtaimseartha úr agus Painéal Glantóirí Ionaid Pháirtaimseartha chun neamhláithreachtaí gearrthéarmacha a líonadh i measc na Foirne Cothabhála in Iar-bhunscoileanna/i gColáistí/in Ionaid ETB Dhún na nGall.


Socrúithe maidir le Cianagallaimh.

Tugadh próisis úra isteach in 2020 chun leanúint ar aghaidh le hearcaíocht d'ETB Dhún na nGall. Uaslódáladh gach doiciméad láimhe chuig tiomántán roinnte le cianagallaimh a réachtáil ar líne. Tugadh isteach nótaí teoracha d'iarratasóirí agus do Bhoird Roghnúcháin chomh maith le hoiliúint ar líne maidir le hagallaimh ar líne do bhaill aonair an Bhoird Roghnúcháin roimh an agallamh. Tugadh isteach ríomhshnú le haghaidh Bileog Molta oifigiúil agus Tuarascáil Cheapacháin CE fosta.

Cothromaíocht oibre is saoil agus iarratais ar shaoire reachtúil

Rinne an Roinn Acmhainní Daonna 167 iarratas ar Chothromaíocht Saoil agus Oibre a phróiseáil in 2020 mar seo a leanas.

Saoire Mháithreachais	27	Postroinnt	48
Saoire Thuismitheoireachta	28	Comhroinnt Oibre	17
Ar iasacht	6	Sos Gairme	12
Saoire Cúramóirí	3	Saoire Atharthachta	12
Saoire Tuismitheoirí	14		



Pinsin/Aoisliúntas

Tugadh roinnt tacaíocht bhreise do rannóg na bPinsean i rith na bliana le cuidiú le próiseáil a dhéanamh ar leibhéal méadaithe fiosrúcháin ó fhoireann FET. Thosaigh an chuid seo ag ullmhú le haghaidh athruithe mar gheall ar Thionscadal Seirbhísí Comhroinnte na RO, a luadh níos luaithe.

Sochair aoisliúntais agus scoir

Seo roinnt sonraí maidir le Rannóg Pinsean an ETB in 2020, ag tosú le hainmneacha na scéimeanna éagsúla:

Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2015

Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015

Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí, 2012

Scéim Dhúnta FÁS

Scéim Oscalte FÁS

Líon na ndaoine a chuaigh ar scor in 2020	17
Líon nuashonraithe na ndaoine ar scor ag deireadh 2020	320

Sláinte agus Folláine Fostaithe

Ba bhliain dhúshlánach í 2020 don Fhoireann i dtéarmaí sláinte agus folláine na foirne. Tá Tionscnóir Folláine Foirne ainmnithe amháin ag gach Scoil/Coláiste/Ionad a bhfuil sé mar aidhm aige Folláine na Foirne san Ionad Oibre a chur chun cinn. Tugadh an méid seo a leanas isteach chun tacú leis an Fhoireann:

- Fuair gach Tionscnóir Folláine rochtain ar Thiomántán Comhroinnte ina ndéantar Acmhainní Folláine a uaslódáil lena roinnt i measc na Foirne ina n-ionad oibre.
- Bhí Rannán ar leith den Suíomh Gréasáin dírithe ar Fholláine Foirne. In 2020 uaslódáladh acmhainní folláine breise ar an Suíomh Gréasáin lena n-áirítear:
 - Tacaíochtaí COVID 19
 - Clár Cúnaimh d'Fhostaithe
 - *Lá Náisiúnta Folláine san Áit Oibre a Chur Chun Cinn - I Bealtaine 2020*
 - Aireachas
 - Ailt/Acmhainní Folláine
 - Ag Obair ón Bhaile
 - Tháinig an Grúpa Folláine Straitéiseach le chéile dhá uair le linn 2020

Bainistíocht conartha

An córas éilimh ar líne a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach in Ionaid FET thar réimse Clár.

Cuireadh córas Foirm Éilimh PTT (Múinteoir Páirtaimseartha) ar líne i bhfeidhm in 2020 do Chláir FET a sheachadann SDOG, Cumasóige, BTEI agus *Ag Foghlaim don Saol*. Rinneadh é sin mar ullmhúchán do Thionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla SGCO agus bogadh ó chóras foirmeacha éilimh páipéarbhunaithe go ceann ar líne. Cumasaíonn an córas ar líne sonraí conartha a thaifeadadh ag an pointe iontrála agus Conarthaí comhleanúnacha a rianú.

Oiliúint agus forbairt

Cuireadh oiliúint agus forbairt ar fáil ar líne den chuid is mó le linn 2020

Bhí sé beartaithe Oiliúint maidir le Seirbhís do Chustaiméirí do 75 ball foirne a reáchtáil ar an 7, 8 agus 9 Aibreán, 2020 do na grúpaí seo a leanas atá fostaithe in ETB Dhún na nGall: Feighlithe, Glantóirí, Cócairí agus Cúntóirí Ginearálta. Mar gheall ar Phaindéim 2020, áfach, níor leanadh ar aghaidh leis an oiliúint sin.

Cuireadh tús leis an Oiliúint agus an Fhorbairt seo a leanas go sonrach trí Pholasaithe Oiliúna agus Forbartha ETB Dhún na nGall

Réimse	Líon fostaithe	Catagóir
Scoileanna	2	Bainteach le TF
Scoileanna	8	Scoileanna Lán-Ghaeilge agus Iar-Bhunscoileanna Gaeltachta
Scoileanna	2	Ceannaireacht agus Bainistíocht
Scoileanna	4	Bainteach le hÁbhar
Scoileanna	2	Bainteach le CRSanna
FET	1	Tacú le Mic Léinn faoi Mhíchumas
TFE/OSD	2	Cosaint Sonraí / Soláthar

TOSAÍOCHT 10

Réimse deiseanna agus tacaíochtaí foghlama foirne a sholáthar chun acmhainn eagrúcháin a thógáil agus cáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna a fheabhsú.

TORADH

Eagraíocht dhinimiciúil a fhreagraíonn go gasta agus go héifeachtach ar athruithe.

Breisoideachas agus Oiliúint:

Lean deiseanna forbartha gairmiúla d'fhoireann FET ar feadh 2020. Mar gheall ar na dúshláin a bhain le géarchéim COVID 19, dhírigh oiliúint agus tacaíocht do mhúinteoirí, do theagascóirí agus d'fhoireann teagaisc ar sheachadadh ar líne agus ar úsáid na teicneolaíochta chun an t-eispéireas foghlama a fheabhsú. Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne mar mheantóirí TEL agus chuir siad piarthacaíocht bhreise ar fáil do chomhghleacaithe maidir le cianteagasc éigeandála (ERT) a sheachadadh. Thug 35 ball foirne faoi oiliúint le AHEAD maidir le *Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim* (UDL) chun forbairt agus úsáid straitéisí teagaisc ionchuimsitheacha a chumasú. Tairgeadh réimse fairsing FGL don fhoireann i rith 2020 lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do: Oiliúint maidir le *Google Classroom & Drive*, Oiliúint maidir le Físeáin Fón Cliste, *Zoomergisers*, Scoil Samhraidh UDL, Oiliúint R-Phunann, Measúnú a dhéanamh ar Chumas Digiteach do chuid Mac Léinn, Suaitheantas Digiteach UDL, Tacú le Folláine, agus UDL sna Néalta, Pobail Measúnaithe Cleachtais agus Eispéiris Foghlama Cumaisc a Dhearadh do Mhic Léinn FET. D'óstáil NCI & OÉ Gaillimh clár náisiúnta FGL TEL ag leibhéil 6, 7 & 8 NFQ inar ghlac 8 ball foirne páirt. Faigheann baill foirne ó gach clár atá ag gabháil do Fhoghlaim an 21ú hAois tuiscint níos doimhne ar an fhealsúnacht foghlama le cur ar a gcumas ról níos éasca a ghlacadh agus treoir agus aiseolas mac léinn-lárnach a sholáthar. Chríochnaigh 18 ball foirne dámhachtain NFQ L9 maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) arna seachadadh ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. San iomlán, bhí foireann FET páirteach in 1594 idirghabháil CPD in 2020.

I mí na Samhna 2020, rinne an tseirbhís FET taighde lena taithí a dhoiciméadú maidir le scileanna litearthachta d'aosaigh, scileanna uimhearthachta agus scileanna digiteacha a sheachadadh; rinneadh an taighde sin lena haighneacht a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoin Straitéis Náisiúnta 10 mbliana maidir le *Litearthacht, Uimhearthacht agus Scileanna Digiteacha d'Aosaigh/Straitéis nua 10 mbliana um Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach Aosach in Éirinn*. Reáchtáladh suirbhéanna (162 freagra), fócasghrúpaí éascaithe agus agallaimh le mic léinn, le baill foirne agus le páirtithe leasmhara seachtracha. Cuirfidh torthaí an taighde eolas ar FGL don fhoireann agus soláthróidh siad faisnéis is féidir a úsáid chun an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú.

Scoileanna:

Réimse deiseanna agus tacaíochtaí foghlama foirne a chur ar fáil chun acmhainn eagrúcháin a fhorbairt agus cáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna a fheabhsú

- 24 Lúnasa *Pleanáil Curaclaim agus Cruthú Ábhar*

Teagasc agus Foghlaim - Seimineár gréasáin maidir leis an Seomra Ranga Úr

Seimineár gréasáin a bhí ann arna éascú ag ár Stiúrthóir Scoileanna an Dr Martin Gormley agus arna chomhordú ag Séan Mc Fadden; chuir múinteoirí a gcuid oibre i láthair chun na buntáistí a bhaineann leis an ardán *G Suite* a úsáid chun tacú le foghlaim agus teagasc agus le tógáil ar na cleachtais atá ann cheana a úsáidtear

ar fud ár scoileanna. Dearadh an imeacht sin chun tuiscint ár n-oideoirí ar an dóigh a bhféadfadh an cur chuige sin i leith na foghlama tacú le mic léinn agus oideachasóirí ina seomraí ranga a dhoimhniú. Bhí sé sin ann fosta chun na buntáistí a bhaineann le cur chuige den sórt sin agus na buntáistí a bhaineann leis an bhealach úr foghlama sin a léiriú.

- **25 Lúnasa 2020 Lá Ionduchtaithe Fíorúil do mhúinteoirí Úrcheaptha**

Seisiún FGL ar theagasc agus ar fhoghlaim ag díriú ar chomhtháthú na teicneolaíochta chun eispéireas ár gcuid mac léinn inár seomraí ranga a fheabhsú.

- **2020/2021 Pleanáil Curaclaim agus Cruthú Ábhar**

Foirne múinteoirí i réimsí ábhar éagsúil ag comhoibriú ar fud scoileanna laistigh d'ETB Dhún na nGall, áit a roinneann siad na cleachtais is fearr agus áit a bhforbraíonn siad acmhainní teagasc agus foghlama agus curaclaim á bpleanáil.

Ba léir tacaíocht an tSíceolaí Oideachais le linn phaindéim 2020, áit a raibh tacaíocht láithreach agus bhreise ag teastáil do mhic léinn agus do lucht bainistíochta na scoile. Ina measc bhí:

- Oiliúint foirne inseirbhíse i bpleanáil teagmhais le haghaidh eachtraí criticiúla i scoileanna.
- Tacaíocht a sholáthar do lucht bainistíochta scoile, don fhoireann agus do dhaltaí i ndiaidh eachtra criticiúil.
- Oiliúint inseirbhíse foirne maidir leis an mhúnla seirbhíse Contanaim Tacaíochta do scoileanna, arna forbairt ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.
- Grúpaí comhairliúcháin Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) a éascú do mhúinteoirí daltaí ar a bhfuil ASD.
- Oiliúint inseirbhíse foirne agus tacaíocht maidir le Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi.
- Oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil maidir leis an mhúnla *Contanaim Tacaíochta agus Riachtanais Oideachais Speisialta* sa seomra ranga do mhúinteoirí úra de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.
- Clár scoileanna staidéir a sholáthar atá dírithe ar thacú le mic léinn Shóisearacha agus Ardteistiméireachta.
- Oiliúint MAPA (Bainistíocht ar lonsaitheacht Iarbhí agus Ionchasaigh) a eagrú le foireann múinteoirí ETB Dhún na nGall a oiliúint mar oiliúinóirí inti.
- Oiliúint múinteoirí mar oiliúinóirí don chlár *FRIENDS for Youth* (clár le cur le litearthacht mhothúcháin, le teacht aniar agus le cumais réitithe fadhbanna le grúpaí daoine óga) atá á déanamh i gcomhar le NEPS.

OSD:

Cuireadh na seimineáir ghréasáin seo a leanas ar fáil ar an Suíomh Gréasáin do bhaill foirne úra agus do bhaill foirne atá ag fillleadh ar an obair:

- Ionduchtú maidir le Filleadh ar an Obair go Sábháilte
- Seimineár Gréasáin maidir le Folláine i Suíomh Oideachais (Iar-Bhunscoil)

Ionduchtú do Mhúinteoirí Úra

Seachadadh Ionduchtú 2020 do mhúinteoirí úra ar líne i mí Lúnasa, 2020 thar dhá lá ag clúdach réimse tacaíochtaí do mhúinteoirí úra. Dhírigh Lá 1 ar naisc leis an Roinn Acmhainní Daonna a chuimsíonn Polasaithe agus Nósanna Imeachta, Folláine Foirne agus Teidlíochtaí Saoire. Dhírigh Lá 2 ar an téama Teagasc agus Foghlaim lena n-áirítear

Ag Freastal ar Mhic Léinn a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, Cumarsáid i Saol Digiteach don Mhúinteoir agus Ag Teagasc i nGaelcholáiste.

TOSAÍOCHT II

Teicneolaíochtaí úra agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid le cur le tacaíocht agus le forbairt eagraíochta.

TORADH

Mar chuid den fhreagairt ar COVID-19 chumasaigh ETB Dhún na nGall

- Cianrochtain do gach Ball Foirne Riaracháin le ligean dóibh obair ón bhaile. De ghnáth osclaítear poirt le cianrochtain a thabhairt trínár bhfreastalaithe ach sa chás seo braithheadh go mbeadh sé níos sábháilte *Chrome Remote Desktop* a chumasú agus go mbeadh sé níos gasta é a rolladh amach. Cumasaíodh é sin go dtí gur fógraíodh an dianghlasáil agus bhí rochtain ag an fhoireann go léir, ag baint úsáid as fíordheimhniú il-leibhéal, go díreach ar a stáisiúin oibre deisce féin sular tugadh treoir oifigiúil dóibh tosú ag obair ón bhaile. Thug sé sin deis don fhoireann rochtain a fháil ar chórais chriticiúla mar Phárolla, atá ag brath ar naisc Líonra an Rialtais, ón bhaile. Chríochnaigh baill foirne a bhí ag obair ón bhaile Párolla ETB Dhún na nGall sa chéad seachtain i ndiaidh thús na dianghlasála.
- Mar chuid den chéad fhreagairt, soláthraíodh feistí don fhoireann uilig chun ligean dóibh oibriú ón bhaile. Baineadh úsáid as an tsraith *Chromebooks* a ceannaíodh chun cruinnithe inár seomra boird a éascú agus ansin níos mó ríomhairí glúine a cheannach de réir mar ba ghá. Bhí idirghníomhaíocht shuntasach i gceist leis seo le go leor soláthraithe toisc go raibh an-éileamh ar ríomhairí glúine ar fud an domhain.
- Cuireadh oiliúint agus tacaíocht ar fáil don fhoireann teagasc go léir atá ag gabháil do chianfhoghlaim. Áiríodh leis sin seisiúin ar líne agus ranganna teagasc físe ar *Classroom* agus *Google Meet*. Chuaigh muid i dteagmháil le baill foirne Riaracháin fosta chun an úsáid is fearr a bhaint as feidhmchlár atá de dhíth le hoibriú go sábháilte ón bhaile.
- Mar chuid den idirghníomhaíocht idir múinteoirí agus mic léinn, d'oibrigh an Roinn TF ar chumraíocht na bhfeidhmchlár éagsúil a fheabhsú lena chinntiú go gcoinneofaí slándáil na bhfeidhmchlár. Bhí go leor oibre i gceist leis sin ar ár bhfearainn atá ar siúl agus a chuirfear i gcrích i rith shamhradh 2021.
- Lena chinntiú go raibh rochtain ag an fhoireann teagasc ar an fheidhmiúlacht bhreise go léir a thug Google isteach chun foghlaim ar líne a fheabhsú, rinneadh cuntais úsáideoirí a uasghrádú chun na gnéithe breise sin a éascú. Ligeann sé sin dúinn comhtháthú níos fearr a dhéanamh le cuntais múinteoirí ionas gur féidir ranganna ar líne, roghanna sruthaithe bheo, tuairisciú tinrimh, seomraí ar leithligh agus C&F a thaifeadh laistigh de ranganna ar líne. Tá an-tóir ag an fhoireann air sin cheana féin.
- Thacaigh ár Roinn TFC le rolladh amach feistí do Mhic Léinn faoi Mhíbhuntáiste in FET. Áiríodh air sin;
 - Ag obair lenár roinn FET agus ag tabhairt comhairle faoi na gléasanna is fearr. Mhol muid go bhféachfadh siad ar *Chromebooks* agus ar ríomhairí glúine athchóirithe. Lig sé sin don roinn FET i bhfad níos mó gléasanna a cheannach i gcomparáid lena bhfuil clúdaithe ag an chreat náisiúnta.
 - Tairseach ar líne a fhorbairt chun dáileadh gléasanna a éascú agus a thaifeadh.

- Ceadúnais Microsoft a uasghrádú ar bhonn céimneach chun ligean do mhic léinn feidhmchláir a úsáid nuair a bhí a gceangal idirlín lag nó gan a bheith ar fáil.
- Forbraíodh Mol Inneachair Dhigitigh le físeáin teagaisc ghonta agus éasca le húsáid a chur ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn. Tá sé sin ar siúl go leanúnach agus beidh sé ar fáil don fhoireann, do mhic léinn agus do thuismitheoirí i Scoileanna & FET.
- Oibríonn an Roinn TF go dlúth leis an ghrúpa FET *Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta* (TEL) a thagann le chéile go rialta i rith na bliana. Is éard a bhí i gceist leis sin ná rannpháirtíocht na foirne a spreagadh le linn imeachtaí TEL agus nuachtlitir TFC a chur le chéile uair sa ráithe. Bhí roinnt mhaith ball foirne rannpháirteach ann agus déanfar é a fhorbairt agus a rolladh amach i measc phobal na scoileanna i gcoitinne.

TOSAÍOCHT 12

Straitéis cumarsáide shoiléir agus éifeachtach a fhorbairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

TORADH

Tá níos mó muiníne agus tuiscint níos doimhne ag na páirtithe leasmhara uilig maidir le ETB Dhún na nGall .i. a ról, a fhreagrachtaí agus a sheirbhísí.

In 2020, lean ETB Dhún na nGall air ag cur le cumarsáid maidir lena chuid oibre leis an phobal agus an chumarsáid sin a fhorbairt níos mó ar bhealaí éagsúla atá aibhsithe thíos. Mar sin féin, tháinig laghdú mór air sin uilig mar gheall ar shrianta COVID 19. Mar shampla, mar gheall ar shrianta an Rialtais, ní raibh muid in ann ár nDámhachtainí bliantúla ná ár Lá Fiontraíochta a óstáil do scoileanna agus do Cumasóige. Cé gur reáchtáladh roinnt Dámhachtainí FET i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2020, ní raibh gach láthair sa chontae in ann searmanas bronnta a óstáil. Mar sin féin, bhí méid suntasach gníomhaíochtaí cumarsáide fós ar siúl.

• **STRAITÉISEACH**

D'éirigh le Grúpa Comhairleach Cumarsáide ETB Dhún na nGall, a sholáthraíonn treoir straitéiseach ar struchtúir agus oibríochtaí cumarsáide ETB Dhún na nGall, a theacht le chéile ceithre huair in 2020 chun leanúint le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt chúrsaí cumarsáide ETB Dhún na nGall i roinnt réimsí lena n-áirítear:

- Straitéiseach
- Na Meáin Chumarsáide/Preas
- Cumarsáid Dhigiteach
- Cumarsáid Chorparáideach
- Cumarsáid Inmheánach
- Cumarsáid Ghéarchéime
- Margaíocht

In 2020, mar gheall ar an phaindéim dhomhanda, chuir Oifigeach Cumarsáide ETB Dhún na nGall comhairle straitéiseach ar úsáid na meán sóisialta ar fáil dá iar-bhunscoileanna i dtéarmaí a sainchúram earnála poiblí maidir leis an phobal a choinneáil ar an eolas. Mar shampla, tugadh comhairle do scoileanna teachtaireachtaí soiléire a thabhairt faoin dóigh le cosc a chur ar scaipeadh COVID 19 ar a n-ardáin meán sóisialta mar Facebook agus cuireadh meirgí Facebook den mhéid cheart ar fáil dóibh. Ina theannta sin moladh dóibh go rialta leanúint le treoirlínte FSS maidir le scaipeadh COVID 19 a chosc a roinnt ar gach ceann dá gcuid ardán.

• **NA MEÁIN/PREAS**

In 2020 eisíodh trí phreasráiteas agus fiche chuig na meáin áitiúla idir na meáin chlóite, staisiún raidió agus na meáin ar líne de réir mar ba chúí. Eisíodh sé cinn níos lú ná an bhliain roimhe sin, 2019, ach bhí sé sin amhlaidh mar gheall ar an dóigh ar athraigh cúrsaí an tsaoil de bharr phaindéim COVID 19. Ina measc sin bhí, mar shampla, seacht bpreasráiteas faoi cheapacháin úra foirne mar Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí úra agus bhí an pobal an-tógtha leis na scéalta sin ar ardáin na meán sóisialta a bhí ag cuid de na soláthraithe nuachta.

Scríobhadh agus postáladh ceathracha is a sé scéal nuachta san iomlán ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall agus roinneadh iad ar gach ceann dá ardáin meán sóisialta de réir mar ba chúí. Chlúdaigh siad sin gach gné den



eagraíocht - Seirbhísí Corparáideacha (ceann is fiche), Scoileanna (dhá cheann déag) agus Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) (trí cinn déag). Mar gheall ar an phaindéim dhomhanda in 2020, bhain díreach os cionn 30% de na scéalta (ceithre cinn déag) le COVID 19.

Socraíodh roinnt agallamh i mbliana leis an *Donegal News* - ceann leis an Phríomhfheidhmeannach Anne McHugh ar an 18 Nollaig ag amharc siar ar an bhliain ba neamhghnáiche riamh i stair an ETB: <https://donegalnews.com/2020/12/march-12-will-forever-be-etched-in-my-brain/>. Foilsíodh an dara hagallamh fosta ar an 24 Nollaig leis an Stiúrthóir OSD a bhí díreach i ndiaidh dul ar scor, Jim McGlynn, a rinne a mhachnamh ar bheagnach trí bliana is dhá scór de sheirbhís phoiblí le ETB Dhún na nGall: <https://donegalnews.com/2020/12/career-included-many-changes-in-donegal-etb/>. Tá cóip den agallamh sin ag deireadh na coda seo faoi Thosaíochtaí.


• CUMARSÁID DHIGITEACH

Mhéadaigh ETB Dhún na nGall a aschuir cumarsáide digití in 2020 trí úsáid a bhaint as a shuíomh gréasáin agus a ardáin meán sóisialta chun feasacht ar a bhranda a ardú, a chuid oibre a chur in iúl agus teagmháil a dhéanamh lena lucht féachana agus pobail iomadúla ar fud an chontae agus a oileáin. Bhí gá leis sin go pointe fosta de bharr shrianta COVID 19; bogadh an oiread sin d'obair an ETB ar líne de bharr na paindéime.

In 2020, amharcadh ar an láithreán gréasáin 539,181 uair agus baineadh úsáid as 132,777 uair; seoladh an láithreán gréasáin i mí Iúil na bliana roimhe sin (2019). Ciallaíonn sé sin go raibh 129,042 úsáideoir úr i gceist. Go luath in 2020 chuir ETB Dhún na nGall bailchríoch ar fhorbairt an leagain Gaeilge dá láithreán gréasáin.

Tá ETB Dhún na nGall, a scoileanna, Seirbhís FET, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin agus seirbhís ceoil ETB Dhún na nGall, an-ghníomhach ar réimse ardán meán sóisialta lena n-áirítear *Facebook*, *Twitter*, *Instagram*, *YouTube* agus *LinkedIn*. Maidir le méadrachtaí feidhmíochta, lean ETB Dhún na nGall ag fás a lucht leanúna ar a ardáin meán sóisialta eile in 2020:

- Fuair an t-ardán meán sóisialta is mó de chuid ETB Dhún na nGall, *Facebook*, beagnach 2,000 leantóir nuachta (1,998) níos mó in 2020; d'ardaigh líon na leantóirí nuachta go 8,845 faoi dheireadh mhí na Nollag. Is féidir an figiúr sin a chur i gcomparaid le méadú 1,548 sa dá mhí dhéag roimhe sin (01 Eanáir - 31 Nollaig 2019).
- Lean leantóirí chuntas *LinkedIn* ETB Dhún na nGall (a osclaíodh i mí na Bealtaine 2017) ag fás, ag seasamh ag 1,752 ag deireadh 2020, suas ó 1,123 an bhliain roimhe sin (2019), méadú 629 leantóir. Ag deireadh mhí na Nollag 2020 bhí 259 leantóir ag leathanach taispeána *LinkedIn* an ETB atá dírithe go sonrach ar sheirbhísí d'fhostóirí.
- Osclaíodh cuntas *Instagram* ETB Dhún na nGall i mí Aibreáin 2019 agus bhí 1,801 leantóir aige ag deireadh 2020; b'ionann sin agus méadú 601 leantóir ón bhliain roimhe sin.



- Bhí 3,516 leantóir ag cuntas *Twitter* ETB Dhún na nGall ag deireadh 2020, suas ó 3,104 ag deireadh 2019.
- Bhí 234 leantóir ag cuntas *YouTube* an ETB ag deireadh mhí na Nollag 2020.

Is féidir na leibhéal rannpháirtíochta atá ag méadú le hardáin éagsúla meán sóisialta ETB Dhún na nGall a léiriú níos mionsonraithe trí fhéachaint ar an fhás leanúnach ar líon na ndaoine a d'amharc ar chuntas *Twitter* ETB Dhún na nGall (@DonegalETB) a raibh os cionn 1.95 milliún imprisean aige in 2020, suas ó 1.86 milliún in 2019 agus méadú ollmhór ar a 138,800 imprisean in 2016 nuair a cruthaíodh ról an Oifigigh Cumarsáide.

#GoFurtherWithDonegalETB

#WeAreDonegalETB

Baineadh úsáid leanúnach agus mhéadaithe as dhá cheann de haischlibeanna pearsantaithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, #WeAreDonegalETB agus #GoFurtherWithDonegalETB, ar fud rannóga éagsúla na heagraíochta, go háirithe scoileanna agus FET.

Cuireadh roinnt físeán úr lena chuntas *YouTube* in 2020 agus d'éirigh go hiontach le cuid de na scoileanna agus leis an tseirbhís ceoil le físeáin cheoil ar líne, rud a thugann poiblíocht dhearfach do na scoileanna agus don tseirbhís ceoil; tá lucht féachana i bhfad níos leithne ná mar is gnách ábalta an teachtaireacht a fháil. Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe air sin sa chuid faoi Mhargáiocht.



Rinne beirt Eagraithe Litearthachta Aosaigh, Adele McElhinney agus Dolores Mhic Géidigh, dhá 'Mhioncheacht Físe' a fhorbairt agus a léiriú maidir le litriú, gramadach agus bunscoleanna TF; eisíodh ar *YouTube* agus *Facebook* in dhá shraith iad- reáchtáladh an chéad tsraith (ceithre fhíseán déag) ón 05 Márta - 04 Meitheamh 2020 agus reáchtáladh an dara sraith (deich bhfíseán) ón 08 Deireadh Fómhair-10 Nollaig. Cruthaíodh seinnliostaí sainiúla *YouTube* agus *Facebook* chun iad siúd a roinnt; tá sé beartaithe go

mbainfidh an tSeirbhís FET, scoileanna agus an pobal i gcoitinne úsáid astu:

1. Seinnliosta *YouTube* Sraith 1:
<https://www.youtube.com/playlist?list=PLIHRyIEecPt2ImUCRgP2KobKR356Qw7X8>
2. Seinnliosta *YouTube* Sraith 2:
<https://www.youtube.com/playlist?list=PLIHRyIEecPt0ySaIVOkxHbNoD34R6pmHs>
3. Seinnliosta *Facebook*:
<https://www.facebook.com/watch/DonegalETB/1315758835299661/>

• CUMARSÁID CHORPARÁIDEACH

In 2020 chuir croífhóireann, ar a raibh triúr Stiúrthóirí ETB Dhún na nGall, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, Oifigeach Cumarsáide, bainisteoir na seirbhíse ceoil agus lucht riaracháin na Seirbhísí Corparáideacha, tuarascáil bhliantúil 2019 ETB Dhún na nGall le chéile.

In 2020 bhí roinnt ball foirne de chuid ETB Dhún na nGall le feiceáil i gclár siamsaíochta éadroime ar TG4. Cuireadh tús leis sin a léiriú in 2019. Thug an clár, 'Creative Company', faoi mhisean chun an



t-ionad oibre is cruthaithí in Éirinn a fháil. Rinne seisear ball foirne as trí príomhpháirt na heagraíochta (Scoileanna, FET agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta), a raibh a leath acu ina gcainteoirí Gaeilge, ionadaíocht d'ETB Dhún na nGall sa chlár. Ba iad sin Jim McGlynn, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (OSD), Oifigí Riaracháin; Derval Newman, Oifigeach Tacaíochta Gaeilge; Cróna Kerr, Múinteoir Ealaíne agus Dearaidh, Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET), Srath an Urláir; Marie Crossan, Múinteoir Ealaíne, Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn; Blaine Ó

Maolagáin, Múinteoir Teicneolaíochta Ábhar (Adhmad), Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn agus Colm Richardson, Bainisteoir Cúnta Oiliúna, Ionaid Oiliúna Leitir Ceanainn agus Ghaoth Dobhair, Seirbhís FET. Craoladh an clár thar shé seachtaine i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2020; bhí ETB Dhún na nGall le feiceáil san eipeasóid a craoladh ar an 6 Feabhra agus san eipeasóid dheireanach mar go bhfuair an fhoireann s'againne fríd go dtí an babhta ceannais (cé nár bhuaigh muid). Chonaic beagnach 59,000 duine poiblíocht don chlár sin ar ardáin meán sóisialta ETB Dhún na nGall (*Facebook, Twitter agus LinkedIn*) ó Eanáir-Feabhra agus tá an píosa ealaíne álainn a cruthaíodh don tionscnamh sin, 'Saor', ar taispeáint anois i láthair fáiltithe ár nOifigí Riaracháin. Is féidir físeán achomair de rannpháirtíocht fhoireann ETB Dhún na nGall a fháil ar ár gcuntas *YouTube*: <https://www.youtube.com/watch?v=dSvDrh4ThJE>. Tá tuilleadh sonraí faoin tionscnamh sin le fáil ag deireadh na coda seo.

In 2020, chuir an tSeirbhís FET agus na hOifigí Riaracháin fiche comhartha mór úr lasmuigh in áit na gcomharthaí a bhí ann. Bhí gá leis sin ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear go leor acu a bheith as dáta, bhí an-damáiste déanta ag stoirmeacha ar chuid acu; rinneadh roinnt ainmneacha ionad FET a nuashonrú agus go ginearálta bhí easpa comhsheasmhachta amhairc ann i gcomharthaí lárionaid FET ar fud an chontae.

• CUMARSÁID INMHEÁNACH

In 2019 d'fhorbair ETB Dhún na nGall inlíon foirne úr le cumarsáid inmheánach a fheabhsú. In 2020, cumasaíodh anailísíocht ar ár n-inlíon foirne, le heolas a thabhairt maidir leis an dóigh a bhfuil baill foirne ag idirghníomhú leis an suíomh.

D'fhorbair an tOifigeach Cumarsáide líon breise treoirlínte cumarsáide (i mBéarla agus i nGaeilge) in 2020. Maidir le cumarsáid inmheánach, áiríodh orthu sin:

1. Treoirlínte Brandála maidir le hÚsáid an Ainm (Leagan 1)
2. Teimpléad Sínihe Ríomhphoist (Leagan 3)

Úsáidtear an dá shraith treoirlínte sin chun críocha margaíochta fosta.

• GÉARCHÉIM CHUMARSÁIDE

In 2020, bhain sé sin le seacht bpreasráiteas a eisiúint a bhain go sonrach le bearta srianta COVID 19 agus an tionchar a bhí acu ar leanúint le seirbhísí inár scoileanna, inár n-ionaid FET agus inár nOifigí Riaracháin. Cuireadh rannán faisnéise ar bun fosta ar leathanach lamairne an láithreáin gréasáin agus cruthaíodh rannán ar fholláine na foirne in inlíon na foirne. D'eisigh Príomhfheidhmeannach ETB Dhún

na nGall teachtaireachtaí tacaíochta rialta don fhoireann go léir agus muid ag déanamh ár mbealaigh fríd an teagasc agus an fhoghlaim le linn na paindéime domhanda.

• **MARGAÍOCHT**

Rinneadh réimse leathan cumarsáide chun tacú le gníomhaíochtaí margaíochta in 2020, in ainneoin shrianta COVID 19.

Chomh maith le treoirínte maidir le húsáid ainmneacha agus sínithe ríomhphoist (féach an ceannteideal cumarsáide inmheánach), d'fhorbair an tOifigeach Cumarsáide roinnt treoirínte cumarsáide eile (i mBéarla agus i nGaeilge) in 2020 a bhaineann le margaíocht. Áirítear orthu:

1. Treoirínte Fógraíochta do FET maidir le Priontáil (Leagan I)
2. Treoirínte maidir le Físeáin Bholscaireachta a Chur le Chéile i Scoileanna (Leagan I)
3. Treoirínte maidir le Cuntais Meán Sóisialta a Úsáid le Tionscadail Mac Léinn a Chur Chun Cinn (Leagan I)



Cé go bhfuil margaíocht i gceist sna gníomhaíochtaí cumarsáide digití, a bhfuil achoimre tugtha orthu níos luaithe, bhí na nithe seo a leanas i gceist i ngníomhaíochtaí breise fosta:

- In 2020 cuireadh tús le hobair ar ollchóiriú iomlán dearaidh ar Réamheolaire FET, lena n-áirítear pleananna chun é a aistriú ó bhliain féilire mar a bhí sé go dtí seo agus go bliain acadúil (2021-2022) agus le cur leis an mhéid eolais a chuireann sé ar fáil.

- In 2020 d'fhoilsigh muid sraith d'ábhair úra bolscaireachta (taisce grianghraf gairmiúil, físeáin (liostaithe thíos), bróisiúr, bileog eolais agus preabmheirgí) do PLCanna faoin tSeirbhís FET a bhí ina leathnú breise ar na hábhair bhrandála agus bolscaireachta a forbraíodh fríd an bhróisiúr Roghanna FET do Lucht Fágála Scoile an bhliain roimhe sin. Chruthaigh an tOifigeach

Cumarsáide taisce sócmhainní meán sóisialta do na trí scoil le tacú leo a gcuid PLCanna féin a chur chun cinn.

Lean ETB Dhún na nGall ag obair go straitéiseach le hionad áitiúil meán ar líne *Donegal Daily* le seasamh Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a chur chun cinn, rud a chuireann seasamh ETB Dhún na nGall chun cinn dá bharr fosta. Foilsíodh naoi bhfógra in 2020 a dhírigh ar réimse áirithe foghlama nó tacaíochta laistigh den tSeirbhís FET trína iar-mhic léinn (féach Aguisín III).

Mar gheall ar shrianta COVID 19 in 2020, ní raibh an tSeirbhís FET in ann a Aonach Eolais agus Treorach bliantúil a réachtáil, rud a mheallfadh timpeall 1,000 duine fásta agus duine óg de ghnáth. Réiteach malartach amháin air sin a chuir an tSeirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh ar fáil ná ceithre alt faisnéise ghaolmhara a foilsíodh ar shuíomh gréasáin *Donegal Daily* agus cuntais meán sóisialta le linn mhí Aibreáin le cuidiú leo siúd a chaill a gcuid post (féach Aguisín IV). Socraíodh agallamh chun na tacaíochtaí sin a phlé le *Highland Radio* i mí Aibreáin.

Bhí an obair chun cumarsáid amhairc ETB Dhún na nGall a fhorbairt teoranta in 2020 fosta mar gheall ar shrianta COVID 19. Mar shampla, agus ionaid FET druidte, ní raibh muid in ann leanúint ar aghaidh ag cur taisce grianghraf gairmiúil FET le chéile agus níorbh fhéidir roinnt príomhimeachtaí bliantúla mar dhámhachtainí bliantúla an ETB agus Lá Fiontraíochta do scoileanna agus Cumasóige a réachtáil. Mar sin féin, tugadh roinnt oibre a thosaigh in 2019 chun críche in 2020:

- Críochnaíodh an obair ar fhíseáin bolscaireachta ar leith a fhorbairt do na cúrsaí PLC a chuireann an tSeirbhís FET ar fáil laistigh de thrí cinn d'iar-bhunscoileanna ETB Dhún na nGall in 2020:
 - Físeán foriomlán bolscaireachta PLC: <https://www.youtube.com/watch?v=9GkDKkas-Cw&list=PLIHRyIEecPtIOz0QCTwbbGUMOIwe-t3eq&index=13>
 - Físeán bolscaireachta PLC Choláiste an Eargail: <https://www.youtube.com/watch?v=uAAW4hmgLAs&list=PLIHRyIEecPtIOz0QCTwbbGUMOIwe-t3eq&index=10>
 - Físeán bolscaireachta PLC Choláiste Ghleann na Finne: <https://www.youtube.com/watch?v=IFtKf76XbDo&list=PLIHRyIEecPtIOz0QCTwbbGUMOIwe-t3eq&index=11>
 - Físeán bolscaireachta PLC Ghairmscoil Chaitríona: <https://www.youtube.com/watch?v=nUBcRVCFBGA&list=PLIHRyIEecPtIOz0QCTwbbGUMOIwe-t3eq&index=12>
- Cruthaíodh Seinnliosta Scéalta do Mhic Léinn FET ar YouTube fosta chun tús a chur le taisce físeán de theistiméireachtaí mac léinn FET a chur le chéile: <https://www.youtube.com/playlist?list=PLIHRyIEecPtIFlavZKsYSXYB688Zlxj-2>
- Toisc nach raibh an tOifigeach Earcaíochta FET in ann cuairt a thabhairt ar scoileanna chun cur i láthair a dhéanamh ar an tSeirbhís FET, cruthaíodh dhá fhíseán chun a chur ar a cumas cur i láthair a dhéanamh ar líne - físeán gairid chun deich gcúis a mhíniú le staidéar a dhéanamh le Seirbhís FET ETB Dhún na nGall (<https://www.youtube.com/watch?v=Nqjylm34pBw&list=PLIHRyIEecPtIOz0QCTwbbGUMOIwe-t3eq&index=2>) agus físeán níos faide (<https://www.youtube.com/watch?v=7UScjrVhdNE&list=PLIHRyIEecPtIOz0QCTwbbGUMOIwe-t3eq&index=1>).
- I mí an Mheithimh 2020, tar éis dó é a dhéanamh den chéad uair i mí an Mheithimh 2019 agus a bheith ar an chéad ETB a rinne amhlaidh, rinne ETB Dhún na nGall a lógó a nuashonrú ar a ardáin meán sóisialta go léir do na dathanna mórtais i ndlúthpháirtíocht lena mhic léinn agus lena fhoireann LGBTI+.

Rinneadh obair fosta ar roinnt nuachtlitreacha áitiúla agus náisiúnta:

- Rinneadh aighneacht chuig CSE/ESF dá nuachtlitir 2020 ag tarraingt aird ar ár gcuid oibre trí chlár chomh-mhaoinithe CSE/ESF. Áiríodh gné-alt ar thriúr bantáthairí (oiliúint i sainscileanna) i nuachtlitir 2020 a foilsíodh i mí na Nollag: <https://eufunds.ie/publications/> (Nuachtlitir CSE/ESF 2020, lch. 17).
- Fuarthas poiblíocht trí ETBI san iris náisiúnta a bhaineann leis an Chruinniú Mullaigh Scoileanna a eisíodh go digiteach in 2020 le gné-alt ar cheann dár gcuid mac léinn PLC: <https://belltimemagazine.ie/blog/2020/09/24/2020-autumn/> (lch.16).
- Cuireadh alt faoi thacaíocht ar líne ETB Dhún na nGall do ghnólachtaí (*Scileanna le Dul Chun Cinn*) le linn na chéad dianghlasála COVID 19 sa chuid is luaithe de 2020 isteach chuig tionscadal Dhiaspóra Dhún na nGall dá ríomhíris dar dáta Deireadh Fómhair 2020 (a bhfuil freastal domhanda aici) agus atá ar fáil anois sa rannán *Foghlaim i nDún na nGall* ar a suíomh gréasáin: <https://www.donegaldiaspora.ie/programme/donegal-businesses-upskill-staff-during-COVID-19-lockdown-donegal-etb>.
- Cuireadh sé ghné-alt isteach chuig ríomhíris Nuachta ETBI maidir le Breisoideachas agus Oiliúint i mí Feabhra, Bealtaine agus Nollaig 2020. Áirítear orthu:

Feabhra 2020

1. *Guth na Mac Léinn; an Chéad Fhóram dá leithéid do mhic léinn FET á reáchtáil ag ETB Dhún na nGall*

Bealtaine 2020

2. *Seirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh ETB Dhún na nGall ag tacú leo siúd a bhfuil Poist Caillte acu mar gheall ar COVID 19*

3. *Tacaíonn ETB Dhún na nGall le Gnólachtaí le linn Phaindéim COVID 19 le Scileanna le Dul Chun Cinn*

Nollaig 2020

4. *Oideachas Pobail ag Tacú le Pobail Dhún na nGall*

5. *Múineann Seirbhís FET ETB Dhún na nGall Roinnt Ceachtanna Beaga*

Labhair duine d'Oifigigh Rannpháirtíochta Fiontar ón tSeirbhís FET, Dearbhla Kelly, ar Eipeasóid 2 de phodchraoladh 'Business Matters' nuabhunaithe Highland Radio ar an 08 Iúil faoi na tacaíochtaí oiliúna a sholáthraíonn Seirbhís FET Dhún na nGall do ghnólachtaí Dhún na nGall: <https://www.highlandradio.com/2020/07/08/business-matters-ep-2-dearbhla-kelly-marjorie-mcdaid/> .

Chuir an tOifigeach Cumarsáide tacaíocht fógraíochta ar fáil don fhoireann Rannpháirtíochta Fiontar lena seimineáir ghréasáin ar líne don phobal gnó (achóimre tugtha air i dTosaíocht 13).



Bhí ETB Dhún na nGall mar chuid de shraith TG4 'Creative Company'

Bhí ETB Dhún na nGall ar cheann de dheich bhfoireann, lena n-áirítear dhá cheann as Contae Dhún na nGall, a ghlac páirt i sraith úr teilifíse ar TG4 darb ainm 'Creative Company' i mí Eanáir agus Feabhra 2020. Bhí an seó siamsaíochta ealaínbhunaithe sin ar siúl ar feadh sé seachtaine ón Déardaoin, 9 Eanáir agus thug sé faoi mhisean chun an t-ionad oibre is cruthaithí in Éirinn a aimsiú. Bhí ETB Dhún na nGall mar chuid den eipeasóid a craoladh ar an 6 Feabhra.

Chuir Creative Company gach foireann i bpéirí le healaíontóir cumasach Éireannach le linn an phróisis iomláin a d'oibrigh leis na comhlachtaí a bhí i gceist - d'oibrigh Liam de Frinse, ealaíontóir ildisciplíneach as Béal Feirste a bhfuil duaiseanna bainte aige, le foireann ETB Dhún na nGall sa dara leath de 2019 chun teacht suas lena bpíosa ealaíne 'Saor' a léirigh trí chrann taca na heagraíochta.



Rinne foireann criticeoirí ealaíne breithiúnas ar an tionscadal - Evelyn O'Rourke, Craoltóir RTÉ; Caomhán Mac Con Iomaire, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Helen Carroll, Business to Arts.

Ba iad na naoi gcuideachta rannpháirteacha eile ná Circle K, Energia, The Gleneagle Hotel, Big O Taxi's, The Dingle Hub, Standún, Raidió na Life, Maurice Ward Transport agus Donegal Yarns.

Shroich cúig ionad oibre an cluiche ceannais agus chuidigh vóta poiblí le cinneadh a dhéanamh ar an ionad oibre a chruthaigh an píosa ealaíne is suntasaí agus arbh fhiú é a aithint mar an comhlacht is cruthaithí in Éirinn.

Rinne foireann de sheisear ball foirne ó gach cuid den eagraíocht ionadaíocht ar ETB Dhún na nGall: iar-Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (OSD) Jim McGlynn, Oifigeach Tacaíochta Gaeilge Derval Newman, Múinteoir Ealaíne agus Dearaidh Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna (FET), Cróna Kerr, Múinteoir Ealaíne Choláiste an Eargail Marie Crossan, Múinteoir Teicneolaíochta Ábhar Adhmaid, Choláiste Ailigh Blaine Ó Maolagáin agus Bainisteoir Cúnta Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn agus Ghaoth Dobhair Colm Mac Ristéard.



Cé gur éirigh le ETB Dhún na nGall an cluiche ceannais a bhaint amach lena shaothar 'Saor', ar an drochuair, níor bhuaigh muid ach bhí áthas orainn gur bhuaigh comhlacht eile ó Dhún na nGall, Donegal Yarns, agus ba chúis áthais dúinn an deis uathúil sin a fháil.

Nóta Ómóis do Jim McGlynn



Bhí an tUasal Jim McGlynn ag feidhmiú mar Stiúrthóir Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha linn le fada an lá. Tá sé ar scor anois i ndiaidh dó trí bliana is dhá scor de sheirbhís a thabhairt d'ETB Dhún na nGall. Chuir sé go mór leis an dul chun cinn a rinne an eagraíocht le linn na tréimhse sin. Tá an píosa seo a leanas ina nóta ómóis do Jim; bhí sé le feiceáil sna meáin áitiúla nuair a d'éirigh sé as a phost.

Agallamh de chuid an Donegal News le Stiúrthóir OSD Jim McGlynn, a foilsíodh ar an 24 Nollaig 2020 *

Is iomaí athrú in ETB Dhún na nGall a tharla le linn a ghairmréime.

Nuair a chríochnaigh Jim McGlynn a Scrúduithe Ardeistiméireachta in 1977 ba é an aidhm a bhí aige, cosúil le go leor dá chomhghleacaithe san am sin, post slán, buan agus inphinsin a fháil.

Mheall tuarastal maith, teidlíochtaí pinsin agus an seans ardú céime a fháil le fostóir amháin fear óg Ghleann Fhinne i dtreo Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall (VEC).

In éineacht le Paddy Gallagher, Finola Furey, Frankie Quinn, Patrick Doherty agus Patsy Breslin, suaimhneas síoraí dó, fear a bhfuil cuimhne cheanúil air; rinne sé suas an rud ar a tugadh “Rang ’78” ina dhiaidh sin.

An tseachtain seo caite, d’fhreastail Jim (61) ar a chruinniú deiridh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB), a tháinig in áit an iar-VEC in 2013, sular scoir sé ag deireadh na bliana.

Críochnaíonn sé slí bheatha sa tseirbhís phoiblí a mhair gar do 43 bliain, gairm a d’fhág go raibh sé ina cheannaire sinsearach ar cheann de na heagraíochtaí eanála poiblí is mó sa chontae.

Ceann Riaracháin agus Airgeadais le blianta fada, bhí Jim ina Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (OSD) le ceithre bliana anuas. Tá go leor athruithe feicthe aige san am sin agus an tseachtain seo rinne sé machnamh ar an mhéid a rinne sé agus VEC / ETB Dhún na nGall chun feabhas a chur ar shaol shaoránaigh an chontae agus tacú leis.

Bhí buiséad an VEC níos lú ná €3 mhilliún nuair a thosaigh Jim den chéad uair siar in 1978. Bhí baint mhór ag a gcuid oibre ag an am sin lena naoi nGairmscoil, Coláiste Teicniúil Réigiúnach Leitir Ceanainn (RTC) agus an Scoil Turasóireachta sna Cealla Beaga, mar aon le clár suntasach Ranganna Oíche um Oideachas Aosach.

I mbliana, rachaidh an buiséad thar €80 milliún agus clúdaíonn sé iarSheirbhísí Oiliúna FÁS sna hIonaid Oiliúna Leitir Ceanainn agus Gaoth Dobhair a aistríodh chuig an ETB in 2014.

Cé nach bhfuil ETB Dhún na nGall freagrach as Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn ná Scoil Turasóireachta sna Cealla Beaga níos mó, tá 15 Ghairmscoil agus 17 nIonad Breisoideachais agus Oiliúna scaipthe ar fud an chontae agus ar a chuid oileán Árann Mhór agus Toraigh.

“Nuair a thosaigh an seisear againn in 1978, is beag nár mhéadaigh muid líon na foirne riaracháin faoi dhó sna hOifigí Riaracháin,” a thug sé chun cuimhne an tseachtain seo.

Bliain roimhe sin, bhí ollbhua ag Fianna Fáil san Olltoghchán agus ba é ceann dá ngealltanais líon na státseirbhíseach agus na státseirbhíseach poiblí a mhéadú.

DALTA CÓNAITHE

“Bhí mé i mo dhalta cónaithe i gColáiste Naomh Adhamhnán agus cé go raibh deis agam dul go dtí an tríú leibhéal níor thapaigh mé an deis; ní raibh sé de nós ag an oiread sin daoine dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal ag an am sin. Mheall an fhostaíocht agus ioncam rialta mé. Dá thairbhe sin, chuaigh mé a lorg oibre. An Feabhra ina dhiaidh sin (1978) fuair mé mo chéad tairiscint bhuan, chun dul isteach sa BSL i Sligeach, ach bhí mo chontae dúchais agus Leitir Ceanainn i gcónaí do mo tharraingt.

“Bhí léar mór post fógartha sna páipéir deireadh seachtaine sa státseirbhís agus i go leor comhlachtaí poiblí cosúil le Bord Sláinte an Iarthuaiscirt (NWHB), údaráis áitiúla, lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall agus VEC Dhún na nGall. Ní raibh mé chomh feasach ar an VEC agus na cinn eile agus mar sin bhí mé fiosrach agus chuaigh mé isteach san Oifig Náisiúnta Daonchumhachta i mBealach Féich agus fuair mé go leor eolais ansin; cuireadh ina luí orm gur chóir dom iarratas a dhéanamh. Sna laethanta sin, cuireadh iarratasóirí ar phainéil Oifigeach Cléireachais ag féachaint dá dtorthaí Ardeistiméireachta agus a bhfeidhmíocht ag an agallamh.

Tairgeadh fostaíocht shealadach dom le Comhairle Contae Dhún na nGall áit ar chaith mé ceithre lá sular tairgeadh post buan dom le BSL i Sligeach an tseachtain chéanna. Ansin tairgeadh post mar oifigeach cléireachais dom leis an VEC i mí Lúnasa 1978 agus thosaigh mé ar an 14 Lúnasa. Saoire eaglaise an lá dar gcionn nuair a druideadh na seirbhísí poiblí, agus mar sin bhí an lá saor againn. Shíl mé gur obair iontach a bhí ann!” ar seisean agus é ag gáire.

Bhí Oifigí Riaracháin an VEC ag an am sin lonnaithe i seanfhoirgneamh Ghairmscoil Leitir Ceanainn ar Ard Uí Dhónaill.

“Glacann cuid dár Roinn Acmhainní Daonna reatha an spás céanna uilig a bhí againn ansin.” a dúirt sé.

In 1979, bhog na hOifigí chuig cóiríocht ar léas ar urlár uachtarach fhoirgneamh Theach Gleneany ar Bhóthar an Phoirt agus ansin ar aghaidh go Bóthar an Phiarsaigh, in aice leis an Ionad Pobail, sular fhill siad ar Ard Uí Dhónaill in 1987, i ndiaidh oscailt Choláiste an Eargail ag Windyhall. Tá sé mar cheanncheathrú ag an ETB ó shin.

Sna seachtóidí agus go luath sna hochtóidí cuireadh oideachas ar a lán mac léinn i bhfoirgnimh réamhdhéanta sular thosaigh an VEC ar chlár tógála ollmhór le tacaíocht na Roinne Oideachais; Seán Ó Longáin a bhí mar POF ar an VEC ag an tráth sin.

“Foirgnimh réamhdhéanta go huile is go hiomlán a bhí i gceist i gcuid de na scoileanna ag an am sin. Tagann na Cealla Beaga chun cuimhne. Bhí mé ag obair i seirbhísí Foirgníochta ag staid amháin le linn na tréimhse sin agus is cuimhin liom muid ag tuairisciú don VEC agus don Roinn gur chiallaigh an fás ar rolluithe inár scoileanna gur úsáideadh 186 foirgneamh réamhdhéanta chun mic léinn a choinneáil i VEC Dhún na nGall. ”

FOIRGNIMH SCOILE ÚRA

Ag tosú le Gairmscoil na Mainistreach i mBaile Dhún na nGall in 1981, infheistíodh na milliúin i bhfoirgnimh scoile úra ar tír mór agus ar ár dhá oileán. Nuair a tógadh na scoileanna úra, coinníodh agus oiriúnaíodh seanfhoirgnimh na Gairmscoile chun cláir Bhreiseoideachais agus Oideachais Aosaigh a éascú - cosúil le Gort a Choirce, Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Bun Cranncha agus le déanaí, seanfhoirgneamh Choláiste Ghleann na Finne ar an Príomhshráid i Srath an Urláir.

“Bhí Príomhoidí Scoile iontacha againn ag réachtáil ár scoileanna i ndálaí deacra sna blianta tosaigh sin agus lean cáilíocht na ceannaireachta sin go dtí an lá atá inniu ann. Ba iad Hugh Dorrian agus Michael Fox ár gcéad Eagraithe Oideachais Aosaigh agus rinne siad a lán bunobair maidir le cuid de na cláir tosaigh oideachais bhreise agus aosaigh a bhunú. Tháinig Cróna Gallagher agus Martin Gormley i gcomharbacht orthu; thug siadsan faoi réimse iomlán clár breiseoideachais a fhás agus a fhorbairt, lena n-áirítear cláir oideachais pobail a sheachadadh sna pobail agus sna bailte agus na sráidbhailte,” a dúirt sé.

Bhí Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin ina chuid mhór de mo shaol oibre i gcónaí agus tá oideachas ceoil, obair ógra agus oideachas agus cosc drugaí agus alcóil ina gcuid dhilis dár n-oibríochtaí ETB.

“Bhí an oiread sin clár maith FET ann mar SDOG, Cumasóige, Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), Litearthacht Aosach agus Oideachas Pobail a chuir an ETB ar fáil thar na blianta,” ar seisean.

Ag tosú mar Oifigeach Cléireachais ag Grád 3, d'oibrigh Jim a bhealach suas chun a bheith ina Cheann Riaracháin faoi 1987 agus mar an tOifigeach Riaracháin is óige (Grád 7) sa tseirbhís phoiblí ag an am sin. Sna blianta tosaigh, tugadh faoi go leor de na feidhmeanna riaracháin de lámh agus ní raibh ach bogearraí bunúsacha párolla agus cuntasáíochta ar fáil.

Ag aithint an ghá atá le córais fheabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus, i bhfad sula raibh daoine ag caint faoi choincheap na seirbhísí comhroinnte, chuaigh Jim i dteagmháil lena chomhghleacaithe i VEC Dhún na nGall agus chomhoibrigh sé le

comhghleacaithe i VECanna eile chun córais agus bogearraí úra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus an leas is fearr a bhaint as buntáistí teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn inár bhfeidhmeanna riaracháin.

“Rinneadh obair na gcapall chun córais AD agus Párolla agus córais bainistíochta airgeadais lán-chomhtháite a bhunú atá againn anois. Ag dul sa tseans a bhí muid i ndáiríre san am sin ach tá siad uilig ag feidhmiú tar éis an tsaol,” a dúirt sé.

“Tá an oibríocht iomlán athraithe go hiomlán agus bhí muid in áit mhaith le seirbhísí tacaíochta eagraíochta a sholáthar a chuimsíonn Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Párolla, TF, Corparáideach, Soláthar, Sláinte agus Sábháilteachta agus Seirbhísí Foirgníochta dár scoileanna, ionaid, baill foirne agus soláthraithe ag leanúint na ndúshlán a bhaineann le paindéim 19 COVID.

“Bhí muid in ann freagairt go tapa agus go héifeachtúil chun leanúint ar aghaidh ag tacú lenár 1,600 ball foirne agus 29,000 mac léinn inár scoileanna agus inár n-ionaid agus caithfear creidiúint mhór a thabhairt do mo chomhghleacaithe, Sharon McColgan, Ceann Airgeadais, Ciaran Cunningham, Ceann TF, Eileen Doherty, Ceann AD agus Brenda Boyle, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha agus a bhfoirne faoi seach. Bhí an t-ádh orm a bheith i gceannas agus a bheith ag obair le go leor comhghleacaithe ar aon intinn liom le linn mo shlí bheatha a raibh dearcadh “is féidir linn” maidir lenár gcuid oibre.”

Sa lá atá inniu ann, tá ballraíocht Bhord an ETB comhdhéanta de Chomhairleoirí Contae arna n-ainmniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall, in éineacht le hionadaithe tofa foirne agus tuismitheoirí, agus ainmnithe grúpaí sainleasa lena n-áirítear gnó, mic léinn, comhlachtaí bainistíochta scoile, turasóireacht agus oideachas speisialta.

IOMARCACH

“Mar sin féin, ceatharacha bliain ó shin ba ghnách le TDanna, FPEanna, Seanadóirí agus ainmnithe reiligiúnacha a bheith ar Choiste an iar-VEC. Bhí sé rud beag iomarcach ag an tús. Bhí daoine ann mar Neil T Blaney, Patrick McGowan, Paddy Harte, Pat the Cope Gallagher agus le déanaí, Mary Coughlan. D'oibrir mé le go leor ionadaithe poiblí iomráiteacha ar na boird sin go dtí an lá inniu agus ba mhór agam na teachtaireachtaí ómóis a thug ár gCathaoirleach atá ag dul as oifig, Geoffrey Browne agus na Comhaltaí Boird reatha ag mo chruinniú deiridh ar an 7 Nollaig. Ba mhaith liom 'go raibh maith agat' a rá le gach duine a thug seirbhís le linn mo thréimhse,” a dúirt sé.

Bhí Seán Ó Longáin ina POF idir 1976 agus 2009 agus rinne sé beart de réir a bhriathair. Tháinig Mary Anne Kane i gcomharbacht air; bhí sí ina hOifigeach Oideachais roimhe sin agus ar an drochuair fuair sí bás in 2012. Bhí Sean Purcell, iar-POF i VEC Shligigh, i gceannas ansin sular aistrigh sé ar ais go ETB Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma in 2015 agus ceapadh Anne McHugh mar Phríomhfeidhmeannach ag an staid sin. Tar éis VECanna a athainmniú mar Bhoird Oideachais agus Oiliúna, measadh go raibh VEC Dhún na nGall ar scála leordhóthanach agus go raibh sé ag feidhmiú mar ETB neamhspleách; dea-scéal a bhí ann dúinn uilig! Chinn an Roinn Oideachais gur cheart trí phost Stiúrthóra a shannadh do gach ETB a thuairiscíonn don POF agus tháinig Martin Gormley ar bord mar Stiúrthóir Scoileanna agus Cróna Gallagher ar bord mar Stiúrthóir Oideachais agus Oiliúna (FET) i Meán Fómhair 2016. D'oibrir an triúr Stiúrthóirí go dlúth lenár POF, Anne McHugh le leanúint ar aghaidh ag seachadadh ár Ráitis Straitéise agus ár bPleananna Seirbhíse bliantúla agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Anne, le Martin agus le Cróna as a gcomhghleacáíocht agus a dtacaíocht dom thar an am sin. Tá RGCS (GDPR), Rialachas, comhlíonadh agus rialuithe inmheánacha in úsáid againn anois mar ghnáth-thearmaí inár gcuid oibre.

“Ní raibh muid faiteach riamh maidir le cásanna gnó láidre a dhéanamh do Dhún na nGall le caipiteal nó maoiniú agus foireann athfhillteach a fháil. D'fhéach muid i gcónaí le gach leibhéal infheistíochta a uasmhéadú i gcomhair foirne, foirgneamh, áiseanna agus trealamh. Lena ceart a thabhairt di, d'aithin an Roinn Oideachais de ghnáth an gá atá le hinfeistíocht den sórt sin agus ba é an t-aon frustrachas i gcásanna áirithe an t-am a thóg sé an infheistíocht sin a sheachadadh agus leas a bhaint aisti.” a dúirt sé.

“Mhair muid agus d'oibrir muid fríd roinnt droch-chúluithe eacnamaíochta; is cuimhin liom go háirithe na hochtóidí nuair a bhí ar oibríthe ÍMAT dul i mbun feachtais i gcoinne leibhéal arda cánachais agus rátaí arda úis morgáiste. Tháinig muid slán as an chúlú eacnamaíochta is déanaí agus tá muid i lár phaindéim COVID 19 anois, áfach. Fuair mé amach thar na blianta go bhfuil muintir Dhún na nGall an-acmhainneach agus tá mé muiníneach go dtiocfaidh muid ar fad as seo níos fearr agus níos láidre,” ar seisean.

Pósta le Frances, tá triúr leanaí fása ag an lánúin: Shane, James agus Louise. Captaen ar Chumann Gailf an ETB i mbliana, tá súil ag Jim beagán níos mó ama a chaitheamh ar na banógai cé go bhfuil sé ina bhall de Chlub CLG Gaeil Leitir Ceanainn fosta.

Mar bhaill de Chlub Siúlóireachta na Súilí, tá súil ag Jim agus Frances níos mó ama a chaitheamh ag siúl sna cnoic.

“Cé gurb iad an CLG agus Galf na rudaí is mó a bhfuil spéis agam iontu taobh amuigh den obair, d'oscail Siúlóirí na Súilí ár súile don oiread sin áiteanna áille inár gcontae iontach agus níos faide anonn nach bhfeiceann tú ach i gceart de shiúl na gcós.” a dúirt sé.

“Ba mhaith liom cuidiú le cumann foirne ar scor a bhunú. Maidir le heagraíocht chomh mór le ETB Dhún na nGall le 1,600 go 1,700 ball foirne scaipthe ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad go léir, silim go mbeadh sé go deas deis a chruthú do chomhghleacaithe atá ar scor bualadh le chéile go sóisialta i ndiaidh dóibh dul ar scor.” a dúirt sé.

Agus ansin tá Arsenal ann ach, dá laghad a deirtear fá sin i láthair na huaire, is amhlaidh is fearr é!

* Cóip d'agallamh a bhí ag Leaseagarthóir Donegal News Harry Walsh le Jim McGlynn, foilsithe anseo le cead.

EOCHAIRTHÉAMA 3

AG OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE

TOSAÍOCHT 13

Tógáil ar chaidrimh atá bunaithe cheana le grúpaí pobail áitiúla agus le comhpháirtithe cuí deonacha, reachtúla, trasteorann agus le fostóirí le hoibriú i dtreo comhspriocanna.

TORADH

Comhpháirtíochtaí neartaithe a sholáthraíonn cineálacha cur chuige níos dírithe ar dheiseanna foghlama agus fostaíochta.

Comhpháirtíochtaí Pobail

Bhí ról tábhachtach ag comhoibriú agus ag comhpháirtíocht leis an earnáil phobail agus dheonach in obair na seirbhíse FET in 2020. Maoiníodh 62 grúpa pobail chun teagasc a sholáthar do ghrúpaí oideachais áitiúla. Mar sin féin, bhí tionchar mór ag COVID 19 ar sheachadadh an oideachais pobail, agus seachadadh 169 cúrsa, síos ó bheagnach 500 in 2019. I measc na gcúrsaí a raibh an t-éileamh ba mhó orthu bhí saothrú glasraí orgánacha, sealgaireacht, bithéagsúlacht a fheabhsú agus athbhunú speicis san fhiántas, ealaín ar líne agus ióga. Reáchtáladh an seimineár bliantúil maidir le hOideachas Pobail ar líne ar an 11 Nollaig. Ba é an príomhchainteoir ná an síceolaí Shane Martin; labhair sé faoi théama na folláine pearsanta agus a bhí na rannpháirtithe (níos mó ná 70 acu) an-tógtha leis.

Thacaigh an tseirbhís FET le 30 Soláthraí Oideachais Pobail le hiarratas a chur isteach chuig SOLAS le haghaidh maoinithe tríd an Chiste um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú (MAEDF) chun moil dhigiteacha agus staidéir a bhunú chun tacú le rannpháirtíocht mac léinn faoi mhíbhuntáiste i bpobail áitiúla. Bhain sé leas fosta as maoiniú MAEDF chun 4 mhol dhigiteacha agus staidéir a bhunú laistigh d'ionaid ETB chun freastal ar mhic léinn a bhféadfadh fadhbanna a bheith acu sa bhaile le nascacht nó nach bhfuil rochtain acu ar ghléasanna digiteacha. Cuideoidh an tionscnamh sin leis an deighilt dhigiteach agus an míbhuntáiste oideachais i bpobail imeallaithe a laghdú.

Rannpháirtíocht Lucht Fiontraíochta

Ba bhliain chorráitheach í 2020 dár seirbhís Rannpháirtíochta Fiontraíochta. De thairbhe gur earcaíodh Oifigeach Forbartha Cláir (PDO) agus go ndearnadh an iar-fheidhm Scileanna don Obair a chonascadh leis an fhoireann Rannpháirtíochta Fiontraíochta cuireadh ar ár gcumas soláthar seirbhíse a fheabhsú agus leanúint ar aghaidh le freastal ar níos mó daoine ar fud 'thírdhreach tionsclaíoch' Dhún na nGall. Chuir na forbairtí sin ar ár gcumas freagairt go tráthúil do riachtanais oiliúna aitheanta ár gcliant. Tugann an fhoireann chomhtháite, le hOifigeach Rannpháirtíochta Fiontraíochta a dhíríonn go príomha ar sholáthar Leibhéal QQI 1-4, an cumas dúinn idirghabhálacha oiliúna a sholáthar ar fud an speictrim ó Leibhéal 1-6 agus rochtain ar bhealaí foghlama éagsúla a éascú dár gcuid mac léinn.

Príomhdhúshlán ón tús dár seirbhís Rannpháirtíochta Fiontraíochta ba ea an gá atá le branda FET Dhún na nGall a bhunú mar sheirbhís ghairmiúil shofhreagrach le go leor le tairiscint d'earnáil na tionsclaíochta i nDún na nGall. Ag tús na bliana, chuaigh muid i gcomhar leis an chlár *Business Matters* ar *Highland Radio*. Chuir an fiontar sin an t-ardán ar fáil dúinn chun ár seirbhísí fiontraíochta a phoibliú ar fud réigiún an Iarthuaiscirt agus freastal ar roinnt agallamh aghaidh ar aghaidh le príomhphearsanra inár bhfoireann ar an phodchraoladh sheachtainiúil - tá an t-aiseolas ar an chomhpháirtíocht sin thar a bheith dearfach. Thug muid faoi roinnt tionscadal lasmuigh fosta le tacaíocht ón Oifigeach Cumarsáide a chuidigh linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh ina leith. I measc na seimineár gréasáin a reáchtáladh ar líne don earnáil ghnó in 2020 bhí:



1. 14 Aibreán: Cumarsáid a dhéanamh le do Chustaiméirí le linn Géarchéime
2. 20 Bealtaine: Miondíol a Thosú Arís; Treochtaí & Múnlaí Miondíola atá ag Teacht Chun Cinn
3. 27 Bealtaine: Miondíol a Thosú Arís - Ag Teacht Slán as an Ghéarchéim Reatha
4. 28 Bealtaine: Miondíol a Thosú Arís - Do Phlean Miondíola a Chruthú
5. 15 Meán Fómhair: Straitéisí Díolacháin i ndiaidh COVID-19
6. 22 Meán Fómhair: An Ghlúin Tosaigh

Communicating
with your
Customers
in a Time of Crisis



Supported by Donegal
ETB's Further Education &
Training (FET) Service
through the Skills to
Advance initiative.

Bhí an comhoibriú leis an phobal gnó ríthábhachtach lena chinntiú go n-éireodh leis na hócáidí rannpháirtíochta. Líonra Gnó Dhún na nGall a bhí i gceannas ar sheimineár gréasáin mhí Aibreáin i gcomhar leis an Chumann Tráchtála agus Líonra Mhná Gnó Dhún na nGall. Bhí seimineáir ghréasáin na Bealtaine i gcomhpháirtíocht le Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn, agus bhí Líonra Gnó Dhún na nGall i gceannas ar dhá sheimineár i Meán Fómhair i gcomhpháirtíocht le podchraoladh Highland Radio 'Business Matters' agus thacaigh gach ceann acu le príomhlíonraí gnó an chontae - Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn agus Líonra Mhná Gnó Dhún na nGall.

I measc na dtionscnamh clár ar leibhéal náisiúnta a forbraíodh go háitiúil in 2020 bhí Teastas L4 (L6 NFQ) i gCeannaireacht agus Bainistíocht arna dheimhniú ag City & Guilds/ILM. Forbraíodh ábhar seachadta an tionscnaimh sin mar chuid de chomharchumann Scileanna Réigiúnacha SOLAS ina raibh ceithre ETB, i gcomhar le SOLAS, Fiontraíocht Éireann agus na Fóraim Réigiúnacha Scileanna, áit a raibh an phríomhfhreagracht ar ETB Dhún na nGall. Seachadadh an clár sin do 3 ghrúpa in 2020, le rannpháirtithe ag dul ó earnálacha éagsúla tionscail agus mar thoradh ar phaindéim COVID 19 tairgeadh aonad neamhspleách maidir le Cianobrithe a Bhainistiú fosta le cuidiú le heagraíochtaí a bhfoirne a bhainistiú agus iad 'ag obair ón bhaile'.

Múineadh gach clár d'fhostaithe ar líne ó Mhárta 2020. Seachadadh 60 clár éagsúil i gcomhar le 117 comhlacht agus cohórt de 509 mac léinn in 2020.

Treoir do Dhaoine Fásta

Chomhoibrigh Seirbhís Treorach FET le seirbhís Treorach MSLETB chun 'Bain Amach Barr do Chumais' a rolladh amach, clár 4 seachtaine ar líne a dhíríonn isteach ar dheiseanna gairme agus ar phleanáil gairme. Ghlac 24 cliant páirt sa tionscnamh; 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine a bhí i gceist. Ba é an mheicníocht a úsáideadh chun an tionscnamh sin a sheachadadh ná MyFuture ó www.careersportal.ie.

Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)

Cuireadh leis an obair maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) in 2020 chun tús a chur le comhpháirtíocht chomhoibritheach 2 bhliain le ETB Luimnigh agus an Chláir (LCETB) agus le LyfT. Cuireadh tús leis an tionscadal, *Inniúlachtaí Fhostaithe na hEarnála Cúraim a Bhailíochtú (VCCSE)*, i Meitheamh 2020 agus úsáideann sé RPL chun tacú le fostaithe sa tseirbhís cúraim tabhairt faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint. Aithníodh an lucht saothair sin mar ghrúpa “i mbaol” a mbíonn an chuid is lú cáilíochtaí acu go minic agus gan mórán soghluaisteachta gairme. Is iad príomhchuspóirí an tionscadail: bealach malartach luathaithe a sholáthar chun cáilíocht a fháil do chúntóirí cúraim sláinte agus chun RPL a leabú agus a chur i mbéal an phobail mar phríomhphróiseas in FET trí acmhainn na foirne FET a fhorbairt, tuiscint ar an phróiseas a chothú agus tacar acmhainní a chur le chéile don earnáil. I measc na ndámhachtainí sprice tá Mórdámhachtain QQI L5 i *Scileanna Seirbhíse Sláinte* agus Mórdámhachtain QQI L5 i *Tacaíocht Cúraim Sláinte*.

Faoi dheireadh 2020, bhí 81 fostaí de chuid na hearnála cúraim a raibh taithí acu i nDún na nGall tar éis 81 Miondámhachtain QQI L5 agus 5 Mhórdámhachtain QQI L5 a bhaint amach.

Lean an comhoibriú leis na Pobail Taistealaithe agus Romach in 2020 chun tacú le rannpháirtíocht i soláthar FET. Thacaigh comhoibriú na seirbhíse FET leis an Chomhaontas Aoisbhá le soláthar agus le daoine scothaosta sa phobal a chuimsiú i dtionscnaimh agus i soláthar FET. Príomhthionscnamh in 2020 ba ea forbairt leabhrán gníomhaíochtaí, faisnéise agus alt a scaipeadh ar 5,000 teaghlach sa chontae. Thug sé sin deis chun seasamh agus freastal FET sa chontae a fheabhsú.

Naisc trí cheol - Mar gheall ar an dúshlán a bhain le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID 19, neartaigh Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall a naisc le móreagraíochtaí ceoil go náisiúnta. Bhí Martin McGinley de chuid an DMEP páirteach i gcrúinnithe rialta ar líne le comhordaitheoirí *Music Generation* ar fud na tíre. Bhí sé ina chomhalta boird de *Chumann Ceolfhoirne Óige na hÉireann*, príomhfhoine treorach agus nuachta in oideachas ceoil in 2020.

Lean an DMEP ag obair le Comhairle Contae Dhún na nGall, agus go háirithe an t-oifigeach ealaíon Traolach Ó Fionnáin, ar thionscadail shuntasacha ceoil. Ina measc sin go príomha in 2020 bhí coimisiún mór don chumadóir agus stiúrthóir as Baile Átha Cliath Vincent Kennedy, arna mhaoiniú ag an Chomhairle agus ag *Éire Cruthaitheach*. Cumfaidh Vincent, a stiúrann *Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall*, sraith cheolfhoirneach chun *Colmcille 1500* a cheiliúradh in 2021.

Rinneadh forbairt bhreise ar naisc meán fosta. I mí Feabhra bhí teagascóir acmhainne veidhlín lánaimseartha an DMEP Orsolya Szabo-Yélamo agus a fear céile Victor Yélamo, ar teagascóir DMEP é fosta, le cloisteáil sa tsraith ‘Musical Migrations’, arna leiriú ag *RTÉ Lyric FM*. Thug láithreoir *Lyric FM* Evelyn Grant ómós speisialta ar an aer don tSr Concepta Murphy, duine de bhunaitheoirí an DMEP, i ndiaidh di bás a fháil i mí Mheán Fómhair.

Chuidigh an DMEP le héisteachtaí a eagrú ar an Chlochán Liath do seó ITV ‘*The Voice UK*’, rud a d’fhág go raibh an tríréad amhránaíochta ‘*Evergreen*’ le feiceáil ar an chlár i mí Feabhra 2020.

Tionscadal Idirghníomhaíochta Ceannaireachta Pobail arna mhaoiniú ag PEACE IV

Tháinig deireadh leis an tionscadal comhoibritheach idirghníomhaireachta sin faoi stiúir Sheirbhís FET ETB Dhún na nGall i gcomhar le Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain (IDP) agus *Cuideachta Forbartha Áitiúil Dhún na nGall (DLDC)* in 2020. Thacaigh an tionscadal le rannpháirtíocht le 10 mol pobail feadh limistéar na teorann i nDún na nGall agus d’éascaigh sé idirghníomhaíocht trasteorann agus trasphobail, rannpháirtíocht agus eispéiris cultúrtha comhroinnte. Bhí tionchar ag COVID 19 ar thorthaí an tionscadail ach d’éirigh le 51 rannpháirtí creidiúnú NFQ L5 a bhaint amach in *Ag Obair le Grúpaí agus Anailís Shóisialta*.

Cláir Oideachais maidir le Drugaí agus Alcól

Oibríonn ETB Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthuaiscirt, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le Fóram Alcóil Éireann chomh maith le go leor páirtithe leasmhara chun oideachas agus oiliúint a fhorbairt, a dhearadh agus a sheachadadh do sheirbhísí agus eagraíochtaí túslíne agus neamh-thúslíne. Baineann go leor eagraíochtaí reachtúla ar nós Tusla, FSS, Gardaí, agus eagraíochtaí agus daoine aonair neamhreachtúla leas as an chúrsa eolasach fianaise le tacú lena bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus lena gcúrsaí creidiúnaithe. Gach bliain glacann suas le 200 duine páirt sna cláir oideachais maidir le halcól agus drugaí eile.

TOSAÍOCHT 14

Tacú le soláthar, le comhordú, le riarachán agus le measúnú gníomhaíochtaí oibre ógra ar fud an chontae.

TORADH

Tuilleadh forbartha ar obair ógra ar ardchaighdeán i nDún na nGall.

Feidhmeanna Oibre Ógra

UBU D'Áit Do Spás a Chur i bhFeidhm

Scéim úr mhaoinithe spriocdhírthe í sin a bhí ann do sheirbhísí ógra. Tháinig an scéim maoinithe úr sin in áit na *Scéim na Tionscadal Speisialta do Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste*. Tharla an t-aistriú chuig *UBU D'Áit Do Spás* ar an 1 Iúil 2020. Tá sé mar aidhm ag an Scéim Maoinithe tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine óga ina bpobail áitiúla le cur ar a gcumas deacrachtaí a shárú agus a lánacmhainneacht a bhaint amach trína dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta a fheabhsú.

Treoraíonn agus tacaíonn Grúpa Comhordaithe Oibre Ógra ETB Dhún na nGall le hobair na bhFeidhmeanna Oibre Ógra.

Áiríodh sa phróiseas *UBU D'Áit Do Spás*:

Próiseas Iarratais leis na hEagraíochtaí Ógra curtha i gcrích, lena n-áirítear,

- Measúnuithe agus Athbhreithnithe ar Fhoirmeacha Iarratais
- 3 Eagraíocht Óige suite sa Scéim UBU; Bíodh CLG, Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Foróige páirteach ann.
- Maoiniú don Scéim UBU arna riaradh dá réir.

Creat Feidhmíochta, Maoirseachta & Rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm leis na hEagraíochtaí Óige.

Reáchtáladh Cruinnithe Athbhreithnithe Pleanála agus Dul Chun Cinn fosta.

Cuireadh tús le hAthbhreithnithe agus leis an Phróiseas Feabhsúcháin Leanúnaigh.

Teagmháil rialta agus leanúnach leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige DCYA / an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige DCEDIY.

Rinneadh Próifíl Ceantair 'Láithreáin Úrnuá', Measúnú Riachtanas agus Riachtanas Seirbhíse

leis an scéal a chinntiú maidir le réigiúin gheografacha nó téamaí i dtaca le riachtanais soláthar seirbhíse laistigh de limistéar ETB Dhún na nGall.

Tá na clár seo a leanas á maoiniú go fóill laistigh de Thionscadail Speisialta don Óige, Ionad Eolais don Óige, Caipiteal Óige agus Tascfhórsa Áitiúil Drugaí & Alcól fríd an DCYA / DCEDIY.

Ionad Eolais Óige Leitir Ceanainn (Seirbhís Óige Dhún na nGall)

Óige Dhún na nGall: Clár Oiliúna maidir le Drugaí agus Alcól a Chosc (Foróige)

Clár Oideachais agus Oiliúna maidir le Drugaí i nDún na nGall (ETB Dhún na nGall)

Tionscnamh Seirbhíse Óige LGBTI +

Maoiniú a sholáthar chun tacú le soláthar sonrach seirbhíse óige LGBTI + le fócas ar leith ar an infhaighteacht agus rochtain ar sheirbhísí óige do dhaoine óga LGBTI + i gceantair thuaithe. Tá an Tionscnamh beartaithe chun soláthar a dhéanamh d'uaireanta breise oibríthe óige atá tiomnaithe go sonrach chun tacú le daoine óga LGBTI +; eascraíonn an gníomh go príomha as na riachtanais a shainaithe na daoine óga iad féin agus earnáil na hóige sa phróiseas comhairliúcháin don Straitéis Náisiúnta Óige LGBTI +. Sainaitheann an t-athbhreithniú fosta go bhfuil tacaíocht do sheirbhísí óige tábhachtach do dhaoine óga le linn an phróisis a bhaineann le teacht amach.

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (LYCGS)

Dáileadh maoiniú i ndeontais bheaga fríd an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla 2020 ar chlubanna agus ar ghrúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha ar fud an chontae, ina raibh daoine óga agus ceannairí óige páirteach, ag tacú le réimse éagsúil clár agus gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla oideachais. Chuir an DCEDIY maoiniú aon uaire ar fáil chun an caiteachas a tabhaíodh mar gheall ar COVID 19 a fhritháireamh. Soláthraíodh Deontas TFC breise fosta chun tacú le hEagraíochtaí agus Clubanna Óige na costais a chlúdach a bhaineann le cláir a sheachadadh ar líne.

Scéim Maoinithe Caipitil Óige

Chuir an DCYA Maoiniú Caipitil Óige ar fáil do Sheirbhísí Óige spriocdhírthe faoi stiúir na Foirne chun trealamh a cheannach chun tacú le reáchtáil tionscadail/eagraíochta i soláthar seirbhísí ardchaighdeán do dhaoine óga.

Síocháin IV

Clár Saoránachta agus Ceannaireachta trí Obair Ógra i gcomhar le seirbhís Óige Dhún na nGall críochnaithe. D'éirigh leis an Tionscadal CLIC, nó Saoránacht agus Ceannaireacht i bPobail 120 duine óg ar fud Dhún na nGall a spreagadh in 2019 agus 2020, le páirt a ghlacadh i 'síocháin agus athmhuintearas', ag iniúchadh éagsúlachta agus féachaint ar chlár oiliúna Ealaíne, Drámaíochta, Feidhmíochta agus Creidiúnaithe chun seisiúin a sheachadadh ar bhealach sábháilte, spráíúil, oideachasúil agus idirghníomhach.

Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Dhún na nGall (CYPSC)

Is é cuspóir na gCoistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) torthaí níos fearr a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga trí chomhtháthú níos éifeachtaí ar na seirbhísí atá ann cheana agus idirghabhálacha ag leibhéal áitiúil. Déantar obair idirghníomhaireachta le, mar shampla, Eagraíochtaí Óige, Scoileanna, Cumasóige agus Comhairle na nÓg. Bhí baint ag an Oifigeach Óige le déanaí leis an Fhoghrúpa Rannpháirtíochta Óige a bhunú chun idirphlé leanúnach idir gníomhaireachtaí agus leanaí agus daoine óga a éascú. Is iad na cuspóirí ná próisis chumarsáide a chomhordú idir struchtúir rannpháirtíochta óige agus CYPSC Dhún na nGall agus meicníochtaí a fhorbairt chun go mbeadh ionchur acu i bpleanáil áiseanna óige, páirceanna, eastáit tithíochta srl.

Caighdeán Náisiúnta Cáilíochta le haghaidh Obair Ógra (NQSF)

Is uirlis tacaíochta agus forbartha don Earnáil Oibre Ógra an Creat Náisiúnta um Chaighdeán Cháilíochta (NQSF), rud a chuireann creat struchtúrtha ar fáil chun Obair Ógra a mheas agus a fheabhsú i gCo Dhún na nGall. Is é an aidhm atá leis obair ógra a mheas, cuidiú le hí a fhorbairt ar bhonn leanúnach, agus is meicníocht atá ann trínar féidir leis an earnáil óige a éifeachtúlacht a léiriú agus a cleachtas a fheabhsú.

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin

Buaicphointí 2020

Rinne Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin (OETC) an chuid is fearr de bhliain dheacair i rith 2020. Ghlac 140 grúpa éagsúil ó bhunscoileanna/iar-bhunscoileanna, an earnáil óige, ón phobal, ó chúrsaí oiliúna, ó FET/HET agus daoine fásta páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh i rith na bliana.

Buaicphointí 2020:

- D'fhreastail 21 Iar-Bhunscoil ar an Ionad in 2020. Ghlac 1,706 dalta agus 103 múinteoir páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh.
- Ghlac 291 duine óg agus 55 ceannaire ón earnáil óige/pobail páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh ag an Ionad in 2020.
- Ghlac 360 duine fásta páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh ag an Ionad in 2020.
- Chríochnaigh 7 dteagascóir faoi oiliúint cúrsa oiliúna 47 seachtain lánaimseartha ag cáiliú mar theagascóirí i gcadhcáil, surfáil, seoltóireacht agus bhain siad cáilíochtaí inniúlachta amach i sléibhteoireacht, i mbádóireacht agus i ngarchabhair. Thosaigh 10 teagascóirí úra faoi oiliúint ar an chúrsa oiliúna i ngníomhaíochtaí allamuigh i mí Mheán Fómhair a chríochnóidh i Meán Fómhair 2021.
- In 2020, d'athbhunaigh OETC Ghartáin a scoil seoltóireachta agus surfála ar an Trá Bheag sna Dúnaibh do mhí Iúil agus Lúnasa agus chuir muintir na háite agus lucht saoire fáilte mhór roimhe sin. Fuair 203 duine teagasc seachtaine sa scoil thar thréimhse seacht seachtaine.
- Bhí campaí eachtraíochta oideachais allamuigh sa tsamhradh lán go doras i mí Iúil agus Lúnasa agus ghlac 310 duine óg páirt i gcúrsaí seachtaine.



Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

Buaicphointí 2020

Ba mhór an bhliain í do Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall, ach sa deireadh bhí 2020 gnóthach agus dúshlánach ar chúiseanna gan choinne. Ba bhliain í inar oibrigh an DMEP, cosúil le ETB Dhún na nGall ina iomláine, go crua chun seirbhísí a choinneáil do mhic léinn agus do theaghlaigh a bhí i mbaol de bharr phaindéim COVID 19.

Caitheadh scáil ar an bhliain fosta nuair a chuaigh an tSiúr Concepta Murphy ar shlí na fírinne i mí Mheán Fómhair. Ba as Béal Átha Seanaidh í agus bhí ról mór aici i bhfás agus i bhforbairt an DMEP.

Chuir srianta na paindéime a tugadh isteach i mí an Mhárta deireadh le pleananna do bhliain an-ghnóthach don DMEP agus dá dheich dtaibhghrúpa. Le sampla amháin a thabhairt, b'éigean dóibh cúig cheolchoirm a bhí beartaithe do dhátaí go luath sa tsamhradh do Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall a chur ar ceal- malartú le Ceolfhoireann Óige Mhaigh Eo, ceolchoirmeacha i gCaisleán an Bharraigh agus i nDún na nGall; cuairt ar Árainn Mhór; ceolchoirm ag féile *Star Wars* i Málainn; agus an ceolchoirm thraidisiúnta ag deireadh na bliana in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn.

Bhí tuairim is 400 mac léinn ceoil ar fud Dhún na nGall páirteach i gclár teagaisc an DMEP arís in 2020. Mar a tharla le hoideachas i gcoitinne, ba é an teagasc a bhí ann ná meascán de 'aghaidh ar aghaidh' agus ar líne i rith na bliana. Bhí an DMEP, le comhoibriú na dteagascóirí, in ann méid suntasach teagaisc a bhogadh ar líne ó mhí an Mhárta go dtí deireadh na scoilbhliana i mí na Bealtaine. Cuireadh tús leis an teagasc 'aghaidh ar aghaidh' ó Mheán Fómhair go deireadh na bliana, agus bhí prótacail sláinte agus sábháilteachta iomlána i bhfeidhm. Bhí tacaíocht ó ETB Dhún na nGall ina iomláine, agus ó scoileanna agus ionaid, rithábachtach chun go dtarlódh sé sin.

Chuir srianta COVID 19 i mí an Mhárta deireadh le clár teagaisc gutha agus fliúite Sasanaí an DMEP do thart ar 500 dalta i mbunscoileanna. Mar sin féin chuidigh deontas uirlisí ceoil €5,000, le caoinchead na cuideachta árachais IPB agus *Music Generation*, le clár úr uailéilí a chruthú do bhunscoileanna. Bhí níos mó ná 200 'oilíunaí' uailéile i sé scoil faoi dheireadh na bliana.

Bogadh imeachtaí DMEP ar líne. Reáchtáladh trí cheolchoirm Nollag ar a laghad ar leathanach Facebook an DMEP Dé Luain, 21 Nollaig, agus uaslódáladh iad ar YouTube fosta-

- Amharcadh ar Cheolchoirm Nollag Mhic Léinn DMEP, ina raibh Cór Sóisearach Leitir Ceanainn agus mic léinn ó gach cearn de Dhún na nGall páirteach, tuairim is 2,000 uair.
- I gCeolchoirm Nollag DMEP bhí Cór Óige Dhún na nGall agus a lán ceoltóirí DMEP agus aoicheoltóirí, agus amharcadh air sin tuairim is 2,000 uair fosta.
- An cheolchoirm '*Abhaile go dtí an Baile Beag*' - an chéad léiriú físe de shraith cheolfhoirneach Manus Lunny '*Abhaile go dtí an Baile Beag*' ó 2016, le banna gairmiúil den scoth agus téaduirilís de chuid DMEP arna stiúradh ag Vincent Kennedy (Baile Átha Cliath). Amharcadh air sin níos mó ná 17,000 uair.

Ba é an rud ba rathúla den iomlán, maidir le haird ar líne agus as líne, an físeán a rinne Cór Óige Dhún na nGall (stiúrthóir - Sara Laughlin) den amhrán de chuid *Coldplay* '*Fix You*'. Amharcadh air sin níos mó ná 40,000 uair. Phioc ceann de na suíomhanna gréasáin is gnóthaí in Éirinn é, her.ie, agus bhain siad úsáid as agus mhol Daniel O'Donnell é ina cholún sa '*Sunday World*'. Bhí sé le feiceáil ar líne ag Féile Idirnáisiúnta na gCór a reáchtáladh i gCathair Dhoire.

I measc na n-imeachtaí a reáchtáil DMEP in 2020 bhí ceardlann ‘aghaidh ar aghaidh’ le Vanessa Sweeney (Baile Átha Cliath) i mí Feabhra. I rith an tsamhraidh d’óstáil teagascóir DMEP Áine Doolan ceardlanna ar líne do lucht ucaileile, idir shóisearach agus sinsearach, thar shé seachtaine.

Cuireadh deireadh le 2020 leis an seans go bhfillfí ar an dianghlasáil agus ar theagasc ar líne. Mar sin féin, ba léir ón mhéid a tharla sa bhliain go raibh teacht aniar sa tionscadal, go raibh sé ábalta dul in oiriúint do chúrsaí. Chuidigh an treoir ó choiste comhairleach leathnaithe go mór leis; tacaíocht an ETB ina iomláine agus go háirithe an Stiúrthóir Scoileanna, an Dr Martin Gormley; tiomantas teagascóirí; agus comhoibriú agus spéis na mac léinn ceoil agus a dteaghlaigh. Ní mór aitheantas speisialta a thabhairt do bhaill foirne lánaimseartha John McIvor, riarthóir, a raibh a oifig bhaile mar mhol DMEP, agus Orsolya Szabo-Yélamó, teagascóir acmhainne veidhlín.



Donegal choir Fix You

Like Comment Share

her Her.ie

628 79 comments 158 shares

32K views · on Saturday ·

Donegal Youth Choir have recorded an incredible social distancing version of Coldplay's Fix You.

An absolutely stellar performance 🌟

Chat (109)

Corparáideach

COVID 19

Bhí tionchar mór ag tús COVID 19 i Márta 2020 agus na srianta a cuireadh ar an tsochaí de réir threoiríní an rialtais agus lucht sláinte poiblí ar oibríochtaí beagnach gach eagraíochta, agus ní haon eisceacht é ETB Dhún na nGall.

Chuir an phaindéim go leor dúshlán os ár gcomhair, ina measc:

- Sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne agus na mac léinn / úsáideoirí seirbhíse uilig a chinntiú
- An gá le modhanna seachadta teagaisc a oiriúnú go práinneach
- Uasoiliúint foirne chun cianfhoghlaim a éascú níos fearr
- Acmhainní breise a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn le cianseachadadh ár gcuid seirbhísí a chumasú
- Tacaíochtaí a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn le cuidiú leo déileáil le héilimh úra
- Oibríochtaí laethúla a choinneáil i réimsí mar Airgeadas, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha.

Thug ETB Dhún na nGall freagra tapa ar na dúshlán a bhaineann leis an phaindéim. Cuireadh Foireann Freagartha COVID 19 le chéile agus cuireadh Pleananna Leanúnachais Gnó i bhfeidhm chun leanúnachas seachadadh seirbhíse a chinntiú ar bhealach a chosain sláinte agus sábháilteacht na foirne agus na mac léinn de réir na dtreoiríní sláinte poiblí, agus a chinntigh go gcoinneofaí bealaí cumarsáide ar fud na heagraíochta.

Mar chuid den Phlean Freagartha Sábháilteachta san Ionad Oibre tháinig Foireann Freagartha COVID 19 le chéile ar bhonn leanúnach le linn an phróisis chun an plan a chur i bhfeidhm. Bhí an Fóram Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí Sinsearacha FET mar pháirt den Fhoireann Freagartha. D'ainmnigh gach scoil, ionad agus oifig riaracháin Príomhionadaí Oibríthe le hoibriú i gcomhar lena chéile le cuidiú le bearta a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis na bearta chun scaipeadh COVID 19 a chosc ina n-ionad oibre. Cuireadh oiliúint ar fáil do gach Príomhionadaí Oibríthe agus ina theannta sin cuireadh oiliúint ionductaithe ar líne ar fáil do gach ball foirne.

Cuireadh treoiríní náisiúnta ar COVID 19 ar fáil ar an idirlíon agus ar an inlíon araon. Úsáideadh fillteán folláine na foirne leis an eolas is deanaí a thabhairt do bhaill foirne maidir leis an dóigh le teacht ar réimsí tacaíochtaí COVID 19 dá meabhairshláinte agus dá bhfolláine. Bhí ar gach ball foirne cloí leis an Phrótocal um Obair go Sábháilte agus ina theannta sin an Fhoirm um Fhilleadh ar Obair a chomhlánú nuair a d'fhill siad ar a n-ionaid oibre.

Chuir muid seicliostaí COVID 19 de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) in oiriúint le hullmhú le haghaidh fillleadh iomlán ar an obair agus bhí ar gach Scoil/Ionad athbhreithniú a dhéanamh orthu agus cloí leo. Tugadh comhairle don fhoireann coinneáil suas chun dáta le treoiríní náisiúnta ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta mar go raibh faisnéis agus treoiríní á nuashonrú ar bhonn leanúnach.

Rinne cpmhlacht Sláinte agus Sábháilteachta seachfhoinsithe Measúnuithe Riosca i ngach Scoil/Ionad a chuidigh le measúnú a dhéanamh ar na leibhéil riosca a bhaineann le gach ionad oibre agus gníomhaíochtaí oibre don fhoireann, do mhic léinn, do sholáthraithe agus do chonraitheoirí. Tionscnaíodh taifid rianaithe teagmhála chun na húdaráis sláinte poiblí a chur ar an

eolas faoi dhlúth-theagmhálacha. Ceannaíodh trealamh TCP/PPE agus rinneadh spásanna oibre a oiriúnú le cloí le treoirlínte an rialtais.

Aithníonn muid go ndearna cuid mhaith dár mbaill foirne i bhfad níos mó ná mar a bhí de dhualgas orthu a dhéanamh agus muid ag freagairt do na dúshláin a bhí romhainn. Tá muid buíoch díobh as seachadadh seirbhíse a choinneáil agus as ár gcáil mar eagraíocht a fheabhsú le linn na bliana, bliain a bhí an-dúshlánach ar fad.

Sna blianta atá le teacht b'fhéidir go léireoidh muid gur bliain chiniúnach í 2020 ar go leor bealaí. B'éigean dúinn glacadh le roinnt mhaith athruithe; bhí muid sásta le cuid acu agus míshásta le cuid eile. Níl aon amhras ach go raibh cumha ar roinnt mhaith daoine i ndiaidh an chairdis agus na hidirghníomhaíochta sóisialta a bhaineann le bheith in ann bualadh go pearsanta le cairde agus le comhghleacaithe. Bhí sé deacair do roinnt mhaith acu an ceann is fearr a fháil na hathruithe a tharla de bharr na paindéime. Chuir muid folláine na foirne san áireamh ó thosaigh an phaindéim.

Ar an láimh eile, d'fhoghlaim go leor daoine scileanna úra, agus bhí cuid eile ábalta ag dúshláin ar bhealaí nár shamhlaigh siad riamh go mbeadh siad. Chuir sé iallach orainn athsmaoineamh, machnamh, athfhócasú agus athshamhlú a dhéanamh ar an oiread sin gnéithe dár gcuid oibre agus dár saol. Cuireadh iallach orainn glacadh le bealaí úra oibre, foghlama agus sóisialaithe, agus beidh tionchar ag go leor de na hathruithe sin orainn go ceann i bhfad.

Tá ETB Dhún na nGall thar a bheith bródúil as an dóigh a ndeachaigh ár bhfoireann agus ár mic léinn i dtaithe ar na dúshláin a bhí le sárú i rith 2020. Tugann ár bhfreagra mar eagraíocht muinín mór dúinn agus muid ag amharc ar an am atá le teacht.

Seirbhísí Corparáideacha

Tacaíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha leis an eagraíocht sna réimsí seo a leanas: -

Oibríochtaí Bhord ETB Dhún na nGall

Rialachas Corparáideach

Bainistíocht Riosca

Soláthar

Bainistíocht Eastát

Bainistíocht Fuinnimh

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair (lena n-áirítear COVID 19)

Bainistíocht Sonraí lena n-áirítear Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

Cumarsáid

Scéim Gaeilge (Acht na dTeangacha Oifigiúla)

Seirbhís do Chustaiméirí

Rannóg Soláthair

Tá Rannóg Soláthair láraithe á reáchtáil ag ETB Dhún na nGall ó 2013. Áirítear le cuspóirí an ailt seo a chinntiú go gcomhlíontar soláthar le treoirlínte náisiúnta agus AE mar aon le Beartas Soláthair ETB Dhún na nGall. Baintear é sin amach trí chonarthaí a thairiscint agus a bhronnadh ar sholáthraithe chun earraí, seirbhísí agus oibreacha ar ardchaighdeán a sheachadadh de réir na reachtaíochta agus na rialachán. Tá an rannóg soláthair ag obair i dtreo leibhéil chomhlíonta a mhéadú agus luach ar airgead a bhaint amach ag an am céanna. Cuid thábhachtach de sheachadadh ár seirbhíse laistigh de ETB Dhún na nGall is ea teagmháil le FBManna.

D'fhorbair an Rannóg Soláthair Plean Soláthair Chorparáidigh mar a éilítear faoin Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna (CL 0002/2019). Cuideoidh an plean sin le riachtanais soláthair na heagraíochta a thuar agus sa dóigh sin an Rannóg a ailíniú le haidhmeanna agus cuspóirí eagraíochtúla foriomlána na heagraíochta trí chonarthaí agus



creataí atá oiriúnach don fheidhm a thairgeann luach ar airgead. Ina theannta sin cuirtear Plean Soláthair Ilbhliantúil rollach trí bliana nó “MAPP” le chéile, rud a thacaíonn leis an Phlean Soláthair Chorpáraidigh. Tabharfaidh an miondealú mionsonraithe ar chaiteachas eagraíochta laistigh den MAPP léargas ar straitéisí soláthair leanúnacha agus roinnfear é fosta le ETBI a sholáthróidh anailís earnála ar chaiteachais ar fud na ETBanna don Oifig um Sholáthar Rialtais fríd an tSeirbhís Soláthair Oideachais. Dá bhrí sin, éascaíonn sé sin pleanáil straitéiseach soláthair ar leibhéal náisiúnta agus mar thoradh air sin beidh conarthaí agus creataí níos oiriúnaí don fheidhm ar fáil le húsáid ag ETBanna aonair agus ag comhlachtaí poiblí eile.

Tá seoladh ríomhphoist ar leith ag an Rannóg Soláthair a thacaíonn le custaiméirí seachtracha agus inmheánacha. Laistigh den eagraíocht áiríonn sé sin Scoileanna, Ionaid agus foireann riaracháin agus cinntíonn an tacaíocht a sholáthraíonn an rannóg go bhfuil pointe teagmhála ag gach ball foirne chun aon cheisteanna a chur nó treoir a lorg a chruthaíonn éifeachtúlachtaí ar fud na heagraíochta ina dhiaidh sin.

Tacaíonn ETBI le comhoibriú leanúnach na Rannóg Soláthair ar fud na ETBanna go léir; tagann siad le chéile ceithre huair sa bhliain ar an mheán. Is é aidhm an chomhoibrithe seo leas a bhaint as an saineolas laistigh den earnáil, sainoilíúint a chur ar fáil a oireann do riachtanais na ETBanna agus deiseanna comhoibrithe den chineál sin a chruthú agus a fhorbairt le cúnamh ó ghrúpaí oibre ón earnáil chun éifeachtúlachtaí, saineolas agus an cleachtas is fearr i soláthar a fhorbairt. D'éirigh go han-mhaith leis seo do gach ETB.

Cuireann ETB Dhún na nGall Prionsabail an tSoláthair Phoiblí i bhfeidhm mar a leanas i gcónaí: -

- **Trédhearcacht:** Tá gach gníomhaíocht soláthair oscailte agus trédhearcach agus soláthraítear an fhaisnéis riachtanach do chách. Fógraítear cuspóirí agus cinntí soláthair go poiblí de réir mar is cuí.
- **Caitheamh go cothrom le gach duine agus Neamh-Idirdhealú:** Baineann na rialacha céanna le gach duine a bhfuil cearta rochtana comhionanna acu. Déanfar cinntí bunaithe ar oibiachtúlacht agus ar chothroime.
- **Comhréireacht:** Caithfidh gach tomhas a úsáidtear a bheith riachtanach agus iomchuí maidir leis an chuspóir .i. Conradh a bhronnadh. Níl aon choinníollacha, critéir ná rialacha iomarcacha ná díréireacha le cur i bhfeidhm.
- **Comhaitheantas:** Tabharfar bailíocht chomhionann do cháilíochtaí/chaighdeáin is infheidhme i mBallstáit eile an AE.

Bainistíocht Eastát an Chláir Forbartha Caipitil

In 2020 chuir Rannóg na bhFoirgneamh réimse seirbhísí ar fáil chun tacú le gnéithe fisiciúla scoileanna, ionad agus oifigí riaracháin faoina sainchúram. Rinneadh réimse leathan tionscadal in 2020 mar a thaispeántar thíos. Chun rath na dtionscadal go léir a chinntiú, bhí dlúthchomhar idir Rannóg na bhFoirgneamh agus príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Roinn Oideachais, SOLAS, Príomhoidí Scoile, Bainisteoirí Ionaid, Lucht Bainistíochta Sinsearaí laistigh de ETB Dhún na nGall agus gairmithe laistigh den tionscal tógála gan ach cúpla ceann a ainmniú.

Láthair	Oibreacha
Coláiste Ghleann na Finne	Foireann Dearaidh Ceaptha ASA - 3 x Seomra Ranga RSO
Coláiste na Maoile Rua	Foireann Dearaidh Ceaptha ASA - 1 x Seomra Ranga Ginearálta, 2 x Seomra Ranga RSO, 3 x Seomra Ranga SET
Coláiste na Carraige	Comhairleoir Ceaptha (Ailtire) ASA - 1 x Seomra Ranga Ilmheán, 1 x Seomra Ranga Ceoil, 1 x Seomra Ranga Miotalóireachta, 1 x Seomra Ranga Teicstílí agus Seomra Coimhdeach
Coláiste Cranncha	Comhairleoir Ceaptha (Ailtire) SMW - Athchóiriú na Saotharlainne, Póirse agus síneadh ar an Seomra Foirne
Gairmscoil Chú Uladh	Comhairleoir Ceaptha (Ailtire) SMW - 1 x Seomra Ranga Ceoil, 1 x Seomra Ranga Teicstílí, 1 x Seomra Ranga Innealtóireachta agus Seomra Coimhdeach (in áit seomraí ranga réamhdhéanta)
Gairmscoil Mhic Dhiarmada	Comhairleoir Ceaptha (Ailtire) SMW - 1 x Seomra Ranga Ealaíne, 1 Seomra Ranga Ginearálta, 2 x WC
Coláiste Mhagh Éne	SWS - Córas Teasa Spáis - Giomnáisiam
Coláiste Cranncha	Córais Sábháilteachta Beatha SWS - Soilse Éigeandála agus Córas Aláram Dóiteáin a Shuiteáil
Coláiste na Daoile	Córais Sábháilteachta Beatha SWS - Soilse Éigeandála agus Córas Aláram Dóiteáin a Shuiteáil
Coláiste na Carraige	Córais Sábháilteachta Beatha SWS - Soilse Éigeandála agus Córas Aláram Dóiteáin a Shuiteáil
Ionad FET, Baile na nGallóglach	Carrchlós - Spásanna Breise
Ionad FET, Gleann Gad (Cumasóige)	Iarfheistiú Ionaid
Ionad FET, Bun Cranncha	Athchumrú na Seomraí Ranga
Ionad FET, Srath an Urláir	Tionscadal Dín

ASA - Cóiríocht Bhreise Scoile
SWS - Scéim na nOibreacha Samhraidh
EWG - Deontas Oibreacha Éigeandála
SMW - Mionoibreacha Beaga

Nochtuithe Cosanta

De réir fhorálacha an *Achta um Nochtadh Cosanta 2014*, tá oifigeach ainmnithe ag ETB Dhún na nGall chun nochtuithe cosanta a fháil. De réir mar a cheanglaítear le hAlt 22 den Acht, dearbhaíonn ETB Dhún na nGall nach ndearnadh aon Nochtadh Cosanta in 2020 agus foilsíodh tuarascáil ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall ag léiriú é sin.

Saoráil Faisnéise -

Tháinig an *tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014* i bhfeidhm do ETB Dhún na nGall ar an 14 Aibreán 2015. Tugann an *tAcht* an ceart do dhaoine rochtain a fháil ar thaifid phearsanta agus neamhphearsanta, taifid mhíchearta nó mhíthreoracha a leasú nó a scriosadh agus cúiseanna a lorg le cinntí a dhéantar a théann i bhfeidhm air/uirthi. Tugadh an *tAcht* sin isteach chun oscailteacht a mhéadú agus cuntasacht a fheabhsú.

Déantar iarratais trí ríomhphost a sheoladh chuig foi@donegaletb.ie. Le linn 2020, fuair ETB Dhún na nGall 18 n-iarratas faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise* a bhfuil cur síos orthu thíos. Foilsítear *Taifead na Nochtuithe FOI* ar bhonn bliantúil ar an suíomh gréasáin faoi *Foilseacháin agus Acmhainní*.

Iarratais Saorála Faisnéise 2020

Iarratais (líon na n-iarratas)	Catagóir (iriseoir srl)	Stádas (ceadaithe/diúltaithe)
9	Iriseoir	Ceadaithe
1	Iriseoir	Páirtcheadaithe
1	Iriseoir	Diúltaithe
1	Eile	Ceadaithe
1	Eile	Páirtcheadaithe
1	Cliant	Ceadaithe
3	Grúpa Gnó/Leasa	Ceadaithe
1	Oireachtas	Ceadaithe

Cosaint Sonraí

Neartaíodh an réimse um Chosaint Sonraí trí thabhairt isteach an *Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí* (GDPR) atá fós leabaithe san eagraíocht. Próiseálann ETB Dhún na nGall sonraí pearsanta ar réimse daoine is ábhar do na sonraí agus tá sé tiomanta do chearta daoine aonair a bhaineann le stóráil agus próiseáil sonraí pearsanta a chosaint. Déantar na sonraí sin a phróiseáil le feidhm ghnó na heagraíochta a chomhlíonadh agus chun cloí le riachtanais reachtúla agus tacaíonn an liosta neamh-uileghabhálach seo leis: - Polasaí Cosanta Sonraí, Beartas CCTV, Polasaí Bainistíochta Taifead, Fógraí Príobháideachais, Sceideal Coinneála Taifead, *Prótacal maidir le Sárú ar Shonraí*; foilsíodh iad uilig ar an suíomh gréasáin. Feidhmíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí mar phointe teagmhála do gach ceist maidir le príobháideachas sonraí de réir rialachán agus polasaithe.

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Tugadh an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 isteach chun soláthar breise a dhéanamh do shábháilteacht, do shláinte agus do leas daoine ag an obair. Déanann an tAcht sin freagrachtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe éagsúla eile a shoiléiriú agus a fheabhsú maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair. Sonraíonn an tAcht fosta ról agus feidhmeanna an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta; déantar foráil ann do réimse beart forfheidhmithe is féidir a chur i bhfeidhm agus sonraítear ann pionóis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar gheall ar shárú rialachán sábháilteachta agus sláinte ceirde.

Leanann ETB Dhún na nGall ag obair chun a chinntiú go gcuirtear ionad oibre sábháilte agus sláintiúil ar fáil do gach ball foirne de chuid ETB Dhún na nGall. Tá muid ag leanúint le sceideal oiliúna a chur ar fáil ar fud na heagraíochta.

Bhunaigh an Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa Grúpa Oibre ar a raibh baill foirne Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ó gach cuid den eagraíocht. Is é ról an ghrúpa oibre cuidiú leis an treo straitéiseach agus treoir a sholáthar nuair is gá do thionscadail shonracha a shainiú an grúpa.

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Uaslódáiltear na polasaithe agus na nósanna imeachta éagsúla atá i bhfeidhm in ETB Dhún na nGall ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall agus scaiptear iad ar Bhord, ar lucht bainistíochta agus ar fhoireann an ETB.

Tá polasaithe i bhfeidhm ag ETB Dhún na nGall a thugann aghaidh ar na mór-réimsí seo a leanas:

Seirbhísí Corparáideacha - Comhlíonadh agus Rialachas - Polasaí Frithchialaoise agus Frith-Éillithe
Seirbhísí Corparáideacha - Comhlíonadh agus Rialachas - Polasaí Nochtuithe Cosanta
Seirbhísí Corparáideacha - Comhlíonadh agus Rialachas - Polasaí Bainistithe Riosca
Seirbhísí Corparáideacha - Polasaí Soláthair
Seirbhísí Corparáideacha - Polasaí Cosanta Sonraí
Seirbhísí Corparáideacha - Cosaint Sonraí - Polasaí CCTV
Seirbhísí Corparáideacha - Cosaint Sonraí - Prótacal maidir le Sárú ar Shonraí
Seirbhísí Corparáideacha - Cosaint Sonraí - Polasaí maidir le Rochtain ar Thaifid

Acmhainní Daonna - Polasaí maidir le Saoire Bhliantúil
Acmhainní Daonna - Polasaí maidir le Bulaíocht a Chosc
Acmhainní Daonna - Polasaí maidir le Daoine atá ag Fágáil
Acmhainní Daonna - Polasaí maidir le Ciapadh a Chosc
Acmhainní Daonna - Polasaí Grinnfhiosrúcháin - Foireann, Oibrithe Deonacha, Mic Léinn agus Conraitheoirí

Airgeadas - Polasaí maidir le Fáilteachas agus Bronntanais

TFC - Polasaí maidir le Gléasanna Soghluaiste a Úsáid
TFC - Polasaí maidir leis na Meáin Shóisialta a Úsáid

Coistí

An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca

Ballraíocht ARC

1. Kevin Huston, Cathaoirleach (ball seachtrach)
2. An tUasal David Alcorn (ball seachtrach)
3. An tUasal Gabriel O'Donnell (ball seachtrach)
4. An tUasal Andrew McGovern (ball seachtrach)
5. Kathleen Bonner Uasal (ball seachtrach)
6. Lorraine Thompson
7. An Clr Michael McBride
8. An tUasal Gerard Grant

Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Measúnú Riosca in 2020:

Comhalta	4 Feabhra 2020	24 Márta 2020	20 Deireadh Fómhair 2020	15 Nollaig 2020
An tUasal Kevin Huston (Cathaoirleach)	•	•	•	•
An tUasal Gabriel O'Donnell	•	•	•	•
Kathleen Bonner	•	•	•	•
An tUasal Andy McGovern	•	•	•	•
An tUasal David Alcorn	•			•
An Clr Michael McBride	•	•	•	•
Lorraine Thompson	•	•	•	•
An tUasal Gerard Grant		•	•	•

Coiste Airgeadais

Ballraíocht an Choiste Airgeadais

1. An tUasal Patsy McVicar, Cathaoirleach
2. An tUasal Conall Dunne (comhalta seachtrach)
3. Mary Doogan (comhalta seachtrach)
4. An tUasal Seamus Bradley (comhalta seachtrach)
5. Regina Grant
6. An Clr Gary Doherty
7. An Clr Martin Harley

Taifead ar Thinreamh na gComhaltaí agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais in 2020:

	10 Feabhra 2020	24 Márta 2020 (comhchruinniú)	17 Samhain 2020	9 Nollaig 2020 –
An tUasal Patsy McVicar	•	•	•	•
An tUasal Conall Dunne	•	•	•	
Mary Doogan	•	•	•	•
An tUasal Seamus Bradley	•		•	•
Regina Grant	•	•	•	•
An Clr Gary Doherty		•	•	•
An Clr Martin Harley		•	•	•

Coiste Oibre Ógra ETB Dhún na nGall

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Choiste Oibre Ógra an ETB agus Téarmaí Tagartha úra a chur le chéile, reáchtáladh an chéad chruinniú de Choiste Oibre Ógra ETB Dhún na nGall Dé Céadaoin, 14 Deireadh Fómhair 2020 trí *Google Meet*, agus beidh cruinniú eile ar siúl ar an 15 Nollaig 2020.

	14 Deireadh Fómhair 2020	15 Nollaig 2020
Geoffrey Browne	•	•
An Clr Donal Coyle	•	•
Lorraine Thompson	•	•
Claire Gavigan	•	•
Grainne McGlynn	•	•
Frank Duffy	•	•
Martin Keeney	•	•
Elaine Ní Fhíorlainn	•	•
Seamus McGonigle		•
Siobhan McLaughlin		
Gina Grant		•
Kevin Ferguson	•	•



Giorrúcháin

Tuismitheoir - tagraíonn sé do thuismitheoir nó do chaomhnóir
Mac Léinn - tagraíonn sé do mhac léinn

ASD	Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais
AFS	Ráitis Airgeadais Bhliantúla
ARC	Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca
ASIST	Scileanna Feidhmeacha Idirghabhála i dtaca le Féinmharú
BTEI	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
BOM	Bord Bainistíochta
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CAT	Uirlis Measúnaithe Comhlíonta
CE	Príomhfheidhmeannach
CL	Ciorclán
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPSI	Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí
CSL	Ionad Ceannaireachta Scoile
CYPSC	Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga
DBN	Líonra Gnó Dhún na nGall
DDLDP	Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
DEASP	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta
DEOS	Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
DE	An Roinn Oideachais
DLDC	Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall
DCA	Teagmhálaí Ainmnithe
DMEP	Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall
ESBS	Seirbhísí Comhroinnte Oideachais
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
ETBI	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
RGCS/GDPR	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
AD/HR	Acmhainní Daonna
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IAU	Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
IDA	An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
IDP	Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain
IGC	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
ILM	An Institiúid um Cheannaireacht agus Bainistíocht
IPB	Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.
JCSP	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
JCT	Oiliúint maidir leis Teastas Sóisearach
LCA	Ardeistiméireacht Fheidhmeach
LCVP	Gairmchlár na hArdeistiméireachta
LDS	Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna
OFÁ/LEO	Oifig Fiontair Áitiúil
LGBTI +	Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach +
LYIT	Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Aguisín I - Liosta Scoileanna, Ionaid Cumasóige agus Eagraíochtaí Oibre Ógra atá bainteach leis an Tionscadal Cleachtas Aisiríoch (féach Tosaíocht 2)

Scoileanna ETB:

1. Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall
2. Coláiste Cranncha, Bun Cranncha
3. Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth
4. Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn
5. Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir
6. Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir
7. Coláiste Pobail Bhun an Phobail
8. Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach
9. Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga

Scoileanna Neamh-ETB:

10. Scoil Phobail Loreto, Baile na nGallóglach
11. Scoil Chuimsitheach Ríoga agus Prior, Ráth Bhoth
12. Scoil Mhuire, Bun Cranncha
13. Coláiste Adhamhnáin, Leitir Ceanainn

Ionaid Cumasóige

14. Béal Átha Seanaidh
15. Bun Cranncha / Gleann Gad
16. Gort an Choirce
17. Leitir Ceanainn
18. Leifear

Eagraíocht Oibre Ógra:

19. Foróige

Aguisín II - Liosta de na hailt fógraíochta a foilsíodh sa *Donegal Daily* sa bhliain 2020 don tseirbhís FET (féach Tosaíocht 12)

1. <https://www.donegaldaily.com/2020/03/08/women-steeled-for-success-in-welding/>
2. <https://www.donegaldaily.com/2020/04/03/how-anthonys-job-prospects-grew-in-the-field-of-horticulture/>
3. <https://www.donegaldaily.com/2020/05/05/message-in-a-news-bulletin-leads-donegal-woman-back-to-employment/>
4. <https://www.donegaldaily.com/2020/06/02/post-leaving-cert-courses-open-doors-for-donegal-students/>
5. <https://www.donegaldaily.com/2020/07/01/irene-joins-community-with-confidence-with-guidance-from-donegal-etb/>
6. <https://www.donegaldaily.com/2020/08/04/how-it-courses-helped-tiffany-and-megan-click-onto-new-skills/>
7. <https://www.donegaldaily.com/2020/09/01/donegal-man-adds-to-his-achievements-with-accounting-at-donegal-etb/>
8. <https://www.donegaldaily.com/2020/10/06/jasmine-crafts-a-career-with-youthreach/>
9. <https://www.donegaldaily.com/2020/11/09/an-apprenticeship-can-navigate-you-towards-a-dream-job/>



Aguisín III - Liosta d'ailt faisnéise de chuid na Seirbhíse Treorach d'Aosaigh a foilsíodh ar líne (féach Tosaíocht 12)

1. <https://www.donegaldaily.com/2020/04/01/career-support-for-adults-during-COVID-19-online-learning/>
2. <https://www.donegaldaily.com/2020/04/08/career-support-for-adults-during-COVID-19-building-your-skills-profile-transversal-skills/>
3. <https://www.donegaldaily.com/2020/04/15/career-support-adults-during-COVID-19-understanding-yourself-and-career-matching/>
4. <https://www.donegaldaily.com/2020/04/22/career-support-for-adults-during-COVID-19-finding-jobs-in-uncertain-times/>



EUROPEAN UNION

**Investing in your future
European Social Fund**



**Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020**

**Co-funded by the Irish Government
and the European Union**



etb

**Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and
Training Board**



**Rialtas na hÉireann
Government of Ireland**

Tá Lítearthacht d'Aosaigh, an Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI), oiliúint i saincileanna agus cúrsaí oiliúna cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.

Tá Cumasóige á chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann, ag Ciste Sóisialta na hEorpa agus ag an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.